



Tuarascáil
Bhlíantúil
& Ráitis Airgeadais
2017







Tuarascáil Bhliantúil **2017**

Clár na nÁbhar

Réamhrá leis an gCathaoirleach	4
Forbhreathnú an Phríomhfheidhmeannaigh	5
Príomhfhorbairtí agus na Príomhéachtaí 2017	7
01 Seirbhísí bus agus iarnróid a sheachadadh	10
Seirbhísí Bus agus Iarnróid ar Conradh	11
Seirbhísí Bus Ceadúnaithe	21
Athbhreithniú ar an Iarnród	23
Local Link	23
Taighde faoi Shásamh Custaiméirí	25
02 An t-eispéireas taistil a fheabhsú	26
Transport for Ireland	27
Margaíocht TFI agus Gníomhaíochtaí Teagmhála Eile le Custaiméirí	27
Aipeanna	28
Na Meáin Shóisialta	29
Suíomhanna Gréasáin	29
Cártaí Leap	30
Éabhlóid Scéim na gCártaí Leap	30
Eolas Fíor-Ama do Phaisinéirí	31
Córas Bainistíochta an Bhonneagar Iompair Phoiblí	31
Eolas faoi Iompar Poiblí	32
Tionscadal na Cathrach Oscailte	32
03 Pleananna straitéiseacha a chur i bhfeidhm don todhchaí	33
Straitéis Iompair do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath 2016 - 2035	34
Pleanáil ag Leibhéal Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil	34
Pleanáil Iompair – Mórchearntar Bhaile Átha Cliath	34
Pleanáil Iompair – Ceantair Eile	36
Samhlacha Iompair Réigiúnaigh	38
04 Tacaíocht a thabhairt do dhaoine taisteal inbhuanaithe a roghnú	39
Cláir Taisteal Níos Cliste	40
Clár Taistil na Scoileanna Glasa	41

05 An Bonneagar a Uasghrádú	42
Infheistíocht Chaipitil	43
Clár Caipitil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath	44
An Clár Iompair Inbhuanaithe i gCathracha sna Réigiúin	49
An Clár um Inrochtaineacht ar Iompar Poiblí	50
Scéimeanna Rothar Poiblí	52
06 Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí	53
Intreoir	54
Táillí	54
Staitisticí	54
Ceadúnú Tiománaithe	54
Ceadúnú Feithiclí	55
Scéim Deontais um Fheithiclí Leictreacha	56
Gníomhaíocht Comhlíontachta	56
Gearáin ó Thomhaltóirí	57
Ionad Seirbhíse	57
07 Clampáil Feithiclí	58
Intreoir	59
Rialacháin	59
Achomhairc agus Gearáin	59
08 Ceisteanna Ginearálta Corparáideacha	61
Eolas faoin mBord	62
Ráiteas Straitéise	62
Nochtuithe Cosanta	62
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)	62
An Ghaeilge	63
Teagmháil leis an Oireachtas	63
Saoráil Faisnéise	63
09 Ról an Údaráis Náisiúnta Iompair	64
Feidhmeanna Reachtúla	65
Feidhmeanna eile	66
Rialú	66
Eolas ar na Comhaltaí Boird	67
Ráitis Airgeadais	71

Réamhrá leis an gCathaoirleach

Is réamhrá gonta a bheidh agam ar Thuarascáil Bhliantúil 2017 an Údaráis Náisiúnta Iompair mar níor ceapadh go foirmiúil mé i mo Chathaoirleach go dtí go raibh sé ag druidim le deireadh na bliana.

Mar sin féin, is mian liom ronint forbairtí suntasacha a thit amach sa tréimhse sin mo cheapadh agus deireadh na bliana a lua.



Sa chéad dul síos, bhí lúcháir orm freastal, i mo ról mar Chathaoirleach, ar sheoladh Luas Traschathrach ag an Taoiseach i gcomhar leis an Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Ba chóir go mbeadh gach duine a bhí páirteach i bpleanáil, i bhforbairt agus i seachadadh an tionscadail iontach sásta le toradh a gcuid oibre.

Is eiseamláir é Luas de na seirbhísí iompair phoiblí ardcháilíochta is mian leis an Údarás a fhorbairt sna blianta atá romhainn. Cé gur tionscadal tábhachtach é cur i gcrích Luas Traschathrach, níl i gceist leis i ndáiríre ach gné amháin den chlár iompair phoiblí atá leagtha amach i Straitéis an Údaráis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá fás ag teacht gan stad ar dhaonra Bhaile Átha Cliath agus an cheantar máguaird agus mar gheall air sin, caithfear tuilleadh líonraí bus agus iarnróid ardcháilíochta a bheidh comhtháite i gceart a chur ar fáil le freastal ar an éileamh méadaithe ar sheirbhísí iompair. Cé nach mbeidh an t-aistriú go córas iompair phoiblí nua-aimseartha den chineál atá ar fáil in áiteanna eile san Eoraip furasta, ní mór an t-aistriú a dhéanamh chomh gasta agus is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil chun go mbeifear in ann déileáil leis an bhfás leanúnach sa phríomhchathair agus infheistíocht agus jabanna a mhealladh ann freisin.

Sa dara dul síos, bhí mé i láthair don chuid deiridh den phróiseas chun Ráiteas Straitéise an Údaráis a chur i gcrích. Tuigim gur chuir na bainisteoirí, an fhoireann agus comhaltaí an Bhoird obair mhór, mionshonraithe isteach i rith na bliana chun an cháipéis thábhachtach seo a ullmhú. Beidh an Ráiteas Straitéise mar threoir agus muid i mbun oibre sna cúig bliana atá romhainn agus beidh sé mar shlat tomhais lenár féidir ár bhfeidhmíocht a mheas.

Ba mhaith liom, ar son an Bhoird, aitheantas a thabhairt do Fiona Ross a d'fheidhmigh mar chathaoirleach ar chruinnithe an Bhoird sa tréimhse sin nach raibh cathaoirleach ceaptha ann.

Mar fhocal scoir, is mian liom brón an Bhoird ar bhás Linda Saunders a chur in iúl. Bhí Linda ina comhalta Boid ón uair a bunaíodh an tÚdarás go mall in 2009. Tuigtear dom ó a bheith ag caint le mo chomhghleacaithe ar an mBord gur chomhalta dúthrachtach, díograiseach í a chuir go mór le hobair an Údaráis, go háirithe ina ról mar chathaoirleach ar an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Suaimhneas síoraí ar a hanam.

Fred Barry, An Cathaoirleach

Meitheamh 2018

Forbhreathnú an Phríomhfheidhmeannaigh

Bliain shuntasach í 2017 ar chúiseanna éagsúla.

Ba chloch mhíle mhór é cur i gcrích thionscadal Luas Traschathrach. Le Luas Traschathrach, tá nasc anois ann idir Líne Dhearg Luas agus Líne Ghlas Luas, rud a chuireann go suntasach le comhtháthú an chóras iompair phoiblí, go háirithe i mBaile Átha Cliath thuaidh.

Is é Luas Traschathrach an chéad mhórtionscadal bonneagar iompair phoiblí atá maoirsithe ag an Údarás. Cuireadh i bhfeidhm go rathúil é i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann. Bhí páirt mhór ag an Údarás maidir le caidreamh a fhorbairt agus a bhainistiú le páirtithe leasmhara suite feadh bhealach Luas Traschathrach, a théann trí cheantair lárnacha ghnó agus shiopadóireachta na cathrach, lena chinntiú go raibh tuiscint cheart ann ar a riachtanais agus ar na rudaí ag bhí ag déanamh imní dóibh. Níorbh mhór a chinneadh chomh maith gur cuireadh réitigh fhóirsteanacha i bhfeidhm nuair a tháinig fadhbanna chun cinn. Is fiú ardchaighdeán na n-oibreacha athchuir a rinneadh feadh an bhealaigh a lua go sonrach.



Bhronn an tÚdarás conarthaí nua chun seirbhísí bus a oibriú le fóirdheontas i mBaile Átha Cliath agus i bPort Láirge do Go-Ahead agus do Bhus Éireann i ndiaidh próisis phoiblí iomaíocha tairisceana. Bhí an tríú próiseas tairisceana maidir le seirbhísí bus do chomaitéirí i gCill Dara go maith idir lámha faoi dheireadh na bliana.

Is fiú a lua nach príobháidiú seirbhísí iompair phoiblí atá i gceist leis na próisis tairisceana seo. Níl aon mhandáid ag an Údarás le seirbhísí a phríobháidiú. Is amhlaidh atá mandáid againn luach ar airgead a fháil, áfach, agus ar ndóigh, is próiseas poiblí iomaíoch tairisceana an bealach is fearr agus is trédhearcaí leis sin a bhaint amach. Mar a dhéanaimid faoi láthair, leanfaidh an tÚdarás air ag déanamh cinntí faoi eagrú agus faoi sheachadadh seirbhísí bus a sholáthrófar de réir conarthaí nua tairisceana ar son lucht taistil na hÉireann. Áirítear leis sin gnéithe éagsúla amhail táillí, cláir ama, ticéid, eolas do chustaiméirí, feithiclí, trealamh srl. Beidh íocaíochtaí leis na hoibritheoirí nua bunaithe ar a bhfeidhmíocht le hais spriocanna sonraithe – mar is amhlaidh i gcás na n-oibritheoirí atá ann cheana féin.

Dhírigh an tÚdarás arís ar athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na seirbhísí fóirdheontais uile bus agus iarnróid i gceantair uirbeacha agus thuaithe ar fud an Stáit agus ar fheabhsuithe a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.

I mí na Bealtaine, d'fhógair an tÚdarás moladh leis an gcóras busanna i mBaile Átha Cliath a fheabhsú go mór agus chun dul i ngleic leis an tranglam ar fud na cathrach, atá ag dul in olcas. Aithnítear sa chlár BusConnects gur gá athrú ó bhun a bhaint amach maidir le cáilíocht, luas agus iontaofacht na seirbhísí bus i mBaile Átha Cliath; is é an bus an príomh-mhodh iompair phoiblí ag formhór mór na ndaoine a bhíonn i mbun taistil. Tá sé tábhachtach a chinntiú go dtiocfaidh feabhsú ar mhodh na mbusanna de réir na bhfeabhsuithe atá beartaithe ar chórais iarnróid agus ar thramanna comaitéireachta sa phríomhchathair. Ba mhór an spreagadh an fuarthas maidir le BusConnects i mí Dheireadh Fómhair nuair a dearbhaíodh go dtabharfar breis agus €770 milliún don tionscadal thar thréimhse ceithre bliana.

Leanadh leis an bhfócas ar leith atá againn ar sheirbhísí iompair phoiblí i gceantair thuaithe a leathnú. Seoladh an branda Local Link go hoifigiúil ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mí Mheán Fómhair. As siocair gur imeacht tábhachtach ag daoine atá ina gcónaí faoin tuath an Comórtas, thograigh an tÚdarás ar thaispeántas Local Link a dhéanamh ann. Ba fhiúntach an beart é agus fuarthas aiseolas an-dearfach ó chuairoteoirí a tháinig a fhad leis an taispeántas.

Ní hamháin go bhfuil líonra iontaofa iompair phoiblí de dhíth ar úsáideoirí iompair phoiblí, tá a leithéid tuillte acu. Níor chóir go mbeadh orthu a bheith ag ceistiú ó lá go lá cé acu a bheidh nó nach mbeidh seirbhísí i mbun feidhme. Tuigimid ó thaithí atá faighte againn go dtiocfaidh custaiméirí a gcuirtear isteach ar a gcuid seirbhísí ar mhodhanna eile taistil lena dturais a chur i gcrích agus gur dócha go nglacfaidh sé roinnt mhaith ama ar oibritheoirí seirbhísí na custaiméirí a bhíodh acu sular cuireadh isteach ar an seirbhís a mhealladh ar ais. Ar an láimh eile, tá a fhios againn go nglacann custaiméirí go fonnmhar le feabhsuithe dearfacha, fiúntacha a dhéantar ar sheirbhísí agus gur pátrúnacht níos mó uathu an toradh a bhíonn air.

Ar an drochuair, is minic gur i bhfad ró-mhalltriallach a tharlaíonn dul chun cinn maidir leis na feabhsuithe sin. Níos minice ná a mhalairt, ní féidir athruithe ar sheirbhísí a chur i bhfeidhm go dtí go mbíonn próiseas iomlán caidrimh thionsclaíoch curtha i gcrích agus in go leor cásanna, bíonn gníomhaíocht thionsclaíoch i gceist freisin. Ní raibh seirbhísí ar bith ar fáil do chustaiméirí Bhus Éireann 21 lá i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin. Chomh maith leis sin, cuireadh isteach go mór ar sheirbhísí bus ar fud réigiún oirthir Bhus Éireann i míonna deiridh na bliana i ndiaidh go ndearnadh athruithe ar an dóigh a bhfuil seirbhísí áirithe eagraithe. Mar thoradh air sin, cuireadh as go mór do chuid mhaith custaiméirí de chuid Bhus Éireann thar thréimhse fhada. Ní raibh seirbhísí ar fáil do chustaiméirí Iarnród Éireann dhá lá i mí na Samhna agus b'éigean pleananna chun seirbhísí DART a chur ar fáil gach 10 nóiméad a chur ar an méar fhada.

In ainneoin na ndeacrachtaí, léirigh torthaí dhá shuirbhé a rinneadh in 2017 go raibh leibhéal an-ard sástachta le seirbhísí bus agus iarnróid ann i measc úsáideoirí iompair phoiblí.

Faoin Acht um Chlampáil Feithiclí, 2015, a tháinig i bhfeidhm ar 1 Deireadh Fómhair, 2017, tá an tÚdarás freagrach as gníomhaíochtaí clampála feithiclí ar fud an Stáit a rialáil. Rinne an tÚdarás obair shuntasach ullmhúcháin roimh an dáta sin, lena n-áirítear rialúcháin shonraithe reachtúla a dhréachtú, a ndearnadh comhairliúchán poiblí ina leith, agus córais a fhorbairt agus a thástáil le tacú leis an bhfeidhm nua.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine san Údarás a chuidigh le forbairt agus ullmhú ár Ráiteas Straitéise in 2017, go háirithe leis na daoine aonair agus leis na heagrais sin a chuir am ar leataobh le haighneachtaí a chur isteach. Beidh an cháipéis tábhachtach seo, a d'fhaomh an Bord díreach roimh dheireadh na bliana, mar threoir don obair a dhéanfaimid sna blianta beaga atá romhainn.

Fágadh faoi smúid sinn nuair a cailleadh Linda Saunders, comhalta boird, ar 1 Eanáir, 2018. Thug Linda tacaíocht go paiseanta d'obair an Údaráis chun úsáid iompair inbhuanaithe a chur chun cinn. Bhí sí ar dhuine de na daoine ba dhíograisí ar an mBord agus cuimhnímid uirthi mar dhuine cineálta, cásmhar. Ar dheis Dé go raibh a hanam.



Anne Graham, An Príomhfheidhmeannach

Meitheamh 2018

Príomhfhorbairtí agus na Príomhéachtaí 2017

Eanáir

- › Leithdháileadh €20.7 milliún le haghaidh tionscadail siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí i mBaile Átha Cliath, i gCill Dara, sa Mhí agus i gCill Mhantáin
- › Leithdháileadh €9 milliún le haghaidh tionscadail siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge
- › Rinneadh athchumrú suntasach ar sheirbhísí baile in Áth Luain le minicíocht na seirbhísí a ardú agus líon na n-uaireanta a bhíonn siad i mbun feidhme a mhéadú



Feabhra

- › Cuireadh tús le Suirbhé Náisiúnta Teaghlach 2017 um Thaisteal chun eolas a bhailiú faoi phatrúin taistil ag 6,000 teaghlach
- › Cuireadh ordú isteach le haghaidh 100 bus nua dhá urlár do cheantar Bhaile Átha Cliath, a thiocfaidh in áit seanbhusanna



Márta

- › Tugadh isteach seirbhís nua laethúil Local Link ó Chionn Locha go Bun Dobhráin agus Béal Átha Seanaidh a éascaíonn an bealach do chustaiméirí atá ag iarraidh theacht ar sheirbhísí bus go Gaillimh, go Baile Átha Cliath agus go Sligeach
- › Cuireadh tús le hobair phleanála agus fheidhmithe le rochtain a fheabhsú ar 15 stáisiún traenach níos sine ar fud an líonra náisiúnta iarnróid



Aibreán

- › Cuireadh tús le scéim deontais mar thacaíocht le hinfhaighteacht níos leithne ar fheithiclí san fhlít tacsaithe a dtig le cathaoireacha rothaí dul isteach iontu
- › Seoladh feabhsuithe ar aip breisiú creidmheasa Leap, lena n-áirítear áis le ticéid ar leith a cheannach agus a lódáil go díreach ar Chártaí Leap
- › Cuireadh tús le hobair leasaithe ar Chlós Luas Áth an Ghainimh le freastal ar thramanna nua ardtoillte



Príomhfhorbairtí agus na Príomhéachtaí 2017

- › Cuireadh i gcrích seachadadh 38 bus nua aon urlár le haghaidh Bhus Éireann, busanna a tháinig isteach in áit seanbhusanna
- › Cuireadh 8 stáisiún nua le scéim rothar i nGaillimh

Bealtaine

- › Seoladh clár *BusConnects*, a bhfuil sé i gceist leis buschóras Bhaile Átha Cliath a athrú ó bhonn ionas go mbeidh turais bus níos gasta, níos iontaofa, níos minice in am, níos áisiúla agus níos réidhe ar dhaoine ó thaobh a n-acmhainne íoc astu
- › Cuireadh tús le céim eile d'athchomharthaíochtú iarnróid i lár Bhaile Átha Cliath

Meitheamh

- › Cuireadh tús le tógáil clós páirceála nua do bhusanna agus cóistí i nDugaí Bhaile Átha Cliath
- › Osclaíodh bealaí nua bus Local Link i nDún na nGall, i Ros Comáin agus i dTiobraid Árann
- › Cuireadh i gcrích bealach ardcháilíochta coisíochta agus rothaíochta idir Bóthar an Chabhsa agus an Droichead Adhmaid i gCluain Tarbh feadh Bhealach Rothaíochta Chósta an Oirthir
- › Cuireadh i gcrích suiteáil 183 seastán nua “Sheffield” le haghaidh rothar i mBaile Átha Cliath
- › Feabhsaíodh Bealach 440 idir Áth Luain agus Cathair na Mart agus cuireadh leis

Iúil

- › Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí faoi uastáillí tacsáí
- › Suiteáladh stadanna bus a ghlacann le cathaoireacha rothaí i Lífear
- › Cuireadh ceann aistir nua ar fáil ar Bhealach 205 i gCorcaigh ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
- › Tugadh isteach seirbhís fheabhsaithe samhraidh ar Bhealach 362 idir Port Láirge agus an Trá Mhór
- › Tugadh isteach seirbhís nua bus Local Link idir Bun Clóidí agus Inis Córthaidh, lena n-áirítear ceithre lúb chomhordnaithe a fhreastalaíonn ar an éileamh agus atá dírithe ar Inis Córthaidh ó na ceantair máguaird
- › Bhí an feachtas bliantúil *Kids Go Free* ar siúl den tríú huair maidir le seirbhísí bus agus iarnróid agus ba é an feachtas ba mhó as na feachtais uile go dtí seo é



Príomhfhorbairtí agus na Príomhéachtaí 2017

Lúnasa

- › Seoladh feachtas 2017 le dul i ngleic leis an gciníochas ar sheirbhísí iompair phoiblí
- › Ba é Go-Ahead an rogha tairgeoir do chonradh chun seirbhís a chur ar fáil ar 24 bealach bus i mBaile Átha Cliath
- › Cuireadh ordú isteach le haghaidh 40 bus aon urlár do Bhaile Átha Cliath agus Port Láirge
- › Cuireadh tús le seirbhísí nua bus Local Link idir Darú agus Áth Luain, Aird Mhóir agus Dún Garbhán, Droichead Eoin agus Baile Loch Garman



Meán Fómhair

- › Fógraíodh ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta ar an Tulach Mór gur Local Link an branda nua le haghaidh seirbhísí iompair thuaithe
- › Cuireadh i bhfeidhm feabhsuithe móra ar sheirbhísí bus ar bhealach an N3 / M3 idir an Mhí agus Baile Átha Cliath



Deireadh Fómhair

- › Ghlac an tÚdarás ar láimh freagracht as clampáil feithiclí go náisiúnta a rialáil
- › Fuarthas amach trí shuirbhé AE go bhfuil seirbhísí cóiste idirchathrach in Éirinn rátáilte go han-ard ag custaiméirí maidir le sábháilteacht, poncúlacht agus iontaofacht, táillí, compord agus ticéadú
- › Seoladh feachtas poiblíochta le paisinéirí a spreagadh le spásanna le haghaidh cathaoireacha rothaí a choinneáil saor faoi choinne úsáideoirí cathaoireacha rothaí.



Samhain

- › Ba é Bus Éireann an rogha tairgeoir do chonradh le 5 bhealach bus a oibriú i gcathair Phort Láirge

Nollaig

- › Mar gheall ar leathnú amach zóin na dtáillí cathrach i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge, tháinig laghdú ar tháillí i gcás 46% de na paisinéirí
- › Ardaíodh an teorainn aoise maidir le saorthaisteal ag páistí óga
- › Cuireadh tús le seirbhísí ar bhealach sínte na Líne Glaise Luas ó Fhaiche Stiabhna go Droichead Broome, lena n-áirítear 13 stáisiún nua agus comhtháthú leis an Líne Dhearg Luas agus le seirbhísí bus agus iarnróid
- › Tugadh isteach seirbhísí breise ag tráthanna gnóthacha ar réimse mórlánaí tábhachtacha i mBaile Átha Cliath mar fhreagairt ar an éileamh méadaithe a bhí orthu



01



Seirbhísí bus agus iarnróid a sheachadadh

De réir an chéad suirbhé náisiúnta riamh maidir le sásamh custaiméirí, breis agus 90% an leibhéal sásaimh i dtaca le seirbhísí iompair phoiblí ar conradh agus seirbhísí iompair phoiblí ceadúnaithe

Seirbhísí Bus agus Iarnróid ar Conradh

Tá conarthaí seirbhíse i dtaca le hiompar poiblí ag an Údarás le roinnt oibritheoirí iompair phoiblí, comhlachtaí faoi úinéireacht an Stáit agus comhlachtaí príobháideacha araon, chun seirbhísí bus agus iarnróid a sholáthar atá riachtanach don tsochaí ach nach bhfuil inmharthana de ghnáth ó thaobh tráchtála de. Dá réir sin, tá íocaíochtaí le hoibritheoirí san áireamh sna conarthaí seo le gur féidir leo an fíorchostas a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil a chlúdach. Tugtar seirbhís Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ar na seirbhísí seo.

Tá dhá chineál conarthaí iompair phoiblí ann. Is iad:

- conarthaí glanchostais faoina gcoinníonn an t-oibritheoir an t-ioncam go léir ó tháillí. Is sa chatagóir seo atá conarthaí an Údarás le Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann; agus
- conarthaí ollchostais faoina gcoinníonn an tÚdarás an t-ioncam uile ó tháillí. Faoi láthair, is sa chatagóir seo atá gach conradh a bronnadh trí thairiscint iomaíoch, an conradh le haghaidh na seirbhíse iarnróid éadroim, Luas, san áireamh¹.

Is amhlaidh a bhronntar conarthaí áirithe gan dul trí phróiseas tairisceana iomaíche. Tugtar Conarthaí Bronnadh Díreach orthu seo. Tá Conarthaí Bronnadh Díreach ag an Údarás le Bus Átha Cliath, le Bus Éireann agus le Iarnród Éireann.

Bronnann an tÚdarás conarthaí ar roinnt mhaith oibritheoirí chun seirbhísí iompair thuithe a chur ar fáil freisin tríd an gclár Local Link. Is conarthaí ollchostais iad seo a mbíonn tairiscintí iomaíocha i gceist leo. Chomh maith leis sin, tá conarthaí bronnadh díreach ag an Údarás le líon beag grúpaí Local Link a bhfuil flíteanna faoina n-úinéireacht acu chun seirbhísí iompair phoiblí a chur ar fáil.

Líon Paisinéirí

Tháinig méadú 16.2 milliún, nó 6.9%, ar an líon paisinéirí ar na príomhsheirbhísí ar conradh in 2017.

Bheadh ardú níos mó arís ann murach tionchar na gníomhaíochta tionsclaíche in Bus Éireann agus Iarnród Éireann. Bhí tréimhse 21 lá ann i mí Mhárta agus i mí Aibreáin nach raibh seirbhísí Bus Éireann ar fáil. Bhí 2 lá i mí na Samhna nach raibh seirbhísí Iarnród Éireann ar fáil.

Bhí moill ar gach cineál seirbhís iompair phoiblí nó cuireadh ar ceal iad ar an 16 Deireadh Fómhair mar gheall ar Stoirm Ophelia agus gearradh siar ar sheirbhísí Luas an lá dar gcionn mar gheall ar dhamáiste a rinneadh sa stoirm.



¹ Ba iad an tÚdarás agus Bonneagar Iompair Éireann comhbhronntóirí an chonartha le Luas a oibriú. Tá bainistiú laethúil conradh oibríochta Luas sannta ag an Údarás do Bhonneagar Iompair Éireann.

Tábla 1 – Turais bhliantúla paisinéirí ar phríomhsheirbhísí ar conradh (milliúin)

Bliain	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann	Iarnród Éadrom Luas	An Clár Iompair Thuaithe	Iomlán
2016	125.4	32.1	42.8	34.0	1.8	236.1
2017	136.3	31.1	45.5	37.6	1.9	252.4
Athrú céatadán (%)	8.7	-3.1	6.3	10.6	5.5	6.9

Ioncaim ó Phaisinéirí

Leanadh leis an ardú ioncaim a fuair gach príomhoibritheoir iompair phoiblí le fóirdheontas. Go foriomlán, mhéadaigh ioncaim ar €28.3 milliún, nó 5.1%, mar gheall ar an bhfás ar thurais ag paisinéirí go príomha.

Tábla 2 – Ioncaim ó phaisinéirí i dtaca le seirbhísí conartha (€milliún)

Bliain	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann	Luas	An Clár Iompair Thuaithe	Iomlán
	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann	Luas	An Clár Iompair Thuaithe	Iomlán
2017	224.7	80.3	204.9	62.0	7.3	579.2
Athrú céatadán (%)	6.1	-4.5	5.8	13.1	5.8	5.1

Íocaíochtaí Cúitimh

Tá sonraí le fáil in Tábla 3 faoi íocaíochtaí cúitimh a rinne an tÚdarás d'oibritheoirí seirbhísí bus agus iarnróid ar conradh.

I gcás iarnród éadrom Luas, ba mhó na hioncaim ná costais oibríochta. Dá réir sin, is as táillí agus ioncaim eile a íocadh costais oibríochta agus ní raibh fóirdheontas ar bith de dhíth. Gineadh barrachas oibríochta €9.2 milliún, le hais €5.4 milliún in 2016. Baintear úsáid as an mbarrachas seo le hoibreacha cothabhála ar an líonra Luas a mhaoiniú i bpáirt.

De réir théarmaí an chonartha atá ag an Údarás le Bus Éireann, coinníodh siar íocaíochtaí de luach €2.3 milliún ón oibritheoir siocair go raibh 21 lá ann nach raibh seirbhísí ar fáil mar gheall ar ghníomhaíocht thionsclaíoch. Baineadh €0.9 milliún ó Iarnród Éireann, nach raibh in ann seirbhísí a chur ar fáil 2 lá mar gheall ar ghníomhaíocht thionsclaíoch.

Baineadh €0.2 milliún agus €0.16 milliún ó Bhus Éireann agus ó Bhus Átha Cliath faoi seach in íocaíochtaí feidhmíochta mar gur theip orthu caighdeán áirithe feidhmíochta a bhaint amach.

Tábla 3 – Íocaíochtaí conartha le hoibritheoirí iompair phoiblí²

Oibritheoir / Clár	Cineál seirbhíse	Cineál conartha	An Ceantar Oibríochta nó an Bealach	Íocaíocht chúitimh 2016 (€m)	Íocaíocht chúitimh 2017 (€m)
Iarnród Éireann	Iarnród	Bronnadh Díreach	Náisiúnta	133.0	147.0
Bus Átha Cliath	Bus	Bronnadh Díreach	Baile Átha Cliath	59.6	54.0
Bus Éireann	Bus	Bronnadh Díreach	Náisiúnta (Baile Átha Cliath as an áireamh)	40.9	52.2
An Clár Iompair Thuaithe	Bus / Iompar ag Freagairt don Éileamh	Éagsúil	Náisiúnta	11.9	13.7
Éagsúil	Bus	Tairiscintí Déanta	817 / 828 / 975	0.3	0.3
Transdev Ireland Limited	Iarnród Éadrom (Luas)	Tairiscintí Déanta	Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath	0.0	6.7
Iomlán				245.8	273.9

Tairiscintí Iomaíocha maidir le Tairiscintí

I mí Mheán Fómhair, d'fhógair an tÚdarás go raibh Go-Ahead ar an rogha tairgeoir chun roinnt cuarbhealaí bus a oibriú i mBaile Átha Cliath. I mí na Samhna, d'fhógair an tÚdarás go raibh Bus Éireann ar an rogha tairgeoir chun roinnt busbhealaí a oibriú i gcathair Phort Láirge.

Lean an tÚdarás ar aghaidh le measúnú a dhéanamh ar thairiscintí a fuarthas chun busbhealaí áirithe a oibriú i gCill Dara agus bhí dul chun cinn mór déanta faoi dheireadh na bliana.

Bronnadh conarthaí nua chun seirbhísí bus do phaisinéirí a chur ar fáil idir Cill Chainnigh agus Baile Átha Cliath (Bealach 817) agus idir an Nás agus Baile Bhlainséir (Bealach 139) ar Bernard Kavanagh & Sons Limited agus ar JJ Kavanagh & Sons Limited, faoi seach, mar thoradh ar phróisis tairiscintí iomaíocha.

Feidhmíocht Oibritheoirí ar Conradh

Lean an tÚdarás ar aghaidh le cur i bhfeidhm táscairí nua feidhmíochta seirbhíse maidir lena chuid conarthaí le Bus Átha Cliath agus Bus Éireann agus coimisiúnaíodh monatóireacht neamhspleách ar fheidhmíocht oibritheoirí.

Déantar monatóireacht anois ar bhonn leanúnach ar fheidhmíocht ó thaobh cáilíocht na seirbhíse de trí shuirbhéanna neamhspleácha rúnda siopadóireachta a bhíonn á gcoimisiúnú go díreach ag an Údarás. Tríd na suirbhéanna seo, déantar measúnú ar réimsí éagsúla amhail glaineacht na mbusanna, feidhmíocht na dtiománaithe, soláthar eolais do chustaiméirí agus oibriú an bhusbhealaigh chirt.

Déanann an tÚdarás monatóireacht anois ar iontaofacht agus ar fheidhmíocht ó thaobh poncúlacht ísealmhinicíochta de trí shonraí uathoibríocha ar an áit ina bhfuil feithiclí ar gach seirbhís bus a oibrítear a chur i gcomparáid leis an gclár ama sceidealaithe.

Mar thoradh ar ghníomhaíocht thionsclaíoch, níor chuir Bus Éireann seirbhísí ar fáil 21 lá i mí Mhárta agus i mí Aibreáin agus ní raibh seirbhísí ag Iarnród Éireann 2 lá i mí na Samhna. Sa dá chás, rinneadh asbhaintí dá réir ó na híocaíochtaí a bhí ag dul do na hoibritheoirí bunaithe ar a gcuid téarmaí leis an Údarás.

Ar an 16 Deireadh Fómhair, cuireadh na seirbhísí iompair phoiblí go léir ar fud na tíre ar ceal mar gheall ar Stoirm Ophelia agus cuireadh seirbhísí Luas ar ceal an lá dar gcionn mar gheall ar dhamáiste a bheith déanta sa stoirm do chlós Luas na Bó Deirge.

Léirítear in Aonad 4 an treocht maidir le ciliméadair fheithiclí oibrithe ag na príomhoibritheoirí a bhí ag cur seirbhísí bus agus iarnróid ar fáil ar conarthaí iompair phoiblí.

Léiríonn Táblaí 5 go 9 feidhmíocht oibritheoirí le hais spriocanna comhaontaithe maidir le poncúlacht agus iontaofacht. Le linn na bliana bhí cruinnithe rialta ag an Údarás le hoibritheoirí chun feidhmíocht a athbhreithniú le hais spriocanna agus chun gníomhartha idirghabhála a chomhaontú chun dul i ngleic le heagsúluithe.

Tábla 4 - Ciliméadair oibrithe ag feithiclí in aghaidh na bliana (milliúin)

Bliain	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann	Luas
	55.3	35.7	16.0	3.5
2017	56.0	36.9	15.1	3.9
Athrú Céatadán (%)	1.3	3.3	-5.6	11.4

Tábla 5 - Feidhmíocht Iarnród Éireann le hais spriocanna

Category	Measurement	Target	Result
Iontaofacht	Céatadán de na seirbhísí sceidealaithe a oibríodh	99%	99.9%
Poncúlacht	Céatadán na dtraenacha a d'fheidhmigh de réir spriocanna poncúlachta:-		
	➤ Seirbhísí Idirchathrach (a bhain ceannscríbe amach taobh istigh de 10 nóiméad)	90%	96.7%
	➤ Seirbhísí comaitéireachta agus DART ag buaicamanna (a bhain ceannscríbe amach taobh istigh de 10 nóiméad)	92%	97.8%
	➤ Seirbhísí comaitéireachta agus DART ag amanna eile seachas buaicamanna (a bhain ceannscríbe amach taobh istigh de 5 nóiméad)	87%	97.5%

Tábla 6 – Feidhmíocht Bhus Átha Cliath le hais spriocanna

Catagóir	Tomhas	Sprioc	Toradh	Tréimhse an Chonartha ³
Iontaofacht	% na bhfeithiclí atá i mbun seirbhíse	98%	99.2%	Tréimhsí 1 - 4
Iontaofacht	% de dhualgais tiománaithe a comhlíonadh	98%	99.5%	Tréimhsí 1 - 4
Iontaofacht	% de chiliméadair sceidealaithe a oibríodh (cúiseanna tríú páirtí le neamhoibriú as an áireamh)	95%	An sprioc bainte amach	Tréimhsí 5 - 13
Poncúlacht	% de sheirbhísí a d'fhág an ceann aistir taobh istigh de 5 nóiméad den am imeachta sceidealaithe	95%	95.6%	Tréimhsí 1 - 4
Poncúlacht	% de sheirbhísí ísealmhínicíochta a d'imigh ó aon stad bus ar an mbealach idir -1 agus +6 nóiméad den am ar an gclár ama.	Athraíonn an sprioc ó shéasúr go séasúr, idir 56% agus 61%	an sprioc sáraithe ag 8 as 9 gcinn	Tréimhsí 5 - 13
Trealamh bus	Oibriú na ndoirse láir, na dtaispeántaí faoin gcéad stad eile, na bhfógraí agus rampaí do chathaoireacha rothaí (sa chás inarb ann dóibh)	Asbhaintí ar bith ar bhonn feidhmíochta	R1 agus R4: asbhaint 50% ón íocaíocht feidhmíochta R2 agus R3: An sprioc bainte amach	R1 go R4
Glaineacht	Glaineacht busanna agus stáisiún	Asbhaintí ar bith ar bhonn feidhmíochta	An sprioc bainte amach	R1 go R4
Feidhmíocht tiománaithe	Stíl tiomána agus idirghníomhú le paisinéirí	Asbhaintí ar bith ar bhonn feidhmíochta	An sprioc bainte amach	R1 go R4
Customer Information	Clár ama agus eolas eile do chustaiméirí	Asbhaintí ar bith ar bhonn feidhmíochta	An sprioc bainte amach	R1 go R4

³ tá an féilire iompair phoiblí rannta ina 13 thréimhse ceithre seachtaine agus bíonn éagsúlacht ann ó bhliain go bliain maidir le tús na dtréimhsí sin

Tábla 7 – Feidhmíocht Bhus Éireann le ais spriocanna

Catagóir	Tomhas	Sprioc	Toradh	Tréimhse an Chonartha ⁴
Iontaofacht	% na bhfeithiclí atá i mbun seirbhíse	98%	100%	Tréimhsí 1 – 8
Iontaofacht	% de dhualgais tiománaithe a comhlíonadh	98%	100%	Tréimhsí 1 – 8
Poncúlacht	% de na seirbhísí a d'fhág an ceann aistir taobh istigh den sprioc-chorrlach maidir leis an am imeachta ar an gclár ama:- > Seirbhísí Iompair ar Bhealaí Socraithe (10 nóiméad) > Seirbhísí Cathrach Chorcaí (5 nóiméad) > Seirbhísí Cathrach Luimní / na Gaillimhe / Phort Láirge (5 nóiméad) > Seirbhísí Comaitéireachta Bhaile Átha Cliath (10 nóiméad)	95% 90% 87% 95%	96% 94% 96% 97%	Tréimhsí 1 – 4 Tréimhsí 1 – 4 Tréimhsí 1 – 4 Tréimhsí 1 – 4
Iontaofacht	% de chiliméadair sceidealaithe a oibríodh (cúiseanna tríú páirtí le neamhoibriú as an áireamh)	85% (sprioc eatramhach)	An sprioc bainte amach	Tréimhsí 9 – 13
Poncúlacht	% de sheirbhísí ísealmhíniúchá a d'imigh ó stad bus ar bith ar an mbealach taobh istigh de idir -1 agus +6 nóiméad den am ar an gclár ama.	Athraíonn an sprioc leis an séasúr (54% go 55%)	An sprioc bainte amach	Tréimhsí 5 – 13
Trealamh bus	Oibriú taispeántí faoin gcéad stad eile, fógraí agus rampaí cathaoireacha rothaí (nuair is ann dóibh)	Asbhaintí ar bith maidir le feidhmíocht	An sprioc bainte amach	R1 go R4
Glaineacht	Glaineacht busanna agus stáisiún	Asbhaintí ar bith maidir le feidhmíocht	An sprioc bainte amach	R1 go R4
Feidhmíocht Tiománaithe	Stíl tiomána agus idirghníomhú le paisinéirí	Asbhaintí feidhmíochta ar bith	An sprioc bainte amach	R1 go R4
Eolas do chustaiméirí	Eolas faoi tháillí a cuireadh ar fáil ar bhealaí roghnaithe uirbeacha bus	Asbhaintí feidhmíochta ar bith	R2 go R4: Asbhaint ar bith	R2 go R4

4 tá an féilire iompair phoiblí rannta ina 13 thréimhse ceithre seachtaine agus bíonn éagsúlacht ann ó bhliain go bliain maidir le tús na dtréimhsí sin

Tábla 8 – Feidhmíocht Luas le hais spriocanna

Catagóir	Tomhas	Sprioc	Toradh
Iontaofacht	Céatadán na seirbhísí ar an gclár ama a seachadadh	100%	95%
Poncúlacht	Am feithimh breise	0.2 nóiméad	0.4 nóiméad

Tábla 9 – Feidhmíocht le hais spriocanna ag oibritheoirí eile ar conradh

Oibritheoir (Bealach)	Catagóir	Tomhas	Sprioc	Toradh
M&A Coaches Limited (828/828X)	Iontaofacht	Céatadán na seirbhísí sceidealaithe a oibríodh feadh an bhealaigh iomláin	99%	99.8%
	Poncúlacht	Céatadán na bhfeithiclí a d'fhág an ceann aistir taobh istigh den sprioc-chorrlach maidir leis an am imeachta luaite ar an gclár ama	98%	100%
Andrew Wharton Limited (975)	Iontaofacht	Céatadán na seirbhísí sceidealaithe a oibríodh feadh an bhealaigh iomláin	99%	100%
	Poncúlacht	Céatadán na bhfeithiclí a d'fhág an ceann aistir taobh istigh den sprioc-chorrlach maidir leis an am imeachta luaite ar an gclár ama	98%	100%
Bernard Kavanagh and Sons Limited (817)	Iontaofacht	Céatadán na seirbhísí sceidealaithe a oibríodh feadh an bhealaigh iomláin	99%	100%
	Poncúlacht	Céatadán na bhfeithiclí a d'fhág an ceann aistir taobh istigh den sprioc-chorrlach maidir leis an am imeachta luaite ar an gclár ama	98%	100%

Táillí

I mí na Samhna, d'fhaomh an tÚdarás réimse athruithe ar tháillí i dtaca le:

- seirbhísí a bhí á gcur ar fáil de réir Chonarthaí Bronnadh Díreach ag Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann; agus
- seirbhísí Luas.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe na leasuithe a rinneadh ar na táillí:

- Laghdú nó gan athrú ar bith ar tháillí i gcás 40% de phaisinéirí Bhus Éireann. Bhí sé de rogha ag 25% de na paisinéirí eile táillí níos ísle a íoc trína bheith ag íoc le Cárta Leap seachas le hairgead tirim;



- Leathnaíodh iad a fhad leis na bruachbhailte is faide amach i zóin na dtáillí cathrach i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Luimneach, rud a d'fhág go bhfuil táillí bus i bhfad níos ísle ag comaitéirí atá ina gcónaí sna ceantair sin; agus
- Ardú ar an teorainn aoise maidir le saorthaisteal ag páistí óga ó faoi 4 bliana go faoi 5 bliana.

Tháinig na leasuithe faofa ar tháillí i bhfeidhm ar an 1 Nollaig – féach Tábla 10.

De ghnáth, socraítear táillí maidir le seirbhísí eile ar conradh sna próisis tairisceana do na seirbhísí sin.

Tábla 10 – Athruithe faofa ar tháillí

Seirbhís	Cineál Táille	Athrú
Bus Átha Cliath	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla illoibritheora	0.0%
	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla Bhus Átha Cliath	1.5%
	Ticéid shingile Leap agus airgid thirim d'fhásaigh	0.0% to 5.6%
	Ticéid shingile Leap do pháistí scoile agus do pháistí	-3.6% to 5.6%
	Ticéid réamhíoctha agus ticéid Nitelink	1.7% to 2.1%
Bus Éireann	Ticéid shingile Leap agus ticéid shingile airgid thirim le haghaidh Fásach, Páistí agus Mac Léinn ar Bhealaí le Stadanna Socraithe	-31.6% to 9.5%
	Ticéid phillte agus ticéid 10 dturas le haghaidh Páistí agus Mac Léinn ar Bhealaí le Stadanna Socraithe	-15.4% to 4.6%
	Ticéid phillte agus ticéid 10 dturas le haghaidh Fásach ar Bhealaí le Stadanna Socraithe	-7.7% to 5.9%
	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla Bhus Éireann	-10.4% to 6.7%
	Táillí Leap cathrach	-0.9% to 1.3%
	Táillí airgid thirim cathrach	3.2% to 4.8%
	Ticéid réamhíoctha Leap	-1.8% to 5.1%
	Táillí míosúla agus bliantúla illoibritheora i réigiún Chorcaí	0.0% to 3.6%
	Táillí eile míosúla agus	0.0%
		0.0% to 5.6%
Iarnród Éireann	Ticéid Leap, ticéid shingile airgid thirim, ticéid phillte, ticéid 3 lá agus ticéid 7 lá d'fhásaigh i Zón na dTuras Gairid i mBaile Átha Cliath	0.0% to 4.6%
	Ticéid Leap agus ticéid shingile agus phillte airgid thirim do pháistí i Zón na dTuras Gairid	0.7% to 4.0%
	Ticéid airgid thirim do pháistí scoile i Zón na dTuras Gairid	0.0%
	Ticéid Leap do pháistí scoile i Zón na dTuras Gairid	3.9%
	Ticéid shingile agus phillte Idirchathrach d'Fhásaigh, do Pháistí agus do Mhic Léinn	-5.1% To 3.1%
	Ticéad seachtainiúil Idirchathrach	0.7% to 1.2%
	Ticéid chomaitéireachta i réigiún Chorcaí	-4.1% to 5.0%
	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla Iarnród Éireann agus illoibritheora	0.0% to 1.3%

Seirbhís	Cineál Táille	Athrú
Luas	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla illoibritheora	0.0%
	Ticéid shingile Leap agus airgid thirim do pháistí	0.0%
	Ticéid shingile Leap agus airgid thirim d'fhásaigh	0.0% to 5.0%
	Ticéid phillte airgid thirim d'Fhásaigh agus do Pháistí	0.0% to 4.8%
	Ticéid réamhíoctha d'Fhásaigh, do Pháistí agus do Mhic Léinn	1.4% to 4.8%
	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla Tax saver	10.0%

Athruithe ar Sheirbhísí

Déantar athbhreithniú go rialta ar sheirbhísí bus agus iarnróid a chuirtear ar fáil faoi chonarthaí seirbhísí iompair phoiblí d'fhonn méadú ar úsáid iompair phoiblí a spreagadh agus freagairt ar na héilimh athraitheacha. Déanann an tÚdarás gach athrú molta a fhaomhadh sula gcuirtear i bhfeidhm é.

Sa chás ina mbíonn athruithe móra ar sheirbhísí atá ann cheana féin á mbeartú, de ghnáth téann an t-oibritheoir i mbun comhairliúcháin phoiblí chun gur féidir tuairimí custaiméirí a ghlacadh san áireamh.

Bhreithnigh an tÚdarás 125 moladh maidir le hathruithe ar sheirbhísí bus agus iarnróid; faomhadh 107 acu agus bhí 3 cinn acu go fóill á mbreithniú ag deireadh na bliana.

Tá cur síos le fáil sna paragraif thíos ar na príomhathruithe atá curtha i bhfeidhm nó atá beartaithe.

Tábla 11 – Athruithe ar sheirbhísí ar conradh

Oibritheoir	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann
Faofa	61	46	1
Faofa i bpáirt	0	0	0
Gan a bheith faofa	0	0	0
Curtha siar	3	0	0

Ceantar Cathrach Bhaile Átha Cliath

- Cuireadh athruithe ar chlár ama i bhfeidhm chun iontaofacht a fheabhsú ar roinnt bealaí bus, ina measc Bealaí 1 (Seantrabh go Dumhach Thrá), 17A (Ionad Bhaile Bhlainséir go Cill Bharróg), 15 (Cluain Ghrifín go Bóthar Bhaile Uí Chuilinn), agus 53 (Sráid Thalbóid go Calafort Bhaile Átha Cliath).
- Mar fhreagairt ar éileamh méadaithe, tugadh isteach seirbhísí breise buaicuaire ar bhealaí áirithe bus sa Lár, lena n-áirítear Bealaí 25A agus 25B (Leamhcán), 25D (Baile Adaim), 46A (Dún Laoghaire), 145 (Stigh Lorgan) agus Bealaí 66 agus 67 (Maigh Nuad).



- Rinneadh cuid mhór obair phleanála agus forbartha ar thograí éagsúla le bearnaí sa líonra a líonadh. Dearadh agus sonraíodh na bealaí nua seo a leanas:
 - Baile an Tirialaigh – Fionnghlas – Stad Luas Dhroichead Broome;
 - Maigh Nuad – Cill Droichid – Tamhlacht;
 - Tamhlacht – Baile Bhlainséir; agus
 - Cuarbhóthar Chathair Bhaile Átha Cliath.

Cathracha sna Réigiúin

Corcaigh

- Cuireadh síneadh le bealach bus 202 a fhad le ceann aistir nua ag Ionad Siopadóireachta Rinn Mhachan, agus tá geata bus ann a sholáthraíonn rochtain ar leith ar an seirbhís seo. Tugadh isteach sceideal ar leith le haghaidh laethanta saoire poiblí le freastal ar na sealanna oibre atá ag fostaithe i mór-ionad fostaíochta.
- Tógadh ceann aistir nua bus le haghaidh Bhealach 205 gar don phríomhchamps ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Gaillimh

- Rinneadh athruithe ar bhealaí bus 401 agus 404 le bheith ag teacht leis na dálaí iarbhir tráchta, ach coinníodh an chroí-mhinicíocht 20 nóiméad.

Cathracha eile

- Leanadh ar aghaidh le hobair ar idirghabhálacha a phleanáil, idirghabhálacha a bhí rathúil chun úsáid seirbhísí bus a mhéadú, lena n-áirítear
 - Croíseirbhís níos minice i rith an lae ar mhórlánaí fadbhunaithe bus;
 - Bealaí sinte bus i gceantair uirbeacha; agus
 - Seirbhísí bus níos minice tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine i ngach ceann de na líonraí cathrach sna réigiúin.

Bailte Móra

- Leanadh ar aghaidh le hobair phleanála chun leibhéil chuí seirbhísí bus baile a chur ar fáil i mbailte móra ar fud na tíre ina bhfuil éileamh ar chomaitéireacht rialta inmheánach ar réimse leathan cúiseanna. Is iad seo a leanas na príomhthorthaí:
 - tháinig seirbhísí bus baile athdheartha i bhfeidhm i mí Eanáir in Áth Luain. Dáileadh sonraí faoi na seirbhísí nua ar gach teaghlach i gceantar Áth Luain agus ar mhic léinn a bhí ag freastal ar Institiúid Teicneolaíochta Áth Luain. Mar thoradh air sin, tháinig méadú 54% ar iompar paisinéirí in 2017;
 - cuireadh i gcrích pleananna sonraithe le haghaidh seirbhísí baile i gCathair Chill Chainnigh i gcomhairle le Comhairle Contae Chill Chainnigh agus cuireadh fáilte roimh thairiscintí leis na seirbhísí nua a oibriú;
 - breithníodh moltaí maidir le seirbhís bhaile i gCeatharlach i gcomhairle le Comhairle Contae Cheatharlach. Faoi dheireadh na bliana, bhí pleananna agus costálacha sonraithe á n-ullmhú;

- rinne an tÚdarás athbhreithniú ar sheirbhís bus bhaile i Sligeach agus ina dhiaidh sin chuaigh siad i dteagmháil le Comhairle Contae Shligigh d'fhonn feabhsuithe ar oibríochtaí bus agus ar an mbonneagar busanna agus paisinéirí i Sligeach a aithint agus a fheabhsú; agus
- i ndiaidh gur cuireadh i bhfeidhm athbhreithnithe suntasacha ar sheirbhísí ar mhórlána Bhóthar na hUaimhe, forbraíodh seirbhís nua bus bhaile san Uaimh a gcuirfeadh Bus Éireann i bhfeidhm é.

Seirbhísí Idirchathrach

I ndiaidh gur chinn Bus Éireann ar dheireadh a chur lena sheirbhís Expressway idir Cathair na Mart agus Áth Luain (Bealach 21), ghníomhaigh an tÚdarás lena chinntiú nach mbeadh custaiméirí fágtha gan aon chineál iompair phoiblí ar fáil dóibh. Athdhearadh Bealach 440 chun deiseanna nua taistil a sholáthar ó Áth Luain, ó Chathair na Mart, ó Chaisleán an Bharraigh agus ó Chlár Chlainne Mhuiris go Cnoc Mhuire agus go hAerfort Chnoc Mhuire. Mar thoradh air sin, mhéadaigh iompar paisinéirí ar Bhealach 440 78%.

Ceantair Eile

- D'fhaomh an tÚdarás athstruchtúrú mór ar sheirbhísí bus ar bhealach an M3 idir an Mhí agus Baile Átha Cliath agus cuireadh i bhfeidhm é i mí Mheán Fómhair. Is é cuspóir an athstruchtúraithe seirbhís níos fearr a sholáthar, lena n-áirítear minicíocht níos airde, uaireanta oibrithe níos faide agus turais a bheith curtha isteach níos gasta ar bhealach an M3. Áirítear leis na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm seirbhís dhíreach ón Uaimh go lár Bhaile Átha Cliath gach 20 nóiméad (Bealach NX).
- Forbraíodh na bealaí nua seo a leanas:
 - Sord / Cill Dhéagláin;
 - An Nás / Baile Bhlainséir.
- Tugadh isteach seirbhísí bus níos minice ar Bhealach 360 idir Port Láirge agus Trá Mhór le linn laethanta saoire an tsamhraidh.

Iarnród Éireann

- Mar thoradh ar laghduithe ar theorainneacha buana luais, rinneadh athruithe dearfacha ar chlár ama i gcás 100 seirbhís ar leith.

Seirbhísí Bus Ceadúnaithe

Le linn na bliana, bhailigh agus d'fhoilsigh an tÚdarás staitisticí 2016 maidir le hoibriú seirbhísí rialta bus do phaisinéirí a bhí ceadúnaithe ag an Údarás. Cuireann oibritheoirí príobháideacha agus poiblí na seirbhísí seo ar fáil ar bhonn tráchtála gan aon fhóirdheontas.

Léiríonn staitisticí 2016⁵ go raibh fás nach beag ar líon na dturas paisinéara a rinneadh ar sheirbhísí bus ceadúnaithe. Go náisiúnta, bhí méadú 11% ar thurais phaisinéirí. .

⁵ Feasachán Staitisticí Uimhir 03/2017 (Lúnasa 2017)

Tábla 12 – Iomlán na dturas bliantúil paisinéara ar sheirbhísí bus tráchtála (milliúin)

Bliain	Mócheantar Bhaile Átha Cliath	An Chuid Eile den Stát	Iomlán	Méadú
2015	15.7	7.0	22.7	2.0
2016	17.6	7.6	25.2	2.5

Gníomhaíocht Cheadúnaithe

Tháinig méadú beag in 2017 ar ghníomhaíochtaí ceadúnaithe bus. I gcuid mhór cásanna, fuarthas iarratais mar thoradh díreach ar theagmháil a bheith déanta ag an Údarás le hoibritheoirí agus i ndiaidh oibríochtaí maidir le comhlíonadh.

As na hiarratais ar cheadúnais nua agus/nó leasaithe, rinneadh 48% acu a phróiseáladh taobh istigh den fhráma ama tháscach chun a leithéid d'iarratais a bhreithniú, is é sin suas le 8 seachtaine, de réir mar atá leagtha amach i dTreoirínte an Údaráis maidir le Ceadúnú Seirbhísí Bus Poiblí do Phaisinéirí.

Tábla 13 – Gníomhaíocht ceadúnaithe bus

An Cineál Iarratais	Faighte	Eisithe	Curtha ar ceal	Diúltaithe
Iarratas ar údarú nua	264	220	45	3
Leasú ar údarú atá i bhfeidhm cheana féin	186	149	36	5
Athnuachan údarú atá i bhfeidhm cheana féin	61	61	0	0
Aistriú údarú atá i bhfeidhm cheana féin go hoibritheoir eile	6	6	0	0
Údarú atá ann cheana féin a chur ar fionraí	5	4	1	0
Cúlghairm údaraithe atá i bhfeidhm cheana féin	14	14	0	0

Seirbhísí Bus Idirnáisiúnta

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil ainmnithe sa Stát chun cúinsí Rialachán AE 1073 de 2009, a bhaineann leis na rialacha coitinne maidir le rochtain ar an margadh idirnáisiúnta le haghaidh seirbhísí cóiste agus bus. Tá na tascanna seo a leanas fite fuaite i ról an Údaráis:

- eisiúint údaruithe d'oibritheoirí bus Éireannacha chun seirbhísí bus a oibriú taobh amuigh den Stát; agus
- measúnú ar iarratais ó Bhallstáit AE eile; agus
- comhlíontacht ag oibritheoirí bus as tíortha eile a mhonatóiriú agus a shlánú agus iad ag oibriú taobh istigh den Stát.

Ní féidir údarú seirbhísí bus idirnáisiúnta a eisiúint ach amháin sa chás ina mbíonn comhaontú ann idir na húdaráis inniúla ainmnithe uile sna mBallstát a bhfuil paisinéirí á bpiocadh suas nó á ligean síos ina gcriócha.

Tábla 14 – gníomhaíochtaí ceadúnaithe busanna idirnáisiúnta

Cineál	Faighte	Cinntí	Eisithe	Curtha ar Ceal	Diúlaithe
Iarrtas ar cheadúnas nua	19	14	6	5	0
Leasú ar cheadúnas atá i bhfeidhm cheana féin	4	4	5	0	0
Athnuachan ar cheadúnas atá ann cheana féin	2	2	3	0	0
Ceadúnas atá imithe in éag	1	1	0	0	0
Dlínsí eile	17	17	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	0
Iomlán	43	38	14	5	0

Gníomhaíocht maidir le Comhlíonad

Lean an tÚdarás ar aghaidh lena chleachtas oibríochtaí comhlíontachta a dhíriú ar ghníomhaíochtaí oibrítheoirí atá arb iad an bhagairt is mó iad ar iontaofacht an chóras ceadúnaithe busanna nó ar shábháilteacht paisinéirí bus agus úsáideoirí eile bóithre. Bíonn meascán de ghníomhaíocht oscailte agus gníomhaíocht rúnda i gceist le hoibríochtaí comhlíontachta.

Mar thoradh ar na hoibríochtaí seo, rinneadh cigireacht ar níos mó ná 3,000 bus agus cóiste agus rinneadh cigireacht ar bhreis agus 1,500 seirbhís náisiúnta agus idirnáisiúnta bus.

Rinneadh roinnt oibríochtaí forfheidhmiúcháin i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, ina measc an Garda Síochána, TISPOL (Líonra Eorpach na bPóilíní Trácht), an Roinn Bonneagair i dTuaisceart Éireann, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta.

Athbhreithniú ar an Iarnród

Fuair an tÚdarás 320 aighneacht san iomlán ó ionadaithe poiblí, baill den phobal, eagrais ionadaíochta agus grúpaí abhcóideachta mar fhreagairt ar an gcomhairliúchán poiblí a foilsíodh go mall in 2016.

I mí Dheireadh Fómhair, chuir an tÚdarás tuairisc shonraithe faoi na haighneachtaí a fuarthas chuig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Local Link

Chuathas i mbun réimse beart le linn na bliana le feachtas ar an mbranda Local Link le haghaidh seirbhísí iompair thuaithe go náisiúnta a ardú. Ar na bearta sin bhí:

- suíomh gréasáin Local Link a uasghrádú;



- cuidiú le grúpaí Local Link a láithreachta ar líne a mhéadú sna meáin éagsúla shóisialta; agus
- seirbhísí Local Link a imeascadh leis na feachtais eolais níos leithne faoi iompar poiblí, amhail na feachtais bhliantúla *Kids Go Free* agus *Say No to Racism*.

Ba é seoladh an bhranda Local Link ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mí Mheán Fómhair buaicphointe na ngníomhaíochtaí seo. Bhí baill foirne de chuid an Údaráis agus Local Link i láthair 3 lá an Chomórtais le seirbhísí iompair thuaithe a chur chun cinn. Bhí siad lonnaithe in áit taispeána shaintógtha. Ba togra mór ag an Údarás é seo agus bhí suim mhór ag na cuairteoirí a chuaigh a fhad leis an taispeántas ann.

Le linn na bliana, lean oifigí Local Link ar fud na tíre lena n-iarachtaí feabhsuithe ar an líonra seirbhísí iompair thuaithe a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn (féach Tábla 15). Mar gheall ar na seirbhísí nua, feabhsaithe, tá comhtháthú níos fearr ann le seirbhísí iompair phoiblí phríomhshruthaithe atá ann cheana féin, bíonn na seirbhísí i bhfeidhm ó cheann ceann na bliana agus tá naisc níos fearr ann idir bailte agus na ceantair thuaithe máguaird.

Rinneadh dul chun cinn leanúnach maidir leis na cláir oibre seo a leanas:-

- atairiscintí maidir le seirbhísí iompair thuaithe ar conradh. Faoi dheireadh na bliana, bhí atairiscint socraithe go rathúil i gcás 60% den 1,035 seirbhís a bhí ann cheana féin;
- feidhmiúlacht an Chóras Bainistíochta Iompair Chomhtháitithe a fheabhsú; seo córas a éascaíonn sceidealú bealaí agus cur in áiríntí ag paisinéirí ar sheirbhísí Local Link;
- plean nua straitéiseach Local Link don tréimhse 2018 go 2022; agus
- taighde le roghanna fóirsteanacha ticéadaithe a aimsiú faoi choinne seirbhísí iompair thuaithe.

Tábla 15 – Seirbhísí nua, feabhsaithe iompair thuaithe tugtha isteach in 2017

An Ceantar Local Link	Ó	Go
An Cabhán / Muineachán	Seirbhís Bhaile an Chabháin	Béal Átha hÉis
An Cabhán / Muineachán	Baile an Scotaigh	Baile Mhuineacháin
An Cabhán / Muineachán	Béal Átha Beithe	Baile Mhuineacháin
Corcaigh	Cionn tSáile	Cloch na gCoillte
Dún na nGall	Béal Átha Seanaidh	Baile Dhún na nGall via Ros Neamhlach
Dún na nGall	An Carraigín	Leitir Ceanainn
Dún na nGall	An Dúchoraidh/Leitir	An Clochán Liath
Dún na nGall	An Fál Carrach	An Clochán Liath
Ciarraí	An Coireán agus Dairbhre/ Baile an Sceilg	Cathair Saidhbhín
Cill Dara / Baile Átha Cliath Theas	Baile Átha Í	An Droichead Nua
Cill Dara / Baile Átha Cliath Theas	Caisleán an Chomair	Cill Chuillinn
Laois / Uíbh Fhailí	Mount Lucas	Port Laoise
Laois / Uíbh Fhailí	Mount Lucas	Tulach Mhór
Luimneach	Baile Uí Argáin – Cill Mocheallóg – An Ráth	Dún ar Aill

Lú / An Mhí / Fine Gall	Áth Buí	An Uaimh
Lú / An Mhí / Fine Gall	Cill Dhéagláin	Baile Brigín
Lú / An Mhí / Fine Gall	Diméin Chnoc Siáin	Pailliúin Shord
Sligeach / Liatroim / Ros Comáin	Béal an Átha Mhóir - Maothail	Cora Droma Rúisc
Sligeach / Liatroim / Ros Comáin	Cionn Locha	Béal Átha Seanaidh
Sligeach / Liatroim / Ros Comáin	An Airgnigh	An Charraig agus Mainistir na Búille
Tiobraid Árann	Baile an Gharraí	Durlas
Tiobraid Árann	Baile Thiobraid Árann	Caiseal
Port Láirge	Tulach an Iarainn - Ceapach Choinn - Lios Mór - Mainistir Fhear Maí	Dún Garbhán
Port Láirge	Trá Mhór - Dún Garbhán	Port Láirge
Loch Garman	Cuan Ros Láir	Loch Garman
Loch Garman	Bun Clóidí	Inis Córthaidh
Loch Garman	Droichead Eoin	Baile Loch Garman


Taighde faoi Shásamh Custaiméirí

I mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna, thug an tÚdarás faoin gcéad shuirbhé náisiúnta riamh faoi shásamh custaiméirí i dtaca le hiompar poiblí. Díríodh ar sheirbhísí iompair phoiblí ar conradh agus ar sheirbhísí bus ceadúnaithe.

Bhí na torthaí thar a bheith dearfach: 91% an ráta sásaimh go foriomlán maidir leis na seirbhísí éagsúla – féach Figiúr 1.

I mí Lúnasa, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach torthaí thuairisc speisialta Eorabharaiméadair⁶ faoi sheirbhísí cóiste, a rinneadh i mí Mhárta i ngach Ballstát de chuid an AE. Léirigh na torthaí leibhéal ard sásaimh le seirbhísí cóiste in Éirinn; thug 84% de na paisinéirí rátáil 'maith' dóibh. Ba é sin an rátáil sásaimh is airde as measc na mBallstát AE uile.

Figiúr 1 – Sásamh custaiméirí foriomlán de réir an mhodh iompair phoiblí



02



An t-eispéireas taistil a fheabhsú

Bhí feasacht ardaithe ar bhranda *Transport for Ireland (TFI)* i measc an phobail mhóir agus úsáideoirí iompair phoiblí

Transport for Ireland (TFI)

Is é TFI aonbhranda an iompair phoiblí ar fud na hÉireann.

Choimisiúnaigh an tÚdarás suirbhéanna leis an leibhéal feasachta ar an mbranda TFI i measc an phobail mhóir a fhiosrú. Rinneadh na suirbhéanna i mí Mhárta agus i mí Dheireadh Fómhair agus léirigh siad gur tháinig méadú ar an bhfeasacht ar an mbranda i measc an phobail mhóir ó 29% i mí Mhárta go 52% i mí Dheireadh Fómhair. I measc úsáideoirí iompair phoiblí, mhéadaigh an fheasacht ó 36% i mí Mhárta go 60% i mí Dheireadh Fómhair.

Bhí méadú suntasach ar an bhfeasacht ar ardáin eolais dhigiteacha TFI agus aipeanna pleanála turas agus ar an úsáid a baineadh astu mar thoradh ar fheabhsuithe ar an méid a bhí á thairiscint agus ar an margaíocht a bhí á déanamh ar na feabhsuithe sin le tomhaltóirí.



Margaíocht TFI agus Gníomhaíochtaí Teagmhála Eile le Custaiméirí

Chomhoibrigh an tÚdarás le heagraitheoirí imeachtaí móra poiblí in 2017, Féile Phádraig agus Cruinniú na Cásca ina measc, chun daoine a bhí ag freastal orthu a chur ar an eolas faoi roghanna iompair phoiblí. D'oibrigh an tÚdarás i gcomhpháirtíocht freisin le Fáilte Ireland agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath chun eolas den chineál céanna a chur ar fáil do chuartheoirí ar Éirinn.

Rinne an tÚdarás na feachtais agus na gníomhaíochtaí seo a leanas le linn na bliana:

- Bhí feachtas bliantúil *Cárta Leap Kids Go Free* ann i mí Iúil. Leis an bhfeachtas seo, tá cead ag páistí agus ag déagóirí faoi 19 mbliana taisteal saor in aisce ar feadh tréimhse choicise ar Chárta Leap do Pháistí. An aidhm atá leis taithí a thabhairt do dhaoine óga agus dá dtuismitheoirí ar a bheith ag úsáid iompar poiblí. D'éirigh go han-mhaith leis an bhfeachtas: rinneadh 648,690 turas, is é sin méadú 50% le hais 2016.
- I mí Lúnasa, bhí feachtas ag an Údarás chun dul i ngleic leis an gciníochas ar sheirbhísí iompair phoiblí i gcomhar leis an gComhairle um Imircigh in Éirinn agus le hoibritheoirí iompair phoiblí. Cuireadh bunteachtairacht chun cinn – *We are all made of the same stuff* – ar bhord busanna agus traenacha agus ag stadanna agus i stáisiúin.
- I mí Mheán Fómhair, phoibligh an tÚdarás grúpa aipeanna le mic léinn nua agus leo siúd a bhí ag pilleadh i gcoláistí tríú leibhéal ar fud na tíre.
- I mí Dheireadh Fómhair, sheol an tÚdarás feachtas digiteach agus feachtas ar fheithiclí i mBaile Átha Cliath le feasacht a ardú ar a thábhachtaí atá sé an spás ar leith atá curtha ar fáil faoi choinne cathaoireacha rothaí ar bhusanna a fhágáil saor le haghaidh úsáideoirí cathaoireacha rothaí. Dearadh an feachtas *Please don't Buggy in the Wheelchair Zone* agus cuireadh i bhfeidhm é i gcomhar le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann agus Bus Átha Cliath.

- I mí na Nollag, bhí feachtas ar líne agus ar an raidió ag an Údarás le socruithe iompair phoiblí a fhógairt le linn tréimhse ghnóthach na Nollag agus na Bliana Úire.


Aipeanna

Mhéadaigh ar líon na n-íoslódálacha aipeanna mar thoradh ar fheachtais dhírithe phoiblíochta. Bhí méadú suntasach ar an líon íoslódálacha a rinneadh ar ghrúpa aipeanna de chuid an Údaráis mar thoradh ar iarrachtaí leis na haipeanna a phoiblíú le mic léinn tríú leibhéal ag tús na bliana acadúla 2017 / 2018.


Bhí méadú freisin ar líon na n-íoslódálacha agus ar úsáid i mí na Nollag mar gheall ar thús a bheith curtha le feachtas íoslódálacha “ar siúl an t-am ar fad” de chuid Google agus ar fheachtas poiblíochta an Údaráis faoi iompar poiblí um Nollaig.

Chuir an tÚdarás réimse “brúfhógraí” i bhfeidhm faoi choinne úsáideoirí na haípe Real Time Ireland. Tá leideanna cuidiúla le fáil sna fógraí faoi phríomhghnéithe na haípe agus cuireann siad eolas tráthúil, ábhartha taistil ar fáil freisin. Méadú céim ar chéim ar an líon seisiún úsáide a bhain le haip Real Time Ireland an toradh a bhí air.

Rinneadh an aip Leap Top-Up a uasdátú dhá uair in 2017. I mí Aibreáin, tugadh gnéithe úra isteach, lena n-áirítear ceannach ticéad, scáileáin eolais faoi chártaí agus ticéid agus admhálacha trí ríomhphost. I mí Mheithimh, cuireadh rochtain ar eolas “caidhpeála” ar fáil d’úsáideoirí ionas go dtiocfadh leo a fheiceáil cé chomh cóngarach dá gcuid laethúil nó sheachtainiúil táillí a bhí siad.



Figiúr 2 – Íoslódacha aipe de réir na míosa



Na Meáin Shóisialta

Bhí cuntas Twitter *TFI* an Údaráis (@TFIupdates) ina bhealach tábhachtach le forbairtí iompair phoiblí a fhógairt agus a chur chun cinn. Mí Dhéireadh Fómhair an mhí ba ghnóthaí mar gheall ar an méadú ar thrácht go príomha mar thoradh ar shuim an phobail sa ghearradh siar ar iompar poiblí de dheasca Stoirm Ophelia.

Suíomhanna Gréasáin

Léiríonn Tábla 16 an oiread a bhí suíomhanna gréasáin an Údaráis in úsáid.

Bhí dúbailt agus níos mó ar an trácht ar shuíomh gréasáin Local Link mar gheall ar sheirbhísí iompair thuaithe an Údaráis a bheith poiblithe níos mó le linn na bliana agus ar fheabhsuithe a bheith déanta ar an suíomh.

Bhí dúbailt ar an trácht ar shuíomh gréasáin Luas Traschathrach, rud a léirigh an spéis mhéadaithe a bhí ag an bpobal sa síneadh le Luas sa tréimhse suas go dtí gur cuireadh an tionscadal i gcrích.

Dealraíonn sé go bhfuil léibheann bainte amach ó thaobh trácht ar shuíomh gréasáin na gCártaí Leap. Gach seans gur léiriú é seo ar an táirge seo a bheith tagtha in inmhe faoin am seo. Mar sin féin, tá fás leanúnach ag teacht ar ráta suntasach ar shuíomh gréasáin *Transport for Ireland*.

Go foriomlán, mheall suíomhanna gréasáin an Údaráis 3.5 milliún úsáideoir uathúil agus bhí 69 milliún radharc leathanaigh ann.

Tábla 16 – Suíomhanna gréasáin do thomhaltóirí

Suíomh Gréasáin	An Chúis Atá Leis	Cuairteanna 2016	Cuairteanna 2017	Athrú céatadán
leapcard.ie	Suíomh ar leith do chustaiméirí a bhfuil ticéad comhtháite Cárta Leap acu	1,494,439	1,494,082	0.0%
transportforireland.ie	Cuidíonn sé le daoine turais a phleanáil agus a dhéanamh ar iompar poiblí (tacsaithe, hacnaithe, rothair san áireamh) trí réimse d'eolas agus de theicneolaíochtaí a chur ar fáil	1,224,787	1,363,428	11.3%
nationaltransport.ie	Suíomh corparáideach an Údaráis	313,942	379,453	20.9%
luascrosscity.ie	Eolas agus uasdátuithe rialta faoi thógáil Luas Traschathrach	189,609	373,581	97.0%
locallink.ie	Suíomh ar leith faoi sheirbhísí iompair thuaithe	8,363	29,087	247.8%
smartertravelworkplaces.ie	Tugann sé seo eolas faoi iompar inbhuanaithe agus faoi thionscnaimh thaistil d'fhostóirí agus d'fhostaithe	36,938	24,441	-33.8%
carsharing.ie	Cuidíonn sé le tiománaithe socruithe carr-roinnte a dhéanamh	21,639	21,309	-1.5%

Cártaí Leap

Bhí fás suntasach arís i mbeagnach gach réimse i scéim na gCártaí Leap. Díoladh breis agus 704,000 cárta le linn na bliana agus faoi dheireadh na bliana, €598 milliún luach carnach na mbreisithe creidmheasa a próiseáladh ó bhí seoladh an Chárta Leap ann in i mí na Nollag 2011.

Tháinig fás mór ar úsáid na haípe Leap Top-Up le haghaidh fóin phóca Android le linn na bliana agus phróiseáil úsáideoirí na haípe luach níos mó ná €27 milliún i mbreisithe creidmheasa, figiúr arb ionann é agus 17% de luach na mbreisithe uile in 2017.

Cuireadh i gcrích athnuachan ar chóras cúloifige an Chárta Leap. San áireamh san athnuachan sin bhí feabhsuithe ar an gcóras agus acmhainneacht níos fearr chun teacht aniar as tubaistí sna croíchórais uile.

Lean an tÚdarás ar aghaidh de bheith ag cur an Chárta Leap chun cinn i dtaca le grúpaí tábhachtacha custaiméirí.

Rinneadh poiblíocht láidir ar Chárta Leap na gCuirteoirí. Bhí fógraí ar Léarscáil Bhaile Átha Cliath do Chuirteoirí, a scaiptear 1.2 milliún acu, in iris Aer Lingus, a bhíonn le fáil ar eitiltí agus in áiteanna éagsúla ar fud Aerfort Bhaile Átha Cliath. I mí Mheithimh, cuireadh Cárta na gCuirteoirí ar fáil le ceannach ar líne agus rinneadh poiblíocht ar an bhforbairt seo le custaiméirí de chuid Aer Lingus agus Ryanair.

Chuathas i mbun mórfeachtas poiblíochta i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge i mí Mheán Fómhair le feachtas ar an gCárta Leap a ardú. Fás suntasach ar úsáid Cártaí Leap ar fud na gcathracha seo an toradh a bhí air sin.

Díreach roimh dheireadh na bliana, cuireadh tús leis an bpróiseas athbhrandála ar an gCárta Leap mar Chárta Leap TFI d'fhonn comhtháthú níos fearr leis an mbranda TFI a bhaint amach.

Tábla 17 – Staitisticí faoin gCárta Leap

Táscaire Feidhmíochta	Iomlán 2017	Iomlán 2016	Iomlán ó seoladh an Chárta Leap i mí na Nollag 2011
An líon cártaí a díoladh	704,367	644,959	2,783,077
An líon turas a rinneadh le Cártaí Leap ⁷	132.3 milliún	112.7 milliún	438 milliún
Ioncam ón seirbhís Íoc-Mar-A-Úsáidtear	€175 milliún	€144 milliún	€570 milliún
Ioncam ón táirge Leap ⁸	€94 milliún	€95 milliún	€353 milliún

Éabhlóid Scéim na gCártaí Leap

Lean an tÚdarás le hullmhúcháin don chéad ghlúin eile de threalamh ticéadaithe.

Chuir an tÚdarás tús le comórtas soláthair phoiblí maidir le réiteach ticéadaithe mhóibíligh le haghaidh turais traenach idirchathrach agus turais fhada bus agus an praghas is saoire a bheith le fáil de ghnáth tríd an ticéad a bhúcaíl ar líne roimh an turas.

⁷ Níl turais a rinneadh le pasanna saorthaistil eisithe ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta san áireamh

⁸ Is ionann ioncam ó tháirgí Leap agus líon iomlán na dticéad a díoladh ar Chártaí Leap, agus tá luach na dticéad Tax saver, na dticéad ilturais bus srl san áireamh.

Turais a Phleanáil

Le linn na bliana, ríomh seirbhísí eolas taistil *Transport for Ireland* go raibh 20 milliún plean turais ann, agus chuir siad eolas ar fáil ar 15.5 milliún bord eolais faoi imeachtaí fíor-ama.

Eolas Fíor-Ama do Phaisinéirí

Déanann an tÚdarás suirbhéanna a choimisiúnú go rialta gach bliain le beaichte na réamh-mheastachán faoi amanna teachta busanna ag stadanna bus a thomhas agus chun gníomhartha ceartaitheacha a dhéanamh nuair is gá.

Bhí rátaí arda beaichte teachta ann go leanúnach maidir le seirbhísí Bhus Átha Cliath; 97% an meánráta gach ráithe.

86% an meánráta beaichte maidir le hamanna imeachta seirbhísí Bhus Éireann i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge. Níl sé seo sásúil. Lean an tÚdarás ar aghaidh lena bheith ag obair i gcomhar le Bus Éireann chun a fháil amach cá háit ar féidir feabhsuithe a dhéanamh.

Tábla 18 - Taispeántaí eolas fíor-ama do phaisinéirí


Ceantar	Líon na dTaispeántaí
Baile Átha Cliath	600
An Mhí	14
Cill Dara	15
Cill Mhantáin	12
Corcaigh	49
Gaillimh	19
Luimneach	16
Port Láirge	10
Eile	9
Iomlán	744

Córas Bainistíochta an Bhonneagar Iompair Phoiblí

Baintear úsáid as Córas Bainistíochta an Bhonneagar Iompair Phoiblí le heolas a fháil faoi na cineálacha saoraidí atá ar fáil ag áiteanna stad iompair phoiblí agus faoin riocht ina bhfuil siad.

Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil leis an Údarás Náisiúnta Míchumais chun córas grádaithe a aimsiú a ndéanfar dearadh uilíoch air agus a bheidh in úsáid le stadanna a aimsiú ar gá iad a fheabhsú d'fhonn freastal níos fearr ar riachtanais custaiméirí iompair phoiblí.





Eolas faoi Iompar Poiblí

Chuir an tÚdarás tús le clár a bhfuil sé mar aidhm leis an t-eolas a chuirtear ar fáil ag stadanna iompair phoiblí a fheabhsú. Is ag stadanna Luas is déanaí a suiteáladh eolas.

Tionscadal na Cathrach Oscailte

Is éard is 'Cathair Oscailte' ann oibríocht bhliantúil an Údaráis chun é a dhéanamh níos fusa ar dhaoine a mbealach a dhéanamh thart ar Bhaile Átha Cliath ar sheirbhísí iompair phoiblí i mí na Nollag, tréimhse a bhíonn i gcónaí iontach gnóthach. Bhí an oibríocht i bhfeidhm idir an 3 agus an 24 Nollaig.

Cuireadh pleananna sonraithe i bhfeidhm i ndiaidh go ndeachthas i dteagmháil leis an nGarda

Síochána agus i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara, údaráis áitiúla, soláthróirí iompair agus lucht gnó san áireamh. Áiríodh leis sin freagairt chomhordnaithe ag gníomhaireachtaí maidir le saincheisteanna tráchta i ndiaidh gur cuireadh an síneadh ar an Líne Ghlas Luas i mbun feidhme.

Cuireadh sonraí faoi shocrúithe taistil agus iompair, seirbhísí mall san oíche san áireamh, ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin Transport for Ireland agus ar na meáin shóisialta.

03



Pleananna straitéiseacha a chur i bhfeidhm don todhchaí

Thacaigh an tÚdarás go gníomhach
le hullmhú an Chreat Náisiúnta Pleanála

Straitéis Iompair do Mórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016 - 2035

Is í an Straitéis Iompair an phríomhcháipéis iompair a bhíonn in úsáid ag an Údarás maidir le pleananna úsáid talún atá á bhforbairt ag na húdaráis áitiúla i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Bhain an tÚdarás úsáid as an bplean bonneagar iompair freisin chun tacú le hiarratais ar mhaoiniú Rialtais mar chuid de phróiseas an bhuiséid bhliantúil agus den athbhreithniú ar phleananna caitheamh caipitil.

Pleanáil ag Leibhéal Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil

Ar leibhéal náisiúnta, thacaigh an tÚdarás go gníomhach le hullmhú an Chreat Náisiúnta Pleanála. Bhíomar i dteagmháil leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Bhíomar páirteach in imeachtaí comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus rinneamar aighneacht scríofa faoin gCreat Dréachta Náisiúnta Pleanála.

Ar leibhéal réigiúnach, chuir an tÚdarás eolas ar fáil agus na Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíochta á n-ullmhú. Caithear straitéisí iompair réigiúnacha a ullmhú de réir fhorálacha na Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíochta, agus is é sin an príomhfháth a raibh baint againn leo.

De réir na ndualgas reachtúil atá ar an Údarás, leanadh ar aghaidh le fócas láidir ar na háiteanna uirbeacha is mó sa Stát, is é sin Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge. Bhí teagmháil dhlúth againn le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile sna háiteanna sin agus pleananna cathrach, pleananna contae, pleananna ceantair áitiúil agus scéimeanna pleanála le haghaidh Ceantair Forbartha Straitéisí á n-ullmhú nó á n-athbhreithniú. I gcás Chorcaí, bhí an teagmháil sin ann i gcás ullmhú straitéis iompair Cheantar Cathrach Chorcaí.

Pleanáil Iompair – Mórcheantar Bhaile Átha Cliath

Lean an tÚdarás ar aghaidh de bheith ag obair go dlúth le húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí Stáit agus le páirtithe leasmhara eile ar réimse ceisteanna polasaí, tionscnamh agus infheistíochtaí molta iompair. Dhírigh an obair seo go háirithe ar na gnéithe seo a leanas:

- páirtíocht in ullmhú pleananna forbartha straitéisí, scéimeanna pleanála le haghaidh Ceantair Forbartha Straitéisí, pleananna ceantair áitiúil, pleananna iompair áitiúil agus staidéir neamhreachtúla, máistirphleananna san áireamh;
- leanúint le hanailís iompair le haghaidh Lár Bhaile Átha Cliath agus ionaid uirbeacha eile;
- páirtíocht le húdaráis áitiúla maidir le tionscnaimh éagsúla a bhain le bainistiú an éilimh ar iompar, le pleanáil seirbhísí iompair phoiblí agus le bainistiú tráchta; agus
- páirtíocht leanúnach le Grúpa Comhairliúcháin Ghníomhaireacht Fhorbartha Ghráinseach Ghormáin.

Bhí méadú ar líon na n-iarratas pleanála a raibh baint ag an Údarás leo. Bhain siad le forbairtí tráchtála, go háirithe i Lár Bhaile Átha Cliath agus i gceantar na nDugaí. Tháinig méadú mór freisin ar an líon iarratas pleanála maidir le forbraíochtaí móra cónaitheacha i lár cathracha, i mbruachbhailte agus i mbailte móra gar do chathracha.

Dhírigh páirtíocht an Údaráis go príomha ar a bheith ag cur chun cinn na gcuspóirí i Straitéis Iompair fhadtéarmach an Údaráis agus ar sheachadadh an bhonneagair agus na seirbhísí bainteacha iompair.

Chuir an tÚdarás 68 aighneacht scríofa san iomlán isteach chuig údaráis áitiúla agus chuig an mBord Pleanála. In Tábla 19, tá liosta le fáil d'aighneachtaí an Údaráis maidir le pleananna forbartha reachtúla, pleananna ceantair áitiúil, scéimeanna pleanála agus máistirphleananna. Tá aighneachtaí a bhain le hiarratais shuntasascha phleanála liostaithe ann freisin.



Tábla 19 – Príomhaighneachtaí pleanála an Údaráis maidir le Mórcheantar Bhaile Átha Cliath

Pleananna Forbartha	
>>	Plean Forbartha Fhine Gall – Scéim Ranníocaíochtaí Fóirdheontais
>>	Plean Forbartha Cheanannais (Comhairle Contae na Mí) Éagsúlú Uimhir 1
>>	Plean Forbartha Cheanannais, Leasú Nithiúil ar Éagsúlú Uimhir 1
>>	Plean Forbartha na hUaimhe (Comhairle Contae na Mí) Éagsúlú Uimhir 2
>>	Plean Forbartha na Uaimhe, Leasú Nithiúil ar Éagsúlú Uimhir 2
Pleananna Ceantair Áitiúil, Máistirphleananna, Scéimeanna Pleananna	
>>	Scéim Pleanála Dréachta um Cheantar Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa
>>	Scéim Pleanála Dréachta um Cheantar Forbartha Straitéisí an Phoill Bhig Thiar agus Leasuithe Ábhartha
>>	Plean Ceantair Áitiúil an Inbhir Mhóir agus Leasú Ábhartha
>>	Plean Dréachta Cheantar Uirbeach Bhré
>>	Plean Ceantair Áitiúil Dréachta Bhaile Uí Chuilinn, leasuithe molta
>>	Plean Ceantair Áitiúil Thamhlachta, Páipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta
>>	Plean Ceantair Áitiúil Dréachta Chill Droichid agus Leasuithe Ábhartha
>>	Plean Ceantair Áitiúil an Náis, Páipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta
>>	Plean Ceantair Áitiúil Chlaonadh, Leasuithe Ábhartha
>>	Plean Ceantair Áitiúil Léim an Bhradáin agus Leasuithe Ábhartha
>>	Plean Ceantair Áitiúil Lisín an Airgid, Páipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta
>>	Plean Ceantair Áitiúil Shruthán na Coille-Sheangánaí
>>	Plean Dréachta Ceantair Áitiúil Bhaile Munna

Tábla 19 (ar lean)

Iarratais Shuntasacha ar Phleanáil	
>>	Lár Bhaile Choill na Silíní – cead 10 mbliana (DZ17A/0862, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin)
>>	Síneadh leis an Meala Dearg, Lár Bhaile Bhlainséir (FW17A/0147, Comhairle Contae Fhine Gall)
>>	Bunscoil in Acra na mBodach, Na Clocha Liatha (17/780, Comhairle Contae Chill Mhantáin)
>>	Forbraíocht Úsáide Measctha san Fhásach Rua, lena n-áirítear 658 aonad cónaitheach (16/999, Comhairle Contae Chill Mhantáin)
>>	Forbraíocht Chónaitheach, an Uaimh – 246 aonad cónaitheach (NA10747, Comhairle Contae na Mí)
>>	Ionad Cúraim, an Uaimh – 186 leaba, 40 aonad cónaitheach (NA170976, Comhairle Contae na Mí)
>>	Forbraíocht Chónaitheach, Droichead Átha – 150 aonad cónaitheach (LB170075, Comhairle Contae na Mí)
>>	Suíomh scoile, Cill Choca – Cead Imlíneach (RA171024, Comhairle Contae na Mí)
>>	Forbraíocht Úsáide Measctha, Seantrabh (2713/17, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)
>>	Forbaíocht Oifigí, Sráid Townsend (3637/17, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)
>>	Coláiste Pobail, Leamhcán (SD17A/0164, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas)
>>	Forbaíocht Oifigí, Áth an Ghainimh (D17A/0496, Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin)
>>	Scéim Rothaíochta idir an Nás agus an Chill (Cuid 8, Comhairle Contae Chill Dara)
>>	Bealach Glas na Canála Móire, Cluain Chonaire go Loc Ferran (Cuid 8, Comhairle Contae Chill Dara)
>>	Feirm Clay, 927 aonad cónaitheach (TA0002, an Bord Pleanála)
>>	Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Páirc na Leamhán – (SID DCC 2017-1, an Bord Pleanála)
>>	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Ióistín 3,006 leaba do mhic léinn (TA 0001 SHD, cead 10 mbliana, an Bord Pleanála)

Pleanáil Iompair – Ceantair Eile

Lean an tÚdarás lena bheith i dteagmháil le húdaráis áitiúla taobh amuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath – go háirithe leo siúd sna cathracha sna réigiúin, mar atá Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge – maidir le ceisteanna pleanála agus iompair. Samhlaítear go dtógfar bunús níos láidre thar am mar gheall ar an teagmháil seo le ról an Údaráis sna cathracha seo ó thaobh infheistíocht in iompar agus eagrú seirbhísí iompair phoiblí agus, go ginearálta, ó thaobh tionchar a imirt ar chomhtháthú úsáid talún agus pleanáil iompair.

Corcaigh

Chuir an tÚdarás tús le straitéis iompair a ullmhú le haghaidh Cheantar Cathrach Chorcaí i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí agus Bonneagar Iompair Éireann. Beidh gach modh iompair san áireamh sa straitéis

seo agus an cuspóir a bheidh leis creat pleanála straitéisí fadtéarmaí a sholáthar faoi choinne fhorbairt chomhtháite an bhonneagar iompair agus seirbhísí iompair i gCeantar Cathrach Chorcaí sa scór bliain atá romhainn. Beidh an straitéis mar bhunús le leibhéal na hinfheistíochta a dhéanfar i gcúrsaí iompair agus le beartú tosaíochta i dtaca le hinfheistíocht, agus beifear in ann cinntí faoi úsáid inbhuanaithe chomhtháite talún agus faoi cheapadh polasaí iompair a bhunú uirthi ar leibhéal straitéiseach (is é sin leibhéal an Cheantar Cathrach) agus ag leibhéal áitiúil.

Lean an tÚdarás lena rannpháirtíocht sa Ghrúpa um Plean Straitéiseach do Cheantar Chorcaí ag leibhéal an Choiste Stiúrtha agus an Fho-Choiste Iompair araon. Lean an tÚdarás lena bheith ag obair le Comhairle Contae Chorcaí maidir leis an bpróiseas measúnaithe iompair a bhaineann le naoi n-áit forbartha sa Cheantar Cathrach atá aitheanta mar cheantair sínte uirbeacha i bPlean Forbartha an Chontae. Bhí an tÚdarás i dteagmháil leis an dá údarás áitiúla freisin agus a bpleananna reachtúla ceantair áitiúil á n-ullmhú acu: d'fhreastalaíomar ar chruinnithe comhairliúcháin réamhdhréachta faoi choinne páirtithe leasmhara agus chuireamar aighneachtaí scríofa isteach ag an gcéim réamhdhréachta agus ag an gcéim dhréachta.



Gaillimh

Anois go bhfuil glactha le Straitéis Iompair na Gaillimhe, tá an Údarás ag obair le moltaí a bhaineann leis an mbonneagar a chur i bhfeidhm. Gné lárnach den obair sin is ea Staidéar ar Bhainistiú Tráchta i Lár Chathair na Gaillimhe a choimisiúnú, trína bhforbrófar dearadh sonraithe maidir le cur i bhfeidhm bealach traschathrach i nGaillimh don iompar poiblí agus feabhsuithe eile siúil, rothaíochta agus bainistiú tráchta sa lár.

D'oibrigh an tÚdarás le Comhairle Cathrach na Gaillimhe freisin maidir le pleananna a ullmhú ag leibhéal áitiúil. Áiríodh leis sin plean ceantair áitiúil a ullmhú le haghaidh na nArdán agus staidéar iompair a ullmhú le haghaidh ceantar na Páirce Móire. Bhain rannpháirtíocht an Údaráis go príomha leis na cuspóirí i Straitéis Iompair na Gaillimhe a ghnóthú agus leis na bearta ann a dhéanamh.

Port Láirge

Bhí an tÚdarás páirteach i gcomhphlé luath le Comhairle Cathrach agus le Comhairle Contae Phort Láirge faoi na riachtanais infheistíochta i gcúrsaí iompair sa chathair agus sna ceantair máguaird, go háirithe i gcomhthéacs na scéime pleanála atá á hullmhú faoi láthair do Cheantar Forbartha Straitéisí na gCéanna Thuaidh.

Ceantair Eile

Bhí an tÚdarás i dteagmháil le húdaráis áitiúla i mbailte móra maidir le bainistiú an éilimh ar iompar, pleanáil seirbhísí iompair phoiblí agus tionscnaimh bainistiú tráchta.

Aighneachtaí Pleanála

San iomlán, chuir an tÚdarás 13 aighneacht scríofa isteach chuig údaráis áitiúla taobh amuigh de Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath maidir le pleananna reachtúla, iarratais phleanála agus scóip Mheasúnachtaí Tionchair Chomhshaoil. Tá na haighneachtaí liostaithe in Tábla 20.

Tábla 20 – Príomhaighneachtaí pleanála an Údaráis taobh amuigh de Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath

Pleananna Forbartha	
>>	Plean Forbartha Chontae Chorcaí, Leagan Uimhir 1 (Comhairle Contae Chorcaí)
>>	Plean Forbartha Dréachta Chathair na Gaillimhe, Leasuithe Ábhartha (Comhairle Cathrach na Gaillimhe)
Pleananna Ceantair Áitiúil, Scéimeanna Pleanála	
>>	Scéim Pleanála Dréachta um Cheantar Forbartha Straitéisí Chéanna Thuaidh Phort Láirge (Comhairle Cathrach Phort Láirge agus Comhairle Contae Phort Láirge)
>>	Plean Dréachta Ceantair Áitiúil Phort an Chalaigh-Bellview (Comhairle Contae Chill Chainnigh)
>>	Pleananna Dréachta Ceantair Áitiúil an Cheantar Cathrach (Comhairle Contae Chorcaí)
>>	An Páipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta um Dhugaí Chathair Chorcaí (Comhairle Cathrach Chorcaí)
>>	An Páipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta um Dhugaí Tivoli (Comhairle Cathrach Chorcaí)

Samhlacha Iompair Réigiúnaigh

Tá córas samhaltaithe ilmhodha réigiúnach an Údaráis comhdhéanta de shamhail um éileamh náisiúnta, cúig mhórshamhail nua iompair sna réigiúin ar fud an Stáit agus foireann uirlisí measúnachta. Tá na samhlacha réigiúnacha dírithe ar phríomhchathracha an Stáit, is iad sin Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge.

I ndiaidh gur cuireadh an fhoireann samhlacha i gcrích in 2016, cuireadh tús le 41 togra samhaltaithe in 2017. Bhí formhór na dtionscnamh seo lonnaithe i Réigiún Bhaile Átha Cliath agus b'éigean Samhail Réigiún an Oirthir a úsáid, ach bhí roinnt mhaith acu lonnaithe i réigiúin eile agus bhí an tsamhail réigiúnach shonrach a bhain leis na réigiúin áirithe sin in úsáid.

Bailíodh cuid mhór sonraí in 2017 chun tacú le huasdátú na samhla, agus tugadh eolas faoi cheantair bheaga ó Dhaonáireamh 2016 san áireamh; cuireadh an t-eolas Daonáirimh seo ar fáil ag deireadh 2017. Ar an eolas a bhí i gceist leis an mbailiú sonraí bhí comhairimh thráchtacha agus suirbhéanna faoi stadanna agus ualaigh iompair phoiblí. Tugadh le chéile comhairimh a rinne tríú páirtithe freisin. Cuireadh i gcrích bailiú sonraí ar mhaithe leis an tSuirbhé Náisiúnta Teaghlach freisin.

Cuireadh tús freisin le pleanáil maidir le hathbhonn a chur faoin gcóras samhaltaithe bunaithe ar an mbliain daonáirimh 2016. Tugadh le chéile eolas ó úsáideoirí agus forbróirí samhlacha chun liosta iomlán d'uasghráduithe ionchais a dhéanamh. Ansin, cuireadh an t-eolas uile le chéile agus cuireadh i gcomparáid é leis na hacmhainní a bhí ar fáil d'fhonn plean cuimsitheach uasdátaithe samhaltaithe a dhéanamh.

04



Tacaíocht a thabhairt do dhaoine taisteal inbhuanaithe a roghnú

1,160 spás páirceála le haghaidh rothar agus scútar curtha ar fáil i scoileanna

Cláir Taisteal Níos Cliste

Is cláir náisiúnta dheonacha iad Áiteanna Oibre Níos Cliste Ó Thaobh Taistil De agus Campais Níos Cliste Ó Thaobh Taistil De a thacaíonn le fostóirí móra agus le hinstiúidí tríú leibhéal pleananna taistil a chur i bhfeidhm in áiteanna oibre.

Tugtar cuidiú do pháirtneirí sna cláir an deighilt de réir cóir iompair atá ann cheana féin ina n-eagras féin a aithint agus deiseanna a aithint chun gníomhartha a dhéanamh i ngach cóir iompair. De réir na bunmhonatóireachta atá déanta go dtí seo, tá ag laghdú ar úsáid carranna i bhformhór na n-áiteanna oibre agus na gcampas a bhfuil pleananna aibí taistil acu agus tá ag méadú dá réir ar an úsáid a bhaintear as modhanna taistil inbhuanaithe.

Dhírigh an obair ar na gníomhartha seo a leanas:

- páirtíocht leanúnach i suirbhéanna agus cómhalartú le páirtneirí;
- dúshlán idir chomhlachtaí maidir le fostaithe modhanna inbhuanaithe a úsáid; agus
- imeachtaí poiblíochta le feachtas ar dheiseanna taistil inbhuanaithe a ardú.

Tá cur síos níos sonraithe ar na príomhghníomhaíochtaí le fáil sna paragraif thíos.

Dúshlán Rothaíochta (Márta go Bealtaine)

Spreadadh páirtithe sa chlár Áiteanna Oibre Níos Cliste Ó Thaobh Taistil De le páirt a ghlacadh in Dúshlán Rothaíochta *Spring Forward* agus ansin sa Dúshlán Rothaíochta Eorpach.

Dúshlán na gCéimeanna (Meán Fómhair go Deireadh Fómhair)

Ghlac 4,630 rannpháirtí in 935 foireann in 65 eagras páirt i nDúshlán na gCéimeanna, a chuireann an siúl chun cinn i measc daoine ina n-áiteanna oibre.

Marchathon

Ghlac 1,500 rannpháirtí ó 19 gcoláiste páirt sa dúshlán siúil seo do bhaill foirne agus do mhic léinn. Léirigh suirbhéanna a rinneadh gur tháinig méadú ar chéatadán na ndaoine a bhíonn ag siúl chuig an gcampas ó 25% roimh an dúshlán go 44% ina dhiaidh.

Gradaim Thaistil Níos Cliste

Bronnadh gradaim in 13 chatagóir do pháirtithe Taisteal Níos Cliste atá eiseamlarach ó thaobh tionscnaimh thaistil níos cliste de a bhféadfaí a macasamhail a chur i bhfeidhm i gcuideachtaí eile.

Bhain Northern Trust i Luimneach an Mór-Ghradam don Áit Oibre Is Fearr Ó Thaobh Taistil Níos Cliste De agus bronnadh an Mór-Ghradam don Champas Is Fearr Ó Thaobh Taistil Níos Cliste De ar Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.



Gradaim Ilmheán na Mac Léinn

Bhí méadú ann arís i mbliana ar líon na n-iontrálacha i nGradaim Ilmheán na Mac Léinn. Bhí 60 iontráil ann san iomlán.

Bealaí Comaitéireachta a Rith (Run Commute)

Bhí an chéad dúshlán náisiúnta le Bealaí Comaitéireachta a Rith ar siúl i mí Mheithimh 2017. Chláraigh 73 duine in 32 foireann le páirt a ghlacadh ann agus rith siad 595 bealach comaitéireachta le linn an dúshláin.

Light-Up Your Life – Feachtas um Shoilse Rothair

Bhí an Feachtas *Light Up Your Life* ar siúl i mí Dheireadh Fómhair. Spreagann sé rothaithe le soilse a úsáid agus dáileadh 2,600 solas rothair le linn an fheachtais..

Clár Taistil na Scoileanna Glasa

In 2016 / 2017 ghlac 404 scoil páirt i bhfeachtas taistil na Scoileanna Glasa. Bronnadh Bratach Ghlas ar 205 acu i mí na Bealtaine i ndiaidh dóibh obair dhá bhliain a dhéanamh le taisteal gníomhach, inbhuanaithe a chur chun cinn maidir leis an turas ar scoil agus abhaile arís.

Thug Oifigigh Taisteal Scoileanna Glasa 2,379 cuairt i rith na bliana. Cuireadh leis na cuairteanna sin trí chumarsáid leanúnach, imeachtaí oiliúna, comórtais agus imeachtaí náisiúnta.

Reáchtáil Scoileanna Glasa roinnt imeachtaí náisiúnta freisin le páistí scoile a spreagadh lena bheith gníomhach agus iad ar an mbealach chun na scoile agus abhaile arís. Sa Dúshlán Mór Taistil, tugadh dúshlán na scoileanna méadú intomhaiste a bhaint amach maidir le húsáid modhanna inbhuanaithe taistil thar thréimhse 10 lá i mí Feabhra.

Ghlac beagnach 40,000 duine páirt sa tSeachtain Dul ar Scoil ar Scútar (Márta), sa tSeachtain Siúil ar Scoil (Bealtaine) agus i Seachtain na Rothar (Meitheamh).

Ar na héachtaí suntasacha eile a baineadh amach bhí:

- oiliúint oifigigh taistil in Cycle Right, an caighdeán náisiúnta faoi choinne oiliúint rothaíochta;
- suiteáil 320 spás páirceála do rothair agus 840 spás páirceála do scútaire i scoileanna; agus
- breis agus 400 iniúchadh i scoileanna maidir lena éasca atá sé siúl ar scoil. Cuireadh na torthaí faoi bhráid údaráis áitiúla agus sholáthair cuid acu trasrianta nua coisithe, cosáin nua agus trasrianta nua síogacha san áit a bhfuil scoileanna.



05



An Bonneagar a Uasghrádú

Rinne an tÚdarás infheistíocht €200 milliún i dtograí le bealaí siúil agus rothaíochta, iompar poiblí agus rochtain ar sheirbhísí iompair phoiblí ag daoine atá faoi mhíchumas a fheabhsú

Infheistíocht Chaipitil

Tá an tÚdarás freagrach as trí chlár infheistíochta caipitil maidir le hiompar poiblí:

- Clár Caipitil Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath;
- an Clár Iompair Inbhuanaithe i gCathracha sna Réigiúin; agus
- an Clár Inrochtaineachta ar Iompar Poiblí.

Cé go bhfuil freagracht reachtúil ar an Údarás as Clár Caipitil Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath, bainistíonn an tÚdarás an Clár Iompair Inbhuanaithe i gCathracha sna Réigiúin agus an Clár Inrochtaineachta ar Iompar Poiblí ar son na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

I gcás gach ceann de na trí Chlár, tá an tÚdarás freagrach as a shocrú cad iad na tograí a mhaoineofar agus as caiteachas a bhainistiú. Is gníomhaireachtaí Stáit, oibritheoirí iompair agus údaráis áitiúla, áfach, a dhéanann na hoibreacha riachtanacha feidhmithe ar son an Údaráis.



Tábla 21 – Dáileadh íocaíochtaí caipitil (€milliún)

An Gníomhaireacht Feidhmithe	Clár Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath	Clár na gCathracha sna Réigiúin	An Clár Inrochtaineachta	Iomlán
Bus Éireann	26.7	0	0.1	26.8
Comhairle Cathrach Chorcaí	0	4.2	0	4.2
Comhairle Contae Chorcaí	0	1.2	0	1.2
Bus Átha Cliath	2.1	0	0.1	2.2
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	7.7	0	0	7.7
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	1.4	0	0	1.4
Comhairle Contae Fhine Gall	0.5	0	0	0.5
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	0	1.1	0	1.1
Iarnród Éireann	9.8	0.6	1.4	11.8
Comhairle Contae Chill Dara	0.7	0	0	0.7
Comhairle Contae agus Comhairle Cathrach Luimneach	0	1.6	0	1.6

Tábla 21 (ar lean)

An Ghníomhaireacht Feidhmithe	Clár Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath	Clár na gCathracha sna Réigiúin	An Clár Inrochtain-eachta	Iomlán
Comhairle Contae na Mí	1.9	0	0	1.9
An tÚdarás Náisiúnta Iompair	49.5	0.3	1.8	51.6
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	1.8	0	0	1.8
Bonneagar Iompair Éireann	84.6	0	0	84.6
Comhairle Contae agus Comhairle Cathrach Phort Láirge	0	0.5	0	0.5
Comhairle Contae Chill Mhantáin	0.5	0	0	0.5
Iomlán	187.2	9.5	3.4	200.1

Clár Caipitil Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath

Tá Plean Feidhmithe Chomhtháite Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath 2013-2018 ag an Údarás. Plean reachtúil is ea é agus tá an clár infheistíochta i mbonneagar atá le cur i bhfeidhm thar thréimhse an Phlean leagtha amach ann de réir na gceithre fhochlár seo a leanas:

- Iarnród Trom;
- Iarnród Éadrom;
- Busanna; agus
- Iompar Inbhuanaithe agus Comhtháite.

Tá an caiteachas in 2017 faoi Chlár Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath cláraithe in Tábla 22 de réir na gceithre fhochlár.

Tábla 22 - Clár caipitil Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath

Fochlár	Caiteachas (€ milliún)	Céatadán den chaiteachas iomlán
Iarnród Éadrom	84.6	45
Iompar Inbhuanaithe agus Comhtháite	30.0	16
Busanna	62.8	34
Iarnród Trom	9.8	5
Iomlán	187.2	100

Iarnród Trom

Faoin bhfochlár seo, cuirtear maoiniú ar fáil d'Iarnród Éireann le haghaidh chothabháil agus fhorbairt an bhonneagar iarnróid i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Síneadh leis an DART

Lean an tÚdarás ar aghaidh, i gcomhar le hIarnród Éireann, ar an obair i gcéim réamhphleanála Clár Sínte an DART. Rinneadh dul chun cinn maidir leis na gnéithe seo a leanas:

- Cuireadh i gcrích an Staidéar Cumraíochta Tolláin don Mheitreo Nua Thuaidh agus don DART faoi Thalamh. Bhí comhairle sa Staidéar maidir leis na cumraíochtaí tollán agus boscaí stáisiúin is fearr i gcás an dá thogra, bunaithe ar mheasúnú comparáideach idir roghanna éagsúla cumraíochta ginearálta tollán.
- Chuir Iarnród Éireann measúnú i gcrích ar acmhainneacht bealaí traenach sa líonra d'iarnróid throma i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath chun a fháil amach cá háit ar féidir acmhainneacht mhéadaithe a bhaint amach sa chás ina mbeidh a leithéid de dhíth. Bhí an méid sin mar threoir le haghaidh samhaltaithe maidir le héilimh phaisinéirí a rinneadh le linn na bliana lena oibriú amach cad é an t-ord tosaíochta is fearr ó thaobh na hoibre atá le déanamh i gClár Sínte an DART.
- Rinneadh anailís agus measúnacht roghanna maidir leis an áit is fearr le nasc a lonnú idir tolláin an DART faoi Thalamh agus na ráillí atá ann cheana féin i Stáisiún Heuston.



Togra Athchomharthaíochta i Lár Bhaile Átha Cliath

Is gné lárnach é an Togra Athchomharthaíochta i Lár Bhaile Átha Cliath san uasghrádú ar sheirbhísí iarnróid do chomaitéirí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá an togra ceaptha le teicneolaíocht chomharthaíochta chomhghlasach soladstaide rialaithe ag ríomhaire a chur in áit an chóras comharthaíochta cruashreangaithe atá ann faoi láthair agus atá as dáta anois. Tá an togra rannta ina cheithre chéim chomhghaolmhara ionas gur féidir iad a bhainistiú go héasca.

An tIonad Náisiúnta Rialú Traenacha

Leanadh ar aghaidh le hobair deartha agus pleanála chun Ionad Náisiúnta nua-aimseartha Rialú Traenacha a fhorbairt a dhéanfaidh comharthaíocht agus rialú cumarsáide ar fud líonra iomlán na n-iarnród a chomhtháthú, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann trácht traenacha a bhainistiú ar an dóigh is fearr agus is féidir. Glacadh riachtanais tríú páirtithe sa todhchaí san áireamh sa dearadh coincheapa don Ionad Rialaithe. Tugadh próiseas tairisceana le haghaidh dearadh sonraithe an fhoirgnimh chun cinn bunaithe ar an dearadh coincheapa. Chomh maith leis sin, cuireadh tús le comhphlé réamhphleanála le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tugadh an tsonraíocht do na riachtanais theicniúla i gcrích agus cuireadh tús le hullmhú na gcáipéisí tairisceana.

Cuireadh i gcrích cás gnó dréachta don togra agus cuireadh faoi bhráid an Údaráis é le go ndéanfaimis athbhreithniú air. Choimisiúnaigh an tÚdarás athbhreithniú neamhspleách ar an gcás gnó.

Iarnród Éadrom

Luas Traschathrach

I ndiaidh gur cuireadh na príomhoibreacha tógála i gcrích i mí Dheireadh Fómhair, bhí tréimhse ann le haghaidh tástálacha, cur i bhfeidhm agus trialacha ar shíneadh na Líne Glaise idir Faiche Stiabhna agus Droichead Broome. Rinneadh an méid sin sular cuireadh tús le seirbhísí do phaisinéirí ar an 9 Nollaig.

Seachadadh an chéad tram, de sheacht gcinn, le toilleadh níos airde (55 méadar) roimh dheireadh na bliana. Tá na tramanna seo de dhíth le freastal ar an méadú ionchais ar líon na bpaisinéirí ar an Líne Ghlas shínte.

Uasghrádú Bonneagair ar Líne Ghlas Luas

San áireamh sa togra seo tá fad a chur leis na hardáin ag stadanna na Líne Glaise Luas agus uasghrádú ar an gcóras cumhachta. Is dhá rud iad sin atá ag teastáil leis an seacht dtram le toilleadh níos airde (55 méadar) atá á seachadadh mar chuid de Thogra Luas Traschathrach a oibriú.

Cuireadh obair fadaithe na n-ardán i gcrích go rathúil faoi dheireadh mhí na Nollag. Bhí dul chun cinn maith déanta faoi dheireadh 2017 maidir le huasghrádú an chóras cumhachta.

An Meitreo Nua Thuaidh

Críochnaíodh an staidéar ceangail ar an Líne Ghlas go luath in 2017. Cuireadh críoch leis an staidéar le moladh go gceanglódh an Meitreo Nua Thuaidh isteach leis an Líne Ghlas Luas atá ann cheana féin san áit a bhfuil stad Luas Charlemont.

Leanadh ar aghaidh i rith na bliana le hobair ar staidéar rogha an ailínithe agus ar an dearadh coincheapa maidir leis an Meitreo Nua Thuaidh. Aimsíodh an rogha bealach don scéim i mí na Samhna. Ag deireadh na bliana cuireadh tús le cáipéisí a ullmhú le haghaidh comhairliúcháin phoiblí.

Chomh maith leis sin, chuir an tÚdaráis agus Bonneagar Iompair Éireann críoch i gcomhar lena chéile leis an bpróiseas tairisceana le haghaidh Chéimeanna 2, 3 agus 4 den togra, a chlúdaíonn an réamhdhearadh, an próiseas reachtúil agus an dearadh sonraithe, faoi seach.

Busanna

BusConnects

Is é córas na mbusanna bunchloch an iompair phoiblí i gceantar Bhaile Átha Cliath. Ceann de na príomhchuspóirí atá i Straitéis Iompair an Údaráis le haghaidh Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath is ea croílíonra busanna a fhorbairt, a thabharfaidh tús áite do bhusanna.

I mí na Bealtaine, d'fhógair an tÚdarás tús leis an gclár BusConnects, a bhfuil athdhearadh iomlán ar an líonra busanna i gceist leis d'fhonn feabhsuithe suntasacha a bhaint amach ó thaobh éifeachtúlacht agus tarraingteacht an chóras busanna. San áireamh sa chlár BusConnects tá athdhearadh gach gné den chóras bus, ina measc teicneolaíocht ticéadaithe agus bonneagar



na mbóithre, stadanna bus agus líonra na mbealaí bus, struchtúr na dtáillí agus suaitheantais ar fheithicilí.

Chuathas i mbun an chéad chomhairliúcháin phoiblí i mí Mheithimh agus i mí Iúil chun aiseolas a fháil maidir leis na roghanna a bheidh le déanamh nuair a bheidh athdhearadh le déanamh ar an líonra bus. Bunaithe ar an aiseolas a fuarthas, rinneadh dul chun cinn ar an obair chun na príomhathruithe ar an líonra de sheirbhísí bus i mBaile Átha Cliath a aithint.

Amach uaidh sin, rinneadh obair chun na bealaí is dealraithí a roghnófar faoi choinne croí-mhórlánaí gathacha bus a aithint. Leanadh ar aghaidh leis an obair le tuarascálacha dréachta féidearthachta a ullmhú; bhí dearthaí coincheapa do na mórlánaí molta uile san áireamh.

Athnuachan ar Fhlít Busanna Cheantar Bhaile Átha Cliath

Seachadadh 102 bus san iomlán do Bhus Átha Cliath, 100 bus dhá urlar agus 2 bhus meánmhéide, agus cuireadh i mbun seirbhíse iad le linn na bliana. Cuireadh 82 feithicil nua isteach in áit seancheann, móide 20 feithicil eile le dul i ngleic leis an bhfás ar an margadh agus ba ionann é seo agus foistíne.

Cuireadh bunordú isteach ar 40 bus aon urlár in 2018.

Athnuachan ar Fhlít na mBusanna Réigiúnacha

Seachadadh 76 feithicil san iomlán do Bhus Éireann agus cuireadh i mbun feidhme iad i rith na bliana. Ina measc bhí 35 bus dhá urlár, 7 gcóiste dhá urlár agus 34 cóiste aon urlár.

Cuireadh isteach bunordú ar 14 bhus meánmhéide in 2018. Chomh maith leis sin, ordaíodh 8 mbus aon urlár faoi choinne Phort Láirge agus beidh siad le seachadadh in 2018.

Tábla 23 –Seachadadh busanna nua le haghaidh Seirbhísí i mBaile Átha Cliath agus sna Réigiúin

Oibritheoir	2016	2017
Bus Átha Cliath	110	102
Bus Éireann	69	76
Iomlán	179	178

Páirceáil Cóistí

Cuireadh tús i mí Mheithimh le tógáil saoráid páirceála do chóistí in aice le stáisiún traenach na nDugaí agus bhí sé chóir a bheith réidh faoi dheireadh na bliana. Rinneadh ullmhúcháin leis an saoráid a chur i mbun feidhme ag an am céanna leis na hoibreacha tógála. Áiríodh leis an obair sin córas ríomhíocaíochtaí a chur ar fáil le haghaidh oibritheoirí cóistí agus busanna.

Scáthláin Bus

Rinneadh dul chun cinn ar mhórtogra chun soilsiú níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de a chur ar fáil ag scáthláin bus.



Chomh maith le suiteáil roinnt scáthlái nua bus, rinneadh feabhsuithe deisiúcháin ar chuid mhór scáthlái. Áiríodh leis sin suiteáil suíochán, painéil eolais agus painéil nua ghloine in áit painéal a bhí briste.

Iompar Inbhuanaithe agus Comhtháite

Tacaíonn an fochlár seo le réimse leathan tograí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus díreann go háirithe ar na nithe seo a leanas a fhorbairt:

- bonneagar iompair inbhuanaithe i gceantair uirbeacha; agus
- bearta comhtháite amhail an Cárta Leap, Eolas Fíor-Ama do Phaisinéirí agus an Pleanálaí Náisiúnta Turas, a éascaíonn taisteal gan mhoill ná cur isteach ar iompar poiblí.

I gcás an bhonneagar iompair inbhuanaithe, dáiltear maoiniú ar údaráis áitiúla agus ar ghníomhaireachtaí eile trí Chlár Deontais an Údaráis um Bearta Iompair Inbhuanaithe. Is é an tÚdarás a chuireann bearta comhtháite i gcrích de ghnáth.

Seachadadh roinnt tograí tábhachtacha tríd an gClár, lena n-áirítear:

- Saoráid Leithscartha Rothaíochta Fhaiche an Choláiste, Baile Átha Cliath;
- Athruithe Tráchta ar Chéanna na Life, Baile Átha Cliath;
- Athruithe ar Bhainistiú Tráchta ag Siúlán Bhaitsiléir, Baile Átha Cliath;
- Timpeallán Shráid an Iarnróid, an Uaimh, an Mhí; agus
- An Chéim Dheiridh de Bhóthar Shruthán Liam, Leamhcán, Baile Átha Cliath Theas.

Chomh maith leis sin, choimisiúnaigh an tÚdarás roinnt staidéar, lena n-áirítear:

- straitéis faoi choinne comharthaí páirceála i Lár Bhaile Átha Cliath, a bhfuil gá leis mar gheall ar athruithe móra tráchta sa lár anois go bhfuil togra Luas Traschathrach curtha i gcrích; agus
- athbhreithniú neamhspleách ar Scéim Bhealach Rothaíochta na Life.

Tábla 24 – Caiteachas ar bhearta iompair inbhuanaithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath

	Bus	Siúl / Rothaíocht	Sábháil-teacht	Bainistiú Tráchta	Eile	Iomlán
Caiteachas (€m)	1.3	9.3	0.0	3.8	3.0	17.4
Cion den chaiteachas iomlán (%)	8	53	0	22	17	100



Tábla 25 – Bearta iompair inbhuanaithe curtha i bhfeidhm i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath

An Foras Feidhmithe ⁹	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Comhairle Contae Dhún Laoghaire -Ráth an Dúin	Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Comhairle Contae Fhine Gall	Comhairle Contae na Mí	Iomlán
Cosáin nua (méadair)	6,402	485	400	0	2,685	9,972
Cosán comhroinnte / rian rothaíochta (méadair)	0	60	1,191	0	575	1,826
Bealach glas (méadair)	0	0	0	0	0	0
Lánaí nua rothaíochta / rianta (méadair)	3,220	875	800	0	75	4,970
Lánaí nua bus (méadair)	2,540	0	0	0	0	2,540
Ceansú tráchta (méadair)	0	0	400	0	0	400
Feabhsuithe ar stadanna bus (líon)	13	2	0	0	0	15
Feabhsuithe ar acomhail tráchta (líon)	14	3	2	0	4	23
Timpealláin (líon)	0	0	0	0	1	1
Racaí Páirceáil Rothar (líon)	193	127	0	0	0	320
Trasrianta coisithe / túcánacha a soláthraíodh (líon)	11	1	1	8	6	27
Trasrianta droichid (líon)	1	0	0	0	0	1

An Clár Iompair Inbhuanaithe i gCathracha sna Réigiúin

Tabhaíodh caiteachas caipitil €13 milliún maidir le 40 tionscadal i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge.

Tugadh roinnt tionscadal ar aghaidh go céimeanna tábhachtacha áirithe, lena n-áirítear

- Geata Bus Rinn Mhachan i gCorcaigh;
- Scéim Inrochtaineachta Shráid Parnell agus Shráid an Dáibhisigh i Luimneach; agus
- Feabhsú Acomhal Shráid Chaitríona i Luimneach

⁹ Níor tugadh scéim ar bith chun críche i gCill Mhantáin ná i gCill Dara

Tábla 26 – Caiteachas ar bhearta iompair inbhuanaithe i gcathracha sna réigiúin

	An Líonra Busanna	Siúl agus Rothaíocht	Bainistiú Tráchta	Comhtháthú / Tacaíocht	Sábháil-teacht	Tionscadail eile ¹⁰	Iomlán
Caiteachas (€ milliún)	0.3	2.8	4.6	0	0	1.8	9.5
Cion den chaiteachas iomlán (%)	3	30	48	0	0	19	100

Tábla 27 – Bearta iompair inbhuanaithe curtha i bhfeidhm i gcathracha sna réigiúin

Údarás Áitiúil	Comhairle Cathrach Chorcaí	Comhairle Contae Chorcaí	Comhairle Cathrach agus Comhairle Contae Luimní	Comhairle Cathrach agus Comhairle Contae Phort Láirge	Iomlán
Cosáin nua (méadair)	0	457	340	390	1,187
Cosán comhroinnte / rian rothaíochta (méadair)	375	0	0	0	375
Lánaí / rianta nua rothaíochta (méadair)	0	0	0	190	190
Lánaí nua bus (méadair)	335	0	0	0	335
Ceansú tráchta (méadair)	0	205	20	0	225
Feabhsuithe ar stadanna bus (líon)	3	0	0	1	4
Feabhsuithe ar acomhail tráchta (líon)	1	2	2	3	8
Trasrianta coisithe / túcánacha a soláthraíodh (líon)	0	5	2	3	10

An Clár um Inrochtaineacht ar Iompar Poiblí

Bíonn leibhéal na hinrochtaineachta ar iompar poiblí sa Stát ag brath go mór ar an uair a cuireadh tús le seirbhísí áirithe nó a cuireadh bonneagar áirithe i bhfeidhm. Dá réir sin, níl teacht ar an gcuid is mó den bhonneagar iompair phoiblí is sine ag daoine atá faoi mhíchumas, óir tá inrochtaineacht teoranta. Mar sin féin, tá an bonneagar is déanaí deartha agus tógtha chun freastal ar riachtanais úsáideoirí atá faoi mhíchumas.

Tá an tÚdarás lántiomanta do a chinntiú go bhfuil teacht iomlán ar sheirbhísí agus ar an mbonneagar nua iompair phoiblí ag daoine atá faoi mhíchumas, agus táimid lántiomanta freisin don bhonneagar uile iompair phoiblí níos sine a athfheistiú chomh luath agus is féidir bunaithe ar na hacmhainní atá ar fáil dúinn.

Seo a leanas príomhghnéithe na n-oibreacha athfheistithe inrochtaineachta a rinneadh le linn na bliana

¹⁰ Bhain formhór an chaiteachais seo le hoibreacha i stáisiún traenach Ceannt (Corcaigh) agus i stáisiún traenach Colbert (Luimneach)

Iarnród

In 2017, cuireadh tús le hoibreacha feabhsú inrochtaineachta sna stáisiúin seo a leanas: Luimneach, Fóite, Carrigaloe, an tOileán Beag, an Gleanntán, Cóbh, Baile Átha Í, Muine Bheag (Bagenalstown), Baile Mhic Andáin, Baile an Ásaigh agus Léim an Bhradáin-Confáí.

Cuireadh tús le dearaí sonraithe feabhsuithe inrochtaineachta a ullmhú i stáisiúin Cheatharlach agus Mhuileann gCearr agus san am céanna cuireadh tús le feabhsuithe inrochtaineachta i stáisiúin Chaisleán Crucha agus Inse a phleanáil.

Bus Éireann

Lean an tÚdarás leis na hullmhúcháin le stadanna cóiste a mbeidh daoine i gcathaoireacha rothaí in ann úsáid a bhaint astu a thógáil i gcomhar le Bus Éireann agus na húdaráis áitiúla cuí.

Tógadh dhá stad bus a mbeidh daoine i gcathaoireacha rothaí in ann úsáid a bhaint astu i Lífear agus tógadh ceann amháin i Stáisiún Bus Leitir Ceanainn. Rinneadh obair ullmhúcháin le stadanna bus a dtig le daoine i gcathaoireacha rothaí úsáid a bhaint astu a chur ar fáil i mBéal Átha Seanaidh, Baile na Lorgan agus baile Dhún na nGall agus sna stáisiúin bus sa Chabhán, i Muineachán agus i nDroichead Átha.

Tacsaithe agus Hacnaithe

Den cheathrú bliain as a chéile, thairg an tÚdarás deontais le cuidiú le hoibritheoirí tacsáí agus hacnaí feithiclí a dtig le cathaoireacha rothaí dul isteach iontu a cheannach nó le gnáthfheithiclí a leasú chun paisinéirí i gcathaoireacha rothaí a iompar. Mar thoradh air sin, cuireadh 301 feithicil a dtig le cathaoireacha rothaí dul isteach iontu leis an bhflít tacsaithe agus hacnaithe; tá 1,555 feithicil den chineál seo anois san fhlít, líon feithiclí arb ionann é agus 7.6% den fhlít.

Is é ceann de na coinníollacha a bhaineann leis an scéim deontais go gcaithfidh gach duine a fhaigheann an deontas clár oiliúna feasachta ar mhíchumais, atá saor in aisce, a chur i gcrích go rathúil. Cuireann Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann an clár oiliúna seo ar fáil ar son an Údaráis. Tá coinníollacha agus téarmaí docta ann lena chinntiú go mbaintear úsáid as na feithiclí inrochtaineachta de réir an chuspóra atá leo.

Clár Cúnaimh Taistil

Lean an tÚdarás lena bheith ag tacú leis an scéim cúnaimh taistil, a bhíonn á bhainistiú ag Bus Átha Cliath. Is é is aidhm leis an scéim cuidiú le daoine atá faoi mhíchumas a bheith muiníneach go leor le hiompar poiblí a úsáid. Faoin scéim seo, is féidir le cúntóirí dul in éineacht le daoine a bhfuil cuidiú de dhíth orthu úsáid a bhaint as iompar poiblí agus turas ar Bhus Átha Cliath, ar Luas agus ar an DART a phleanáil leo. Dáileadh maoiniú €0.2 milliún ar an scéim in 2017.





Scéimeanna Rothar Poiblí

Rinne rannpháirtithe sna scéimeanna rothar i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Luimneach 337,505 turas le linn na bliana, méid a bhí ag teacht leis an líon turas in 2016.

Mheall na scéimeanna níos mó ná 3,500 síntiúsóir bliantúil, rud a d'fhág go raibh 17,776 ball sna trí chathair. Mealladh 1,900 ball nua i gCorcaigh agus 1,300 i nGaillimh. Ní raibh ach méadú beag ar líon na síntiúsóirí i Luimneach, áfach.

Osclaíodh ocht stáisiún nua i nGaillimh agus tá 23 stáisiún san iomlán sa chathair anois. Tá roinnt áiteanna tábhachtacha sa chathair san áireamh sa scéim mhéadaithe, mar atá Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Ospidéal na hOllscoile agus campas Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Mhaigh Eo. Chuaigh an tÚdarás i mbun feachtais dhírthe fógraíochta i ndiaidh gur cuireadh na stáisiúin nua

i gcrích. Mar thoradh air sin, tháinig méadú suntasach ar líon na mball sa scéim agus ar úsáid na rothar i nGaillimh. Níor tógadh an naoú stáisiún a bhí beartaithe ag Cé Nimmo, áfach, siocair daoine áitiúla a bheith míshásta leis an bplean.

Tábla 28 – Scéimeanna rothar poiblí (úsáidMh)

Cathair	Líon iomlán na dturas in 2016	Líon iomlán na dturas in 2017
Corcaigh	290,590	281,266
Gaillimh	13,574	23,758
Luimneach	32,892	32,481
Iomlán	337,056	337,505

Tábla 29 – Scéimeanna rothar poiblí (baill)

Cineál ballraíochta	Iomlán faoi dheireadh Nollaig 2016	Iomlán faoi dheireadh Nollaig 2017
Corcaigh	9,382	11,278
Gaillimh	1,984	3,312
Luimneach	2,684	2,955
2 nó 3 chathair le chéile	213	229
Iomlán	14,263	17,776

06



Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí

Mar gheall ar athruithe ar an triail iontrála do thiománaithe, táthar ag tnúth go dtiocfaidh méadú ar líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh an triail leo agus nach dtiocfaidh maolú ar bith ar an gcaigheán a éilítear



Intreoir

Tá earnáil na bhfeithiclí beaga seirbhíse poiblí comhdhéanta de thacsaithe, hacnaithe, limisíní agus a dtiománaithe.

Táillí

Foráiltear le hAlt 24 den Acht um Rialáil Tacasithe, 2013, go bhféadfaidh an tÚdarás táillí uasta faoi choinne taistil i dtacsáí a shocrú. Déantar athbhreithniú ar tháillí gach dara bliain de ghnáth.

San athbhreithniú a rinneadh in 2017, rinneadh measúnú ar na costais a bhaineann le tacsáí a oibriú, suirbhéanna tomhaltóirí, suirbhéanna ar lucht tionscail agus taighde. Ag éirí as an athbhreithniú sin, forbraíodh ordú dréachta maidir le táillí uasta a d'fhoráil do mhéadú thart ar 3.22% ar tháillí tacsáí.

I mí Iúil, chuaigh an tÚdarás i mbun próiseas comhairliúcháin phoiblí faoi ordú dréachta. Thacaigh móramh maith díobh siúd a chuir freagairt isteach leis an méadú molta ar tháillí uasta. Bhí sé sin ag teacht leis an gcomhairle a thug an Coiste Comhairleach um Fheithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí, atá neamhspleách ar an Údarás.

I mí Dheireadh Fómhair, shocraigh an tÚdarás go foirmiúil ar an táille uasta a mhéadú 3.22% ar an meán le héifeacht ó 1 Feabhra 2018. Tá tréimhse fhada ullmhúcháin de dhíth chun na méadair i dtacsaithe a athchlárú.

Tháinig an cinneadh i bhfeidhm go reachtúil tríd an Ordú um Rialáil Tacasithe (Táillí Uasta) 2017¹¹.

Staitisticí

Tá eolas staitisticíúil sa chaibidil seo a bhaineann le feithiclí beaga seirbhíse poiblí. Tá eolas níos sonraí le fáil sa tuarascáil ar staitisticí tacsáí a fhoilsíonn an tÚdarás gach bliain. .

Ceadúnú Tiománaithe

Chríochnaigh an tÚdarás a athbhreithniú ar an triail iontrála do thiománaithe, ar cuireadh tús léi in 2016. Glacadh san áireamh san athbhreithniú breis agus 1,500 aighneacht a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, tuairimí an Choiste Comhairligh um Fheithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí agus torthaí taighde idirnáisiúnta.

I ndiaidh gur cuireadh an próiseas seo i gcrích, tháinig roinnt athruithe ar an triail iontrála do thiománaithe i bhfeidhm ar 25 Deireadh Fómhair, lena n-áirítear nach gá d'iarrthóirí pas a bhaint amach in dhá chuid na trialach in aon bhabhta amháin agus íslíú an phasmhairc ó 80% go 75%.

¹¹ Ionstraim Reachtúil Uimh. 458 de 2017

Mar thoradh ar na hathruithe seo, táthar ag tnúth go dtiocfaidh méadú ar líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo sa triail iontrála ach nach dtiocfaidh maolú ar bith ar an gcaighdeán.

Ag deireadh 2017, ba é 26,012 líon na gceadúnas tiomána d'fheithiclí beaga seirbhíse poiblí; 26,420 an líon acu ag deireadh 2016. Mhéadaigh líon na dtiománaithe nua a chuaigh isteach i dtionscal na bhfeithiclí beaga seirbhíse poiblí ó 548 in 2016 go 823 in 2017.

Ceadúnú Feithiclí

Is é an tÚdarás an t-údarás ceadúnaithe maidir le feithiclí agus oibrítheoirí seolta. Áirítear sa dualgas seo ceadúnais feithiclí agus oibrítheoirí seolta a bhronnadh agus a athnuachan, mar aon leis an gceadúnú uile a ghabhann leo. Áirítear freisin cigireacht ar fheithiclí agus gníomhartha teicniúla agus comhlíontachta. Is gá na ceadúnais seo a athnuachan ar bhonn bliantúil ar a laghad, rud a ligeann don Údarás monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na bhfeithiclí agus na seirbhíse atá á cur ar fáil.

San áireamh sna riachtanais maidir le ceadúnú feithiclí i dtaca le tacsaithe agus hacnaithe tá riachtanais go mbeidh cathaoireacha rothaí in ann dul isteach i bhfeithiclí atá ag teacht isteach san fhlít as an nua agus go gcaithfidh gach feithicil a bheith ag teacht le teorainneacha áirithe aoise.

Tá an tÚdarás ag díriú ar chion na bhfeithiclí san fhlít d'fheithiclí beaga seirbhíse poiblí a dtig le cathaoireachta rothaí dul isteach iontu a ardú go 10% faoi 2020. Ag deireadh 2017, bhí beagnach 8% de na feithiclí san fhlít in ann glacadh le cathaoireacha rothaí.

Tábla 30 – Catagóirí na gceadúnas feithiclí san fhlít d'fheithiclí beaga seirbhíse poiblí ar an 31 Nollaig 2017

Cineál	Tacsaithe caighdeánacha	Tacsaithe a ghlacann le cathaoir-eacha rothaí	Hacnaithe caighdeánacha	Hacnaithe a ghlacann le cathaoir-eacha rothaí	Hacnaithe ceantair áitiúil	Limisíní	Iomlán
Líon	15,490	1,471	1,631	84	11	1,894	20,581
Cion den iomlán (%)	75.3	7.1	7.9	0.4	0.1	9.2	100



Scéim Deontais um Fheithiclí Leictreacha

I gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, chuir an tÚdarás socruithe i gcrích chun scéim deontais a thabhairt isteach le hoibritheoirí tacsáí agus hacnaí a spreagadh le feithiclí leictreacha agus feithiclí astaíochtaí ísle a fháil.

Gníomhaíocht Comhlíontachta

Bhí oifigigh comhlíontachta tacsaithe an Údaráis in ann oibriú de réir leibhéal ard na ngníomhaíochtaí forfheidhmithe a bhí ann le blianta beaga anuas mar gheall ar an teicneolaíocht nua a bhí ar fáil dóibh.

Rinneadh seiceálacha móibíleacha ar bhreis agus 93% d'fheithiclí ceadúnaithe agus rinneadh beagnach 11,000 iniúchadh le taobh an bhóthair.

Eisíodh 1,512 Fógraí Íocaíochta Socraithe as cionta éagsúla. Bhain beagnach leath de na Fógraí Íocaíochta Seasta uile a eisíodh le neamh-chomhlíontacht tiománaithe maidir leis an riachtanas feithicil cheadúnaithe a bhí á tiomáint a chlárú ar bhunachar sonraí an Údaráis. Tá an bunachar sonraí seo mar thaca leis an aip Driver Check a ligeann do phaisinéirí agus do phaisinéirí ionchais an stádas ceadúnaithe a bhaineann le feithicil agus tiománaí atá roghnaithe acu a mheas, agus na sonraí sin a chur chuig tríú páirtí atá roghnaithe acu.


Tábla 31 – Seiceálacha feithicilí agus iniúchta taobh an bhóthair

Bliain	Líon na Seiceálacha	Líon na nIniúchta le Taobh an Bhóthair	Fógraí Íocaíochta Socraithe
2016	90,243	12,012	1,099
2017	151,561	10,959	1,512

Le linn na bliana, tugadh 150 cás os comhair cúirte mar mhodh ionchúisimh dhíreach mar thoradh ar oibriúcháir déanta ag oifigigh comhlíontachta tacsaithe an Údaráis (féach Tábla 32). Tugadh 112 cás eile os comhair cúirte as gan Fógraí Íocaíochta Socraithe a íoc.

Tábla 32 – Ionchúisimh dhíreacha de réir chatagóir an chionta

Catagóir	Líon
Gan aon cheadúnas tiomána reatha le haghaidh feithicilí beaga seirbhíse poiblí a bheith ann	54
Gan aon cheadúnas feithicilí reatha le haghaidh feithicilí beaga seirbhíse poiblí a bheith ann	28
Gan aon cheadúnas tiomána ná feithicilí reatha le haghaidh feithicilí beaga seirbhíse poiblí a bheith ann	30
Ligeann do thiománaí / d'fheithicilí neamhcheadúnaithe dul i mbun oibre	10
Oibritheoir Seolta	3



Teipthe ar an tiománaí dul an bealach is gairide	1
Iompraíocht an tiománaí	6
Cosc a Chur ar Dhuine Údaraithe a D(h)ualgais a Déanamh	1
Úsáid mhídhleathach a bheith bainte as comharthaí / cárta aitheantais ar fheithicil neamhcheadúnaithe	15
Fógraíocht ar fheithicil / ar sheirbhís neamhcheadúnaithe ar fheithicil bheag seirbhíse poiblí	2
Ionchúsimh dhíreacha	150

Gearáin ó Thomhaltóirí

Chuaigh líon na ngearán a fuarthas i méid ar bheagnach 15% le hais 2016.

As an 1,146 gearán a fuarthas, ní fhéadfaí 48% acu a phróiseáil ar chúiseanna éagsúla, mar shampla siocair nach bhfuarthas freagra ó ghearánaí nó an gearánaí gan a bheith ag iarraidh dul ar aghaidh leis an ngearán, easpa fianaise a bheith ann le hionchúiseamh a dhéanamh nó gan aon fhianaise a bheith ann go raibh cion déanta.

Nuair ba chuí, cuireadh gearáin ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí eile, mar shampla an Garda Síochána nó an Oifig um Rialú Tobac.

Tábla 33 – Gearáin faoi sheirbhís fheithiclí beaga seirbhíse poiblí

An Cineál Gearáin	2016	2017
Iompar, iompraíocht agus aitheantas tiománaí	444	445
Ríocht, ródacmhainneacht agus glaineacht feithiclí	34	72
Ceisteanna a bhaineann le frúiliú agus cur in áirithe feithiclí	172	248
Táillí ró-arda nó ceisteanna eile a bhaineann le táillí (gan admháil a thabhairt)	348	380
Aitheantas agus an chuma ghinearálta atá ar fheithiclí, fógraí san áireamh	0	1
Iomlán	998	1,146

Ionad Seirbhísí

Tá ionad seirbhíse ar leith ag an Údarás le cuidiú a thabhairt do chustaiméirí agus d'oibritheoirí i dtaca le heolas faoin tionscal agus áirithintí, ceisteanna agus gearáin. Is seirbhís sheachfhoinsithe í seo a bhíonn á cur ar fáil ag sainsoláthróir, SGS Ireland Limited.

Tábla 34 – Staitisticí ionad seirbhíse

Bliain	Glaonna ó Chustaiméirí	Glaonna ó dhaoine atá ag obair sa tionscal	Iomlán na nGlaonna
2016	2,758	99,919	102,677
2017	3,762	101,406	105,168

07



Clampáil Feithiclí

I mí Dheireadh Fómhair, chuir an tÚdarás tús le rialú gníomhaíochtaí clampáil feithiclí sa Stát

Intreoir

Tháinig an tAcht um Chlampáil Feithiclí, 2015 i bhfeidhm ar an 1 Deireadh Fómhair. Forálann an tAcht do rialú an Údaráis ar ghníomhaíochtaí clampáil feithiclí in áiteanna clampála reachtúla agus neamhreachtúla (.i. príobháideacha) araon ar fud an Stáit, agus tá forálacha reachtúla eile ann a bhaineann le clampáil. Tugann príomhfhórlacha an Achta cumhacht don Údarás chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- rialacháin a dhéanamh maidir le clampáil agus comharthaíocht;
- próisis achomhairc agus gearáin a bhunú;
- cód cleachtais a dhéanamh faoi choinne rialaitheoirí páirceála (daoine atá freagrach as an dlí agus rialacha a bhaineann le páirceáil in áiteanna clampála a fhorfheidhmiú) agus oibrítitheoirí clampála; agus
- sárúithe líomhnaithe ar na rialacháin a fhiosrú agus ionchúisimh a dhéanamh ina leith.

Rialacháin

De réir fhorálacha an Achta um Chlampáil Feithiclí, d'fhoilsigh an tÚdarás Rialacháin dréachta i mí Mheithimh a bhaineann le clampáil feithiclí agus comharthaíocht agus d'iarr siad ar pháirtithe leasmhara aighneachtaí a chur isteach dá mba mhian leo.

I ndiaidh gur breithníodh na haighneachtaí a fuarthas, rinne an tÚdarás na Rialacháin um Chlampáil Feithiclí agus Comharthaíocht, 2017¹², a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Deireadh Fómhair.

Is iad seo a leanas na príomhcheisteanna a dtéann na Rialacháin i ngleic leo:

- “Spásas” sular féidir clampáil a dhéanamh;
- am a chur ar fáil leis an gclamp a bhaint i ndiaidh go n-íoctar an táille scaoilte;
- méid uasta táillí scaoilte in áiteanna clampála neamhreachtúla;
- conas is féidir táillí scaoilte a íoc;
- leagan amach an fhógra clampála; agus
- forálacha a bhaineann le comharthaíocht in áiteanna clampála seachas bóithre poiblí.

Achomhairc agus Gearáin

Cuireadh cáipéisí sonraithe tacaíochta maidir le gnáthaimh achomhairc agus gearáin ar fáil ar shuíomh an Údaráis. Forbraíodh córas TF lena leithéid de chás a chlárú agus a rianú agus ceapadh Oifigeach um Achomhairc Chlampála atá freagrach as cinntí a dhéanamh maidir le hachomhairc agus gearáin.

Léiríonn Tábla 35 agus Tábla 36 toradh achomhairc agus gearáin chlampála a rinne an tOifigeach Achomhairc idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag. Bhí breithniú ar 48 achomhairc agus 3 ghearán go fóill idir lámha ag deireadh na bliana.

¹² Ionstraim Reachtúil Uimh. 421 de 2017

Tábla 35 – Cinntí faoi Achomhairc Chlampála

Mí	Líon na n-achomharc	Achomhairc a ceadaíodh	Achomhairc nár ceadaíodh		
			Aisiocaíocht ar bith	Aisiocaíocht iomlán	Aisiocaíocht i bpáirt
Deireadh Fómhair	41	27 (66%)	9 (22%)	0	5 (12%)
Samhain	128	51 (40%)	67 (52%)	0	10 (8%)
Nollaig	118	52 (44%)	62 (52%)	1 (1%)	3 (3%)
Iomlán	287	130 (46%)	138 (48%)	1 (-)	18 (6%)

Tábla 36 – Cinntí faoi Achomhairc Chlampála

Mí	Líon na n-achomharc	Seasadh leo	Seasadh leo i bpáirt	Níor seasadh leo
Deireadh Fómhair	1	1 (100%)	0	0
Samhain	2	1 (50%)	0	1 (50%)
Nollaig	1	0	0	1 (100%)
Iomlán	4	2 (50%)	0	2 (50%)

08



Ceisteanna Ginearálta Corparáideacha

Chuathas i mbun mórchlár oibre le hullmhú do theacht isteach na Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí in 2018

Eolas faoin mBord

Tháinig an Bord le chéile 12 uair: is cruinnithe sceidealaithe 11 acu siúd agus cruinniú a tionóladh go speisialta an ceann eile.

Tháinig deireadh le téarma oifige John Fitzgerald mar Chathaoirleach i mí na Bealtaine.

I mí na Samhna, cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Fred Barry go foirmiúil mar Chathaoirleach an Údaráis mar thoradh ar phróiseas earcaíochta, maoirsithe ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Sular ceapadh é, d'fhreastail an tUasal Barry ar chruinniú de chuid an Chomhchoiste Oireachtais um Iompar, Turasóireacht agus Spórt.

Lean an Bord ar aghaidh lena pholasaí cruinnithe a eagrú taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath mar aitheantas ar dhualgas náisiúnta an Údaráis i dtaca lena fheidhmeanna uile. Is i bPort Láirge a bhí cruinniú Boird mhí na Samhna.

Bhí Linda Saunders ina comhalta Boird ón uair a bunaíodh an tÚdarás agus d'imigh sí ar shlí na fírinne ar an 1 Eanáir, 2018.

Ráiteas Straitéise

Rinneadh obair le linn na bliana ar Ráiteas Straitéise a ullmhú don tréimhse 2018 go 2022. Chuathas i gcomhairle le baill foirne agus le comhaltaí Boird agus ghlac siad páirt i gcruinnithe speisialta.

Iarradh ar pháirtithe leasmhara atá bainteach leis an Údarás agus ar an bpobal mór aighneachtaí a dhéanamh.

D'fhaomh an Bord an Ráiteas Straitéise ag an gcruinniú i mí na Nollag.

Nochtuithe Cosanta

Ní bhfuair an tÚdarás aon nochtú cosanta le linn na bliana.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Bhí cosaint na gcóras TFC ar an mbagairt mhéadaitheach ó shárú cibearshlándála mar phríomhghné i straitéis TFC agus slándála an Údaráis.

Suiteáladh roinnt bearta breise slándála chun leochaileachtaí i gcórais a aimsiú agus chun laigí inmheánacha ó thaobh na bagartha ó fhioscaireacht dhírithe a aimsiú. Mar gheall ar na bearta sin, mar aon leis an bhfaisnéis slándála agus leis an gcóras bainistiú imeachtaí, tá an tÚdarás in ann monatóireacht a dhéanamh i bhfíor-am ar imeachtaí agus ar theagmhais ar bith ar an líonra a thabharfadh le fios go bhfuil cibear-ionsaí faoi sheol, agus gníomhú láithreach chun na córais a chosaint.

Tháinig forbairt mhór ar oibríochtaí slándála an Údaráis le linn na bliana. Mheasúnaigh an tÚdarás a chuid aibíochta le hais caighdeán an tionscail (NIST ¹³) agus d'úsáideamar an próiseas sin chun a bheith ag feabhsú i rith an ama. Chuaigh an tÚdarás i mbun cláir freisin le Treoir Náisiúnta um Shlándáil Faisnéise a dhéanamh agus tiocfaidh sí i bhfeidhm in 2018. Leanann an tÚdarás le feachtais leanúnacha feasachta ar chúrsaí slándála a eagrú agus cuireann sé oiliúint bhliantúil slándála agus cosaint sonraí ar fáil do gach ball foirne.

13 NIST = An Institiúid Náisiúnta Caighdeán agus Teicneolaíochta

Cuireadh roinnt tionscnaimh straitéiseacha TFC i bhfeidhm le córais an Údaráis a dhéanamh níos cobhsaí, níos daingne agus níos fusa le tacú leo. Tugadh isteach bonneagar níos úire, níos gasta agus níos daingne faoi choinne córais áirithe thábhachtacha a mbíonn custaiméirí ag baint úsáid astu. Anois tá an t-am a ghlacann sé ar an gcóras teacht aniar níos gairide agus tá cúrsaí níos daingne go ginearálta. Tugadh isteach bonneagar nua do chórais chun oscailt an mhargadh busanna a éascú. Tá an Néal in úsáid níos mó anois mar stóras atá ar fáil ar chostas íseal agus faoi choinne ríomhaireacht inscálaithe, go háirithe mar thacaíocht do ghníomhaíochtaí samhaltaithe iompair.

Tá tacaíocht éifeachtach TFC ríthábhachtach chun roinnt cláir oibre straitéiseacha de chuid an Údaráis a chur i bhfeidhm ar na dóigheanna seo a leanas: trí sheirbhís bainistiú tionscadal, straitéis TFC, sonrú riachtanais teicniúla agus slándála sa todhchaí agus riachtanais sonraí agus anailísíocht faisnéise. San iomlán, seachadadh 42 tionscadal le linn na bliana: bhí 90% acu den cháilíocht chuí agus chomhlíon siad na critéir maidir le costas.

Cosaint Sonraí

Rinneadh cuid mhór oibre le hullmhú do thabhairt isteach na Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí i mí na Bealtaine 2018.

Rinneadh Measúnachtaí Tionchair Phríobháideachais agus aithníodh cad iad na gníomhartha a bheadh le déanamh le comhlíontacht a bhaint amach. Bhí dul chun cinn maith déanta faoi dheireadh na bliana maidir leis na gníomhartha sin a dhéanamh, a raibh athruithe ar chórais, ar phróisis agus ar chonarthaí i gceist leo.

An Ghaeilge

I mí na Samhna, cuireadh tuairisc faoi chéad bhliain Scéim Ghaeilge an Údaráis faoi bhráid Oifig an Choimisinéara Teanga.

Teagmháil leis an Oireachtas

Le linn na bliana rinne an tÚdarás an méid seo a leanas:

- › d'fhreagair sé 785 Ceist Pharlaiminte agus ceist scríofa ó ionadaithe poiblí;
- › ghlac sé páirt i gcruinniú den Choiste Oireachtais um na hEalaíona, an Oidhreacht agus Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta inar pléadh a bhfuil le déanamh le pobail thuaithe inmharthana a chothabháil (Eanáir);
- › ghlac sé páirt i gcruinniú den Choiste Oireachtais um Iompar, Turasóireacht agus Spórt faoi riocht airgeadais Bhus Éireann agus faoin gClár Iompair Thuaithe (Feabhra);
- › sholáthair sé nóta eolais don Choiste Oireachtais um Chuntais Phoiblí faoi cheadúnú seirbhísí Bhus Éireann;
- › sholáthair sé nóta eolais don Choiste Oireachtais um Iompar, Turasóireacht agus Spórt faoi inrochtaineacht ar iompar poiblí.

Saoráil Faisnéise

Fuarthas 88 iarratas san iomlán; 48 a fuarthas in 2016

09



Ról an Údaráis Náisiúnta Iompair

Is foras Stáit neamhthráchtála é an tÚdarás a fheidhmíonn faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Bunaíodh an tÚdarás de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008.

Smaoiníodh air sa chéad dul síos mar údarás iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008. Cuireadh athainm air, áfach, san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009 lenar cuireadh le feidhmeanna an Údaráis chun ceadúnú busanna agus feithiclí beaga seirbhíse poiblí go náisiúnta a thabhairt san áireamh.

Leis an Acht um Rialáil Tacscaithe 2013, dlúthaíodh agus uasdátaíodh reachtaíocht phríomhúil maidir le ceadúnú feithiclí agus tiománaithe feithiclí beaga seirbhíse poiblí; chomh maith leis sin leathnaíodh scóip gheografach cuid d'fheidhmeanna an Údaráis leis an Stát uile a chlúdach.

Chuir an tAcht um Iompar Poiblí 2016 le cumhachtaí an Údaráis arís. Tá sé de chumhacht ag an Údarás fodhlíthe a dhéanamh chun úsáid seirbhísí áirithe poiblí bus fóirdheontais ag paisinéirí a rialáil.

Tháinig an tAcht um Chlampáil Feithiclí 2015, a leagann freagracht ar an Údarás as gníomhaíochtaí clampála a rialáil go náisiúnta, i bhfeidhm ar an 1 Deireadh Fómhair 2017.

Tá feidhmeanna sainiúla áirithe coinnithe ag an Údarás maidir le comhtháthú iompair agus pleanáil úsáid talún i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, rud atá ag teacht leis na riachtanais áirithe iompair poiblí agus bainistiú tráchta atá i réigiún an oirthir, áit a bhfuil 40% de dhaonra an Stáit agus 43% den fhostaíocht sa Stát de réir áit chónaithe.

Feidhmeanna Reachtúla

Seo a leanas achoimre ghinearálta ar fheidhmeanna reachtúla an Údaráis:

Náisiúnta (Mórchéantar Bhaile Átha Cliath san áireamh)

- Seirbhísí iompair poiblí a fháil trí chonarthaí seirbhísí iompair poiblí;
- Ticéadú, táillí agus eolas eile faoi iompar poiblí a chur ar fáil agus é sin ar fad a bheith comhtháite;
- Líonra comhtháite iompair poiblí a bhfuil teacht air a fhorbairt;
- Seirbhísí poiblí bus do phaisinéirí nach bhfuil faoi réir conradh seirbhísí iompair poiblí a cheadúnú;
- An Clár Iompair Thuaithe a bhainistiú;
- Bonneagar agus flít busanna a chur ar fáil;
- Bonneagar agus scéimeanna rothaíochta a chur ar fáil leis an rothaíocht a chur chun cinn;
- Branda aonair iompair poiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Creat rialála a fhorbairt agus a chothabháil maidir le rialú agus oibriú feithiclí beaga seirbhíse poiblí (tacscaithe, hacnaithe agus limisíní) agus maidir leis na daoine a thiomáineann iad;
- Gníomhaíochtaí clampáil feithiclí sa Stáit a rialáil;
- Aighneachtaí reachtúla a ullmhú faoi Threoirlínte Pleanála Réigiúnaí;
- Sonraí staitisticiúla agus eolas faoi iompar a bhailiú;
- Cearta paisinéirí AE maidir le hiompar iarnróid, mara, bus agus cóiste a chur i bhfeidhm;

- Údaruithe agus foirmeacha turas AE maidir le taisteal bus agus cóiste a bhailíochtú de réir Rialachán Uimh. 1073/2009 de chuid an AE; agus
- Feidhmiú mar an foras náisiúnta comhréitigh do gach soláthróir seirbhísí leictreonacha dola.

Mórchéantar Bhaile Átha Cliath amháin

- Pleanáil straitéiseach cúrsaí iompair a dhéanamh;
- Infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar uile iompair phoiblí;
- Trácht agus an t-éileamh ar iompar a bhainistiú go héifeachtach.

Feidhmeanna eile

Chomh maith lena fheidhmeanna reachtúla, déanann an tÚdarás feidhmeanna eile ar son na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar bhonn neamhreachtúil. Áirítear leis na feidhmeanna neamhreachtúla sin

- Pleanáil agus maoiniú i dtaca le tionscadal iompair inbhuanaithe i gcathracha sna réigiúin, mar atá Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge;
- An Clár um Áiteanna Oibre Níos Cliste Ó Thaobh Taistil De agus an Clár um Champais Níos Cliste Ó Thaobh Taistil De a riar;
- Bainistiú Clár Taistil na Scoileanna Glasa;
- Maoiniú inrochtaineachta a chur ar fáil d'oibritheoirí iompair agus d'fhorais ghaolmhara eile; agus
- Pleanáil iompair straitéiseach do na cathracha sna réigiúin (Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge).

Rialú

An Bord

Bíonn an tÚdarás á rialú ag dáréag comhaltaí boird a gceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad. Is áiteanna *ex officio* iad trí cinn de na háiteanna ar an mBord atá curtha ar leataobh faoi choinne an Phríomhfheidhmeannaigh, bainisteoir eile de chuid an Údaráis agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Is féidir comhaltaí boird a cheapadh ar feadh tréimhse suas go cúig bliana agus is féidir iad a athcheapadh. Ní thig le comhaltaí Boird níos mó ná deich mbliana a chaitheamh ar an mBord. Ní bhaineann an srian seo leis na comhaltaí *ex officio*; bíonn siad sin ann chomh fada agus a bhíonn siad sa phost cuí.

Foras comhairleach

Is é ról an Choiste Chomhairligh um Fheithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí comhairle a thabhairt don Údarás nó don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, de réir mar is cuí, maidir le ceistanna a bhaineann le feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus a gcuid tiománaithe.

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann baill den Choiste Comhairleach.

Eolas ar na Comhaltaí Boird

Fred Barry



Ceapadh Fred Barry mar Chathaoirleach ar an Údarás Náisiúnta Iompair i mí na Samhna 2017. Is stiúrthóir neamhfheidhmeannach ar Ervia é, mar a bhfuil sé mar Chathaoirleach ar an gCoiste Infheistíochta agus Bonneagair. Is ball de Choiste Chreat Oibríochta an Tionscal Uisce é. Is stiúrthóir neamhfheidhmeannach é ar an nGrúpa PM, mar a bhfuil sé mar bhall den choiste ábhair cheannaithe agus den Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais. Roimhe seo, bhí sé ina stiúrthóir ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, ar an Údarás Náisiúnta um Bóithre agus ar chomhlachtaí éagsúla in Jacobs Engineering Group Inc.

Ba é an Príomhfheidhmeannach é ar Údarás Náisiúnta na mBóithre ó 2005 go 2015. Roimhe sin, d'oibrigh sé ar bhonn idirnáisiúnta le Jacobs ar feadh 25 bliain. I measc na rólanna bainistíochta a bhí aige bhí Ard-Stiúrthóir Grúpa na Ríochta Aontaithe agus Éireann. Is Innealtóir Cairte é agus tá sé cáilithe mar abhcóide. Is Comhalta d'Innealtóirí Éireann é agus d'Acadamh Innealtóireachta na hÉireann, eagrais a bhfuil sé mar bhall comhairle ann.

Hugh Creegan



Is é Hugh Creegan an Stiúrthóir um Infheistíocht in Iompar agus Rialáil Tacsaithe san Údarás agus is é an Leas-Phríomhfheidhmeannach freisin é. Roimhe seo, bhí sé ag obair san Údarás um Bóithre Náisiúnta mar Cheann Rannóige agus é freagrach as Comhpháirtíochtaí Poiblí-Príobháideacha, Oibríochtaí Tráchtála agus Pleanáil Straitéiseach. Is innealtóir sibhialta é a bhfuil taithí leathan aige ar mhórtionscadail san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, ina measc Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath, leathnú an M50 agus bailiú saorshruthaithe na ndoláir a ghabhann leo.

Ann Fitzgerald



Is Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach neamhspleách í Ann Fitzgerald agus is í an Leas-Chathaoirleach í ar an bPainéal Táthcheangail Éireannach. Bhí sí mar chathaoirleach ar an nGrúpa Straitéise um Thomhaltóirí, as ar eascair cinneadh an Rialtais an Gníomhaireacht Náisiúnta um Thomhaltóirí a bhunú. Ba í Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta í ar feadh cúig bliana, suas go Deireadh Fómhair 2012. Roimhe sin, ba í Ard-Rúnaí Chumann Bhainisteoirí Infheistíochta na hÉireann í. Chuaigh sí ag obair sa Chumann i 1989 i ndiaidh di seal a chaitheamh leis an Roinn Tionscail agus Tráchtála. Tá taithí faighte ag Ann in imeacht 20 bliain agus tuilleadh mar Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach go príomha i bhforais tráchtála agus neamhthráchtála san earnáil phoiblí.

John Fitzgerald



Bhí John Fitzgerald mar Chathaoirleach ar an Údarás Náisiúnta Iompair ó Nollaig 2009 go Bealtaine 2017. Cuntasóireacht an ghairm a ndeachaigh sé léi agus ba é Bainisteoir Chathair Bhaile Átha Cliath é ó lár 1996 go 2006. Le blianta beaga anuas bhí sé mar Chathaoirleach ar An Post agus ar Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Gormáin. Bhí sé mar Chathaoirleach freisin ar an dá Ghníomhaireacht Athghiniúna a bunaíodh i Luimneach i ndiaidh dó tuarascáil a chur faoi bhráid an Rialtais faoi fhadhbanna eisiamh shóisialta sa chathair.

Frank Gleeson



Is é Frank Gleeson ardstiúrthóir Aramark Food Services. Tá breis agus 5,000 fostaí ag Aramark Ireland, iad lonnaithe in 985 áit ar leith. Mar gheall ar an taithí agus ar an saineolas den chéad scoth atá ag an gcomhlacht maidir le réitigh áit oibre, seirbhísí bia, miondíol áise, seirbhísí timpeallachta agus réadmhaoin, tá sé in ann réiteach lán-chomhtháite a chur ar fáil do chomhlachtaí Éireannacha agus dóibh siúd atá lonnaithe san Eoraip, sa Mheán-Oirthear agus san Afraic.

Thosaigh Gleeson amach ar a ghairm ag plé le cúrsaí miondíola mar stiúrthóir oibríochtaí in O'Brien's Fine Wines. Bhí sé mar Leas-Uachtarán Miondíola ina dhiaidh sin ag Statoi Ireland. Tá sé ina stiúrthóir miondíola ag Topaz Energy Group ó bhí 2005 ann, mar a raibh sé i gceannas ar athbhrandáil an chomhlachta in 2008 agus ina raibh sé freagrach as an ngnó miondíola i mbreis agus 340 suíomh. Tá Gleeson mar chathaoirleach ar choiste polasaí fuinnimh IBEC. Bhí sé ina chathaoirleach ar Retail Ireland agus is comhalta boird faoi láthair ann é. Is ball comhairle é de IBEC. Is é Gleeson an Leas-Chathaoirleach atá freagrach as cúrsaí idirnáisiúnta in NACS agus stiúrann sé cúrsaí an chomhlachta ar fud an domhain maidir le hiompar breoslaí agus miondíol áise. Is ball d'Institiúid Stiúrthóirí Éireann de Chomhairle an Mhargadh Oibre é. Is céimí i mbainistiú gnó é in Institiúid Bainistíochta na hÉireann.

Anne Graham



Ceapadh Anne Graham mar Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás Náisiúnta Iompair i mí Eanáir 2015. Roimhe sin, bhí sí mar Stiúrthóir Seirbhísí Iompair Phoiblí san Údarás. Is Innealtóir Cairte í Anne agus tá Máistreacht aici in Eolaíocht Innealtóireachta i gCúrsaí Iompair ó Choláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath. Tá Máistreacht i Riar Gnó ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath aici chomh maith. Tá obair déanta aici leis na hÚdaráis Áitiúla i mBaile Átha Cliath mar Innealtóir Sibhialta, mar Bhainisteoir Tionscadail ar chuid mhaith tionscadal agus mar Bhainisteoir Ceantair i gceantar lardheisceart Chathair Bhaile Átha Cliath, mar ar dhlúthaigh sí an ceangal idir seirbhísí údaráis áitiúil agus tomhaltóirí i gceithre oifig áitiúla.

An Dr Berna Grist



Is Léachtóir Sinsearach í an Dr Berna Grist sa Scoil um Polasaí Pleanála agus Comhshaoil i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Is abhcóide agus pleanálaí baile cairte í. Ta PhD aici ó Ollscoil Uladh faoin ábhar An Creat Reachtúil agus Rialála le haghaidh Forbartha i bPoblacht na hÉireann agus tá réimse leathan d'ábhair foilsithe aici faoin dlí pleanála agus comhshaoil, faoi pholasaí poiblí agus faoi rialú. Ar na ceapacháin a bhí aici roimhe seo tá ballaíocht den Bhord Pleanála (2001-2006).

Owen Keegan



Ceapadh Owen P. Keegan ina Bhainisteoir ar Chathair Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2013 i ndiaidh dó seal a chaitheamh ón mbliain 2006 ar aghaidh mar Bhainisteoir Contae ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Sula ndeachaigh sé leis an gComhairle sin, bhí sé ag obair mar Bhainisteoir Cathrach Cúnta agus mar Stiúrthóir Tráchtá i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Roimh Dheireadh Fómhair 1993, d'obair sé mar eacnamaí ag DKM Economic Consultants/Davy Stockbrokers. D'obair sé sa Roinn Airgeadais agus san Institiúid um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta freisin. Chaith sé dhá thréimhse ag obair sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is as Baile Átha Cliath do Owen Keegan agus tá céimeanna aige i riarachán poiblí, san eacnamaíocht agus san innealtóireacht.

Pat Mangan



Bhí Pat Mangan mar Rúnaí Cúnta sa Roinn Iompair ó 1995 go 2010, mar a raibh sé freagrach as iompar poiblí, infheistiúcht i gcúrsaí iompair agus airgeadas. Roimhe sin, bhí sé mar cheannasaí ar an bpolasaí um bóithre sa Roinn Comhshaoil agus bhí sé mar chathaoirleach ar Thionscnamh Iompair Bhaile Átha Cliath. Is ball é faoi láthair de Chomhairle na hInstitiúide Cairte um Lóistiúcht agus Iompar in Éirinn.

Frank O'Connor



Is é Frank O'Connor Príomhfheidhmeannach Airtel ATN Limited, soláthróir réitigh chumarsáide sonraí sa tionscal eitlíochta. Chómhaoinigh sé an comhlacht i 1998. Sular bhunaigh sé Airtel, d'obair sé i roinnt comhlachtaí forbartha bogearraí, Retix agus CACI, ar comhlachtaí ilnáisiúnta de chuid na Stát Aontaithe iad. Is in Systems Dynamics a chuir sé tús lena ghairm i 1976, áit ar chaith sé ocht mbliana, dhá bhliain sa Ghearmáin agus san Ísiltír san áireamh. Ba stiúrthóir neamhfheidhmeannach in Aer Lingus é in 2014/15.

Fiona Ross



Tá taithí fhada ag Fiona Ross mar Stiúrthóir agus mar Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach. Ceapadh í mar Stiúrthóir ar an Leabharlann Náisiúnta in 2010 i ndiaidh di 25 bliain a chur isteach ina gairm i seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta. Chaith sí dhá théarma mar Stiúrthóir/Príomhfheidhmeannach ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Ina dhiaidh sin, chuir sí lena punann stiúrthóireachtaí neamhfheidhmeannacha. Is comhbhunaitheoir MyndServ í, comhlacht digiteach cúram sláinte.

Tá saineolas ag Fiona i gcúrsaí rialaithe agus i seirbhísí airgeadais, taithí a mbíonn sí ag teacht i dtír uirthi ina ról ar bhoird in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear Stiúrthóir Bunaidh Iarsmalann EPIC Ireland in CHQ, an Gníomhaireacht um Shábháilteacht Tiománaithe agus Feithiclí sa Ríocht Aontaithe, Cláir na hAlban agus JK Funds. Bhí Fiona mar Chathaoirleach ar an gComhairle um Institiúidí Náisiúnta Cultúrtha agus ar Bhord Chumann Phríomhfheidhmeannaigh Gníomhaireachtaí Stáit in Éirinn. Tá Fiona cáilithe mar dhlíodóir agus tá saineolas aici i gcúrsaí ceannaireachta agus rialaithe. Tá taithí fairsing aici ar chúrsaí idirnáisiúnta, rud a théann go maith leis an eolas atá aici ar chúrsaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach sa lá atá inniu ann. Chuir Fiona comhaltacht rialaithe i gcrích in Ollscoil George Washington University in Washington DC ar na mallaibh agus tá sí ag dul do chéim mháistreachta sa Chibearshíceolaíocht faoi láthair.

Sinéad Walsh



Tá Sinéad Walsh ag obair le cúrsaí inrochtaineachta do dhaoine atá faoi mhíchumas ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus i réigiúin na hÉireann.

Tá Sinéad oilte sna meáin dhigiteacha agus tá obair déanta aici go forleathan san earnáil iompair phoiblí le scór bliain anuas ar bhonn deonach agus ar conradh araon.

D'obair Sinéad ar bhonn teicniúil le grúpaí úsáideoirí Ionaid um Chónaí Neamhspleách in Éirinn ar son daoine atá faoi mhíchumas. D'ardaigh sí feasacht ar shaincheisteanna éagsúla inrochtaineachta a raibh fianaise ann ina dtaobh maidir le daoine atá faoi mhíchumas sa tseirbhís iompair phoiblí agus i dtaca le seachadadh bonneagair.

Ó thaobh cúrsaí oideachais de, bhain Sinéad úsáid as na meáin dhigiteacha le saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta i dtaca le hacmhainní daonna sa bhonneagar iompair phoiblí in Éirinn agus i gcórais chomharthaíochta a thabhairt chun solais.

Tá céim onóracha ag Sinéad ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus tá máistreacht aici i mBainistíocht agus in Oideachas na Meán Digiteach. Bíonn sí ag obair ar bhonn sealadach i réimse an tsainoideachais ar son páistí agus daoine fásta atá faoi mhíchumas.



Ráitis Airgeadais **2017**

Clár na nÁbhar

Buneolas faoin Údarás	73
An Ráiteas ar Rialú agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	74
An Ráiteas ar Rialú Inmheánach	80
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais	84
An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe	86
An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	87
An Ráiteas ar an Riocht Airgeadais	88
An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	89
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	90

Buneolas faoin Údarás

Comhaltaí Boird	An tUasal John Fitzgerald (Cathaoirleach)	<i>(tháinig deireadh lena ceapacháin ar an 31 Bealtaine 2017)</i>
	An tUasal Fred Barry (Chairperson)	<i>(ceaptha ar an 15 Samhain 2017)</i>
	An tUasal Anne Graham (Príomhfheidhmeannach)	
	An tUasal Hugh Creegan	
	An tUasal Ann Fitzgerald	
	An tUasal Frank Gleeson	
	An Dochtúir Berna Grist	
	An tUasal Owen Keegan	
	An tUasal Pat Mangan	
	An tUasal Frank O'Connor	
	An tUasal Fiona Ross	
	An tUasal Linda Saunders	
	An tUasal Sinead Walsh	
Dlíodóirí	McCann Fitzgerald A hAon Bruach na hAbhann 37-42 Cé Sir John Rogerson Baile Átha Cliath 2 D02 X576	
Baincéirí	Allied Irish Banks plc. 1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2 D02 X342	
Iniúcháirí	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1 D01 PF72	

An Ráiteas ar Rialú agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Rialú

Is foras stáit é an tÚdarás Náisiúnta Iompair (“an tÚdarás”) a bhíonn ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (“RITS”).

Bunaíodh an tÚdarás an chéad lá, de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, mar údarás iompair do Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008. Ina dhiaidh sin, áfach, athainmníodh é mar an tÚdarás Náisiúnta Iompair san Acht um Rialú Iompair Phoiblí, 2009, agus cuireadh le feidhmeanna an Údarás le ceadúnú busanna agus feithiclí beaga seirbhíse poiblí a chuimsiú go náisiúnta.

Chuir an tAcht um Rialú Tacsaithe 2013, lenar dlúthaíodh agus lenar uasdátaíodh reachtaíocht phríomhúil maidir le ceadúnú feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus a dtiománaithe, chuir an tAcht sin le scóip gheografach cuid d'fheidhmeanna an Údaráis go náisiúnta freisin.

Leis an Acht um Chlampáil Feithiclí 2015, tá an tÚdarás freagrach as gníomhaíochtaí clampála go náisiúnta.

Chuir an tAcht um Iompar Poiblí 2016 tuilleadh le cumhachtaí an Údaráis chun cumhacht a thabhairt dó fodhlíthe a dhéanamh chun úsáid seirbhísí áirithe bus poiblí ag paisinéirí a rialáil.

Tá cuid de na feidhmeanna sainiúla a bhaineann le bonneagar agus le comhtháthú iompair agus úsáid talún i Mórchearantar Bhaile Átha Cliath coinnithe ag an Údarás, rud atá ag teacht leis na riachtanais áirithe iompair poiblí agus bainistiú tráchta atá i réigiún an oirthir.

Tá fheidhmeanna Bhord an Údaráis leagtha amach in Alt 14 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá sé freagrach as a chinntiú go mbíonn dea-rialú i bhfeidhm. Comhlíonann sé an fhreagracht seo trí cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir leis na saincheisteanna tábhachtacha gnó uile. Is iad an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann de bhainisteoirí sinsearacha atá freagrach as bainistiú, rialú agus treoir an Údaráis ó lá go lá. Caithfidh an Príomhfheidhmeannach agus foireann na mbainisteoirí sinsearacha treoir leathan straitéiseach an Bhoird a leanúint agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith ag comhaltaí an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an aonán agus ar rioscaí suntasacha ar bith ar dócha go dtiocfaidh siad chun cinn. Bíonn an Príomhfheidhmeannach ag feidhmiú mar theagmhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i gcáipéisí Rialaithe Chorporáidigh an Údaráis dar teideal ‘Prionsabail Treorach don Údarás Náisiúnta Iompair’ (Guiding Principles for the NTA), ‘An Struchtúr Corparáideach agus Cúrsaí a Choinnítear Siar don Bhord’ (Corporate Structure and Matters reserved for the Board) agus ‘An Cód Iompair i gCúrsaí Gnó le haghaidh Comhaltaí an Údaráis’ (Code of business conduct for Authority members). Tá na ceisteanna a choinnítear siar go sonrach le go ndéanfaidh an Bord cinneadh fúthu luaite sa dara cáipéis acu sin thuasluaite.

Ar na míreanna seasta a bhíonn an Bord ag breithniú tá siad seo a leanas:

- dearbhú cúrsaí leasa;
- tuarascálacha ó choistí;
- tuarascálacha airgeadais / cuntais bhainistíochta;
- bainistiú riosca;
- tuarascálacha feidhmíochta; agus
- cúrsaí atá coinnithe siar.

De réir Alt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, ní mór do Bhord an Údaráis cuntais chearta agus ghnáthacha den airgead uile a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choinneáil, i bhfoirm a bheidh faofa ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le cead an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe agus Ráiteas ar an Riocht Airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní mór do Bhord an Údaráis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- polasaithe fóirsteanacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- breithiúna agus meastúcháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnta, siosmaideach;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin sa chás ina mbeidh sé mífhóirsteanach a bheith den tuairim go leanfaidh an gnó i mbun feidhme; agus
- a rá cé acu atá nó nach bhfuil na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme comhlíonta, faoi réir aon imeacht ábhartha a bheith nochtaithe agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta in aon am, a riocht airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le hAlt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Is é an Bord atá freagrach as an eolas corparáideach agus airgeadais ar shuíomh an Údaráis a chothabháil agus as a chinntiú go bhfuil sé ceart, cruinn.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht an Údaráis i mí na Nollag 2017 le hais an phlean agus an bhuiséid bhliantúil.

Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus, mar sin de, as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Dar leis an mBord, tá léargas fírinneach, cothrom le fáil ar fheidhmíocht airgeadais agus ar riocht airgeadais an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2017 le fáil i ráitis airgeadais an Údaráis.

Struchtúr an Bhoird

Bíonn an tÚdarás á rialú ag Bord ar a bhfuil dáréag comhaltaí, a bhíonn ceaptha ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Is áiteanna *ex officio* iad trí cinn de na háiteanna ar an mBord, don Phríomhfheidhmeannach, do bhainisteoir sinsearach eile de chuid an Údaráis agus do Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Féadfaidh comhaltaí Boird a bheith ceaptha ar feadh tréimhse a mhaireann suas le cúig bliana agus féadfar iad a athcheapadh. Deich mbliana an fad ama uasta is féidir le comhaltaí a chur isteach ar an Bord, áfach. Ní bhaineann an srian seo leis na comhaltaí *ex officio*; is amhlaidh a mhaireann a gceapacháin siúd chomh fada agus atá siad sa phost cuí.

Tháinig an Bord le chéile 12 uair: is cruinnithe sceidealaithe a bhí i gceist le 11 acu agus ba chruinniú a gairmeadh go speisialta an ceann eile acu. Lean an Bord ar aghaidh lena pholasaí cruinnithe a eagrú taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath mar aitheantas ar dhualgas náisiúnta an Údaráis i dtaca le cuid mhaith dá fheidhmeanna. Bhí cruinniú Boird Shamhain 2017 ar siúl i bPort Láirge. Foilsítear miontuairiscí na gcruinnithe Boird ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Tá sonraí le fáil sa tábla thíos faoin tréimhse cheapacháin do chomhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha
Fred Barry	Cathaoirleach	28 Samhain 2017
Anne Graham (An Príomhfheidhmeannach)	Gnáthchomhalta (ex officio)	7 Eanáir 2015
Hugh Creegan (An Leas-Phríomhfheidhmeannach)	Gnáthchomhalta (ex officio)	29 Samhain 2010
Owen Keegan (Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)	Gnáthchomhalta (ex officio)	3 Meán Fómhair 2013
Ann Fitzgerald	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015
Frank Gleeson	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015
An Dr. Berna Grist	Gnáthchomhalta	1 Nollaig 2009 (Athcheaptha Nollaig 2014)
Pat Mangan	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015
Frank O'Connor	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015
Fiona Ross	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015
Sinéad Walsh	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015

Chuir an Bord athbhreithniú seachtrach éifeachtúlachta agus measúnachta ar an mBord i gcrích i mí na Bealtaine 2017.

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca bunaithe ag an mBord ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin. Is é ról an Choiste seo tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí i dtaca le saincheistanna riosca, smachta, rialaithe agus an dearbhú a bhaineann leo. Tá an Coiste seo neamhspleách ar an mbainistíocht a dhéantar ar an eagrais. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach, neamhspleách ar na córais inmheánacha rialaithe, gníomhaíochtaí iniúcháireachta san áireamh. Bíonn an Coiste ag cur tuairiscí faoi bhráid an Bhoird i ndiaidh gach cruinnithe den Choiste agus ar bhonn bliantúil ar dhóigh fhoirmiúil, i scríbhinn.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca: Frank O'Connor (Cathaoirleach), Pat Mangan, Fiona Ross agus Brian Hayes (Comhalata Neamhspleách agus Páirtneir sa ghnólacht Moore Stephens, ar Cuntasóirí Cairte iad). Bhí 6 chruinniú den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ann in 2017.

Sceideal tinrimh, táillí agus costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe den Bhord agus de na Coistí in 2017 leagtha amach thíos, na táillí agus na costais a fuair gach comhalta san áireamh:

	An Bord	An Coiste Iniúcháir- eachta agus Riosca	Táillí 2017 €	Costais 2017 €
Líon na gcruinnithe	12	6		
	Cruinnithe a bhfuiltear i dteideal freastal orthu (Cruinnithe ar freastalaíodh orthu)			
John Fitzgerald	5 (5)		8,820	-
Fred Barry	1 (1)		1,854	-
Anne Graham	12 (12)		-	-
Hugh Creegan	12 (12)		-	-
Ann Fitzgerald	12 (11)		11,970	-
Frank Gleeson	12 (4)		11,970	-
An Dr. Berna Grist	12 (11)		11,970	-
Owen Keegan	12 (11)		-	-
Pat Mangan	12 (12)	6 (6)	-	-
Frank O Connor	12 (11)	6 (6)	11,970	-
Fiona Ross	12 (12)	6 (6)	11,970	-
Linda Saunders	12 (9)		11,970	449
Sinead Walsh	12 (11)		11,970	-
Costais Eile *			-	1,070
			94,464	1,519

* Baineann Costais Eile leis an gcostas a bhí ar an lóistín faoi choinne cruinniú amháin den Bhord taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath.

D'fhreastail Brian Hayes, an comhalta seachtrach den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, ar gach ceann den sé chruinniú a bhí ag an gCoiste sin i rith na bliana. €14,769 (CBL san áireamh) a tháille don bhliain, é iníoctha leis an ngnólacht cuntasáiochta Moore Stephens.

Tá na táillí Boird atá iníoctha le Pat Mangan tarscaoilte aige.

Bhí triúr stiúrthóirí ann – Anne Graham, Hugh Creegan agus Owen Keegan – nach bhfuair táille Boird de réir an phrionsabail Duine Amháin, Tuarastal Amháin.

Athruithe Tábhachtacha Pearsanra

Tháinig deireadh le téarma oifige John Fitzgerald mar Chathaoirleach i mí na Bealtaine 2017.

I mí na Samhna 2017, cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Fred Barry go foirmiúil mar Chathaoirleach an Údaráis i ndiaidh go raibh próiseas ceapacháin ann, maoirsithe ag an Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Sular ceapadh é, d'fhreastail an tUasal Barry ar chruinniú den Chomhchoiste Oireachtais um Iompar, Turasóireacht agus Spórt.

Nochtuithe a éilítear leis an gCód Cleachtais um Rialú Forais Stáit (2016).

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil déanta de réir na riachtanas sa Chód Cleachtais um Rialú Forais Stáit ag an Údarás (“an Cód”), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. De réir an Chóid, ní mór na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh.

Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas as comhairle sheachtrach a fháil do bhainisteoirí; níl gnáthfheidhmeanna gnó atá seachfhoinsithe san áireamh.

	2017	2016
	€'000	€'000
Seirbhísí comhairle iompair	910	1,950
Dlíthiúil	695	742
Comhairle faoi cháin agus cúrsaí airgeadais	245	195
Pinsin agus acmhainní daonna	8	86
	1,858	2,973
Costais sainchomhairleoireachta bainte den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus de na Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	1,436	2,188
Costais sainchomhairleoireachta a caipitlódh	422	785
	1,858	2,973

Costais dlí agus socraíochtaí

Sa tábla thíos tá briseadh síos le fáil ar mhéideanna atá aitheanta mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí comhréitigh agus eadrána i dtaca le conarthaí le triú páirtithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh i dtaca le comhairle ghinearálta a fuair an tÚdarás, atá nochta sna costais Sainchomhairleoireachta thuas.

	2017	2016
	€'000	€'000
Imeachtaí dlí	165	-
Íocaíochtaí comhréitigh agus eadrána	-	-
Socraíochtaí	-	-
	165	-

Caiteachas taistil agus cothabhála

Tá caiteachas taistil agus cothabhála curtha sna catagóirí seo a leanas:

	2017	2016
	€'000	€'000
Taisteal agus cothabháil intíre		
- An Bord	2	3
- Fostaithe	81	81
Taisteal agus cothabháil idirnáisiúnta		
- An Bord	-	-
- Fostaithe	20	18
	103	102

Caiteachas ar fháilteachas

Tá an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2017	2016
	€'000	€'000
Fáilteachas foirne	1	-
Fáilteachas client	-	-
	1	-

Ráiteas comhlíontachta

Tá an Cód glactha ag an mBord agus tá gnáthaimh i bhfeidhm aige lena chinntiú go ndéantar de réir an Chóid. Bhí an tÚdarás ag teacht go hiomlán leis an gCód in 2017.

Ba luathghlacadóir den Chód é an tÚdarás in 2016. Is iad seo a leanas na míreanna atá curtha leis na ráitis airgeadais as an nua le haghaidh 2017:

- nochtú pá, tuarastal, agus costais eile foirne atá caipitlithe (Nóta 10); agus
- anailís ar phá, ar thuarastail agus ar chostais eile foirne idir (a) bunphá, (b) liúntais agus (c) ÁSPC an fhostóra (Nóta 10).

Arna shíniú ar son Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair

An tUasal Fred Barry
An Cathaoirleach

An tUasal Anne Graham
An Príomhfheidhmeannach

Dáta: 15 Meitheamh 2018

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Scóip na freagrachta

Ar son an Údaráis, aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus á cothabháil. Áirítear sa fhreagracht sin riachtanais an Chód Cleachtais um Rialú Forais Stáit (“an Cód”).

Cúspóir an chóras rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le rioscaí a bhainistiú ionas go bhfuil siad ar leibhéal inghlactha, seachas fáil réidh leo ar fad. Mar sin de, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a thabhairt go bhfuil na sócmhainní cosanta, na hidirbhearta údaráithe agus cláraithe mar is ceart agus na hearráidí agus mírialtachtaí ábhartha cosctha nó aimsithe in am agus i dtráth.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí an dáta a faomhadh na ráitis airgeadais.

Acmhainneacht chun riosca a bhainistiú

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an Údarás ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird. Tá duine acu siúd mar Chathaoirleach ar an gCoiste seo agus tá comhalta seachtrach amháin ann a bhfuil saineolas i gcúrsaí airgeadais agus iniúcháireachta aige. Tháinig an Coiste le chéile sé huaire in 2017.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ag an Údarás freisin trí ghnólacht iniúcháireachta tríú páirtí a bhfuil go leor acmhainní aige chun an obair seo a dhéanamh agus a oibríonn de réir clár oibre atá comhaontaithe leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Tá Príomhoifigeach Riosca ceaptha ag an Údarás freisin atá freagrach as oibríochtaí a bhaineann leis an gcreat bainistiú riosca a riar. Tá an tÚdarás ag déanamh measúnú agus uasdátú faoi láthair ar a chreat agus ar a pholasaí bainistiú riosca. Cuirfear na leasuithe i bhfeidhm in 2018.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistiú riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás leis na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leo a aithint agus a thuairisciú agus chun na rioscaí sin a mhaolú oiread agus is féidir agus is cuí.

Tá clár straitéiseach rioscaí i bhfeidhm trína n-aithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Údarás. Tá na rioscaí aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a shuntasáí atá siad. Déanann an Bord agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ag gach ceann de na cruinnithe a bhíonn acu. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú, oiread agus is féidir, go mbíonn rioscaí á mbainistiú ar leibhéal atá inghlactha.

Tá clár oibríochtúla riosca ag leibhéil fheidhmiúla san Údarás freisin. Tá sonraí iontu faoi na rialuithe agus gníomhartha a bhíonn de dhíth le rioscaí a mhaolú agus tá freagracht as na rialuithe a oibriú sannta do bhaill áirithe foirne.

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ann agus i bhfeidhm agus go mbaineann na gnéithe seo a leanas léi:

- Tá na gnáthaimh le haghaidh na bpróiseas gnó is tábhachtaí cláraithe i gcáipéisí;
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta do bhainisteoirí agus tá siad cuntasach dá réir;
- Tá córas fóirsteanach buiséadaithe i bhfeidhm a bhfuil buiséad bliantúil ag dul leis agus coinníonn bainisteoirí sinsearacha agus an Bord faoi athbhreithniú é;
- Tá córais ann atá dírithe ar a chinntiú go mbíonn na córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide slán;
- Tá córais i bhfeidhm leis na sócmhainní a chosaint; agus
- Tá gnáthaimh rialaithe ann maidir le maoiniú deontas do ghníomhaireachtaí seachtracha lena chinntiú go mbíonn rialú dóthanach ann ó thaobh deontais a fhaomhadh agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh orthu siúd a fhaigheann deontais d'fhonn a chinntiú go gcaitear deontais ar na nithe ar cuspóir leo iad.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá gnáthaimh fhoirmiúla bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe ar a súile dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus do bhainisteoirí agus don Bhord. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun easnaimh ar bith a bheadh aitheanta a thuairisciú;
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta; agus
- Déanann bainisteoirí sinsearacha athbhreithnithe go rialta ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina léirítear feidhmíocht le hais buiséad/réamhinsintí.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm ag an Údarás lena chinntiú go mbítear ag teacht leis na rialacha agus leis na treoirlínte reatha maidir le soláthar agus dearbhaím go ndearna an tÚdarás de réir na ngnáthamh sin in 2017.

Maoiniú le haghaidh Infheistíochta Caipitil – rialuithe

€201 milliún an méid maoinithe a soláthraíodh faoi choinne infheistíochta caipitil in 2017 (2016: €219m). Is iad seo a leanas na rialuithe a bhaineann leis an maoiniú sin:

- A chinntiú go bhfuil tionscadail aonair ag teacht leis an trí chlár infheistíochta caipitil iompair phoiblí (.i. Clár Caipitil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, an Clár um Iompar Inbhuanaithe sna Cathracha sna Réigiúin agus an Clár um Inrochtaineacht ar Iompar Poiblí) agus le pleananna straitéiseacha;
 - Teagmháil rialta leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus socrú cuspóirí, spriocanna, buiséad agus infhaighteacht maoinithe i gcomhar leis an RITS, agus tuairiscí a dhéanamh maidir leis an dul chun cinn a dhéantar;

- Ullmhú agus faomhadh pleananna feidhmithe tionscadal agus teagmháil dhlúth maidir le tionscadail a phleanáil, agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí Stáit, ar oibritheoirí iompair agus ar údaráis áitiúla a bhíonn ag gníomhú ar son an Údaráis chun tionscadail éagsúla a chur i bhfeidhm;
- A bheith i dteagmháil le Bord an Údaráis chun treoir agus faomhadh mar is cuí a fháil agus le tuairiscí ar dhul chun cinn a chur faoina bhráid;
- A chinntiú go mbíonn maoirseacht fhóirsteanach, leordhóthanach ann; agus
- A chinntiú go bhfaightear dearbhuithe sásúla síos tríd an bpróiseas iniúcháireachta inmheánaí.

Maoiniú don Dualgas Seirbhíse Poiblí – rialuithe

€265m an maoiniú don dualgas seirbhíse poiblí a bhí ann in 2017 (2016: €237m). Seo a leanas na rialuithe a bhaineann leis an maoiniú seo:

- Conarthaí seirbhíse daingne le hoibritheoirí iompair poiblí, iad siúd ar leis an Stát iad agus iad siúd ar le comhlachtaí príobháideacha iad araon, chun seirbhísí bus agus iarnróid a chur ar fáil atá riachtanach don sochaí ach nach bhfuil inmharthana ó thaobh tráchtála de de ghnáth;
- Tuairisciú agus monatóireacht rialta ar na príomhtháscairí feidhmíochta, lena n-áirítear iontaofacht agus poncúlacht seirbhísí;
- Faomhadh an Údaráis maidir le gach athrú a dhéantar ar chonarthaí a bhaineann le seirbhísí iompair poiblí;
- Conarthaí seirbhísí iompair poiblí a athbhreithniú d'fhonn fás ar úsáid iompair poiblí a spreagadh agus chun freagairt ar na héilimh athraitheacha;
- Cruinnithe rialta le hoibritheoirí iompair poiblí lena chinntiú go mbíonn na seirbhísí ag freastal ar riachtanais paisinéirí agus go bhfuil luach ar airgead á fháil;
- Tuairiscí a chur go rialta faoi bhráid Bhord an Údaráis agus an RITS agus a bheith i dteagmháil leo go rialta; agus
- A chinntiú go bhfaightear dearbhuithe sásúla tríd an bpróiseas iniúcháireachta inmheánaí.

Scéim ticéadaithe chomhtháite do Chártaí Leap – rialuithe

€276m an méid ioncaim as táillí iompair poiblí a fuarthas trí scéim na gCártaí Leap in 2017 (2016: €243m). Is iad seo a leanas na rialuithe atá i bhfeidhm ar an scéim:

- Déantar tacar cuimsitheach de bhailíochtuíthe idirbhearta córais maidir le gach uile idirbheart a bhaineann le táillí a phróiseáiltear sna córais Leap;
- Cothabháil leanúnach ar chreat cuimsitheach rialuithe/réitigh airgeadais. I measc cuspoirí eile, tá siad seo deartha chun aon aimhrialtachtaí idir na córais Leap nó sna gluaiseachtaí airgeadais ar fud an chórais Leap a aimsiú;
- Tabhairt isteach tacar cuimsitheach bearta slándála le rochtain a rialú, leochaileachtaí a bhrath agus iompraíochtaí aimhrialta agus neamhchointianta ar an líonra a bhrath. Tá roinnt athbhreithnithe agus iniúchta slándála ar an gcóras san áireamh anseo, trialacha briseadh slándála in measc;

- Cothabháil leanúnach tacar cuimsitheach príomhtháscairí feidhmíochta (airgeadúil, oibríochtúil, TFC srl) chun treochtaí neamhchoitianta gnó a thabhairt chun solais;
- Athbhreithniú leanúnach feidhmíochta ar sholáthróirí seirbhísí ag bainisteoirí na scéime agus ag foireann bainisteoirí sinsearacha an Údaráis, mar aon le teagmháil dhlúth leis na hoibritheoirí iompair rannpháirteacha;
- Roinnt beart a bhaineann le Leanúnachas Gnó agus Téarnamh i gCás Tubaiste chun a dhearbhu go bhfuil acmhainn teacht aniar agus leanúnachas gnó ann;
- Déanann iniúcháirí neamhspleácha athbhreithniú bliantúil maidir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Theagmhálacha Dearbhaithe (ISAE) 3402, a chlúdaíonn gnéithe den scéim atá rialaithe agus bainistithe ag an Údarás. Déanann iniúcháirí neamhspleácha athbhreithnithe comhlántacha ar na hoibritheoirí móra iompair rannpháirteacha agus clúdaíonn siad gnéithe den scéim a bhíonn á rialú agus á mbainistiú ag na hoibritheoirí iompair.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm ag an Údarás le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht ár mbearta bainistiú riosca agus ár ngnáthaimh rialaithe. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ar obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, a bhíonn ag maoirsiú a gcuid oibre siúd, agus ar obair na mbainisteoirí sinsearacha san Údarás atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha in 2017 i mí Feabhra 2018.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh

Níor aimsíodh laigí ar bith sa rialú inmheánach in 2017 ar gá nochtú a dhéanamh ina leith sna ráitis airgeadais

Sínithe ar son Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair

An tUasal Fred Barry
An Cathaoirleach

Dáta: 15 Meitheamh 2018



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

National Transport Authority

Opinion on financial statements

I have audited the financial statements of the National Transport Authority for the year ending 31 December 2017 as required under the provisions of section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended). The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the National Transport Authority at 31 December 2017 and of its income and expenditure for 2017 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the National Transport Authority and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The National Transport Authority has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, including the governance statement, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

22 June 2018

Appendix to the report

Responsibilities of Board members

The governance statement and Board members' report sets out the Board members' responsibilities. The Board members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008(as amended)
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008(as amended) to audit the financial statements of the National Transport Authority and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty

exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the National Transport Authority's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the National Transport Authority to cease to continue as a going concern.

- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if there are material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if there is any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Ioncam			
Deontais Oireachtais			
-Maoiniú don Dualgas Seirbhíse Poiblí	2.1	264,529	237,028
- Maoiniú infheistíochta caipitil	2.2	200,651	219,302
- Scéimeanna iompair eile	2.3	17,904	15,542
- Deontas riaracháin		5,172	5,016
Scéim na gCártaí Leap – táillí na n-oibritheoirí iompair	3	8,455	7,814
Ioncam ó cheadúnú	4	6,122	6,036
Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean	14.2	1,716	1,339
Ioncam eile	5	8,568	2,778
Aistriú (go dtí an)/ón gcuntas caipitil	20	(28,383)	3,713
Ioncam iomlán		484,734	498,568
Caiteachas			
Caiteachas ar an Dualgas Seirbhíse Poiblí	6	264,087	237,469
Caiteachas ar infheistíocht chaipitil	7	166,163	215,757
Caiteachas eile ar dheontais agus ar chláir	8	27,493	19,402
Caiteachas ar scéim na gCártaí Leap	3	15,391	14,612
Caiteachas ar cheadúnú	9	6,115	3,793
Fostaithe, fostaithe ar iasacht agus seirbhísí socrúcháin seachfhóinsithe	10	4,609	5,150
Costais sochair scoir	13	1,946	1,544
Costais chóiríocht oifige	11	517	526
Costais riaracháin eile	12	2,304	2,386
Caiteachas iomlán		488,625	500,639
Easnamh don bhliain		(3,891)	(2,071)
larmhéid tugtha chun cinn amhail an 1 Eanáir		10,104	12,175
larmhéid tugtha chun cinn amhail an 31 Nollaig		6,213	10,104

Tá Nótaí 1 go 29 mar chuid de na ráitis airgeadais seo

Sínithe ar son Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair

An tUasal Fred Barry
An Cathaoirleach

An tUasal Anne Graham
An Príomhfheidhmeannach

Dáta: 15 Meitheamh 2018

An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Easnamh don bhliain		(3,891)	(2,071)
Ioncam cuimsitheach eile			
Atomhais na hoibleagáide glaine um shochair shainithe	14.1	(6,059)	(3,981)
Leasú ar mhaoiniú iarchurtha do shochair scoir	14.1	6,059	3,981
Easnamh iomlán aitheanta don bhliain		(3,891)	(2,071)

Tá Nótaí 1 go 29 mar chuid de na ráitis airgeadais seo

Sínithe ar son Bhord an Údarás Náisiúnta Iompair

An tUasal Fred Barry
An Cathaoirleach

An tUasal Anne Graham
An Príomhfheidhmeannach

Dáta: 15 Meitheamh 2018

An Ráiteas ar an Riocht Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní doláimhsithe	15	27,778	30,122
Réadmhaoín, fearais agus trealamh	16	34,863	4,139
		62,641	34,261
Sócmhainní reatha			
Míreanna infhaighte	17	3,968	2,267
Airgead tirim agus coibhéiseanna airgid		32,018	28,589
		35,986	30,856
Míreanna is iníoctha: méideanna is dlite taobh istigh de bhliain amháin	18	(29,293)	(20,185)
Glansócmhainní reatha		6,693	10,671
Sócmhainní iomlána lúide na dliteanais reatha		69,334	44,932
Oibleagáidí um shochair scoir	14.1	(30,910)	(23,135)
Sócmhainn an mhaoinithe iarchurtha do shochair scoir	14.1	30,910	23,135
Míreanna is iníoctha: méideanna is dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin	19	(480)	(570)
Glansócmhainní iomlána		68,854	44,362
Airgeadaithe ag			
Cuntas Caipitil	20	62,641	34,258
Cúlchistí ioncaim choinnithe		6,213	10,104
		68,854	44,362

Tá Nótaí 1 go 20 mar chuid de na ráitis airgeadais seo..

Sínithe ar son Bhord an Údarás Náisiúnta Iompair

An tUasal Fred Barry
An Cathaoirleach

An tUasal Anne Graham
An Príomhfheidhmeannach

Dáta: 15 Meitheamh 2018

An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Glansreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí oibríochta			
Róchaiteachas thar ioncam		(3,891)	(2,071)
Aistrithe a bhaineann leis an gcuntas caipitil – sócmhainní seasta	20	28,383	(3,713)
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	15	6,779	6,327
Dímheas réadmhaoine, fearas agus trealaimh	16	5,175	1,979
Leasú sócmhainní seasta	15,16	425	-
Caillteanas as diúscairt réadmhaoine, fearas agus trealaimh	16	-	1
Ús bairc faighte		(1)	(8)
(Méadú) / laghdú ar mhíreanna infhaighte		(1,700)	1,594
Méadú ar mhíreanna iníoctha		9,019	2,708
Glansreabhadh airgid thirim isteach as gníomhaíochtaí oibríochta		44,189	6,817
Sreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí le sócmhainní inláimhsithe a fháil	15	(4,835)	(4,008)
Íocaíochtaí le réadmhaoine, fearais agus trealamh a fháil	16	(35,924)	(575)
Ús bairc faighte		1	8
Glansreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí infheistíochta		(40,758)	(4,575)
Sreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí airgeadais			
Aisíoc oibleagáidí léasa airgeadais	18	(2)	(12)
Glansreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí airgeadais		(2)	(12)
Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar choibhéiseanna airgid thirim sa bhliain		3,429	2,230
Airgead tirim agus coibhéiseanna airgid thirim amhail 1 Eanáir		28,589	26,359
Airgead tirim agus coibhéiseanna airgid thirim amhail 31 Nollaig		32,018	28,589

Tá Nótaí 1 go 29 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Sínithe ar son Bhord an Údarás Náisiúnta Iompair

An tUasal Fred Barry
An Cathaoirleach

An tUasal Anne Graham
An Príomhfheidhmeannach

Dáta: 15 Meitheamh 2018

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

1. Polasaithe cuntasáíochta

Tá na boinn chuntasaíochta agus na polasaithe suntasacha cuntasáíochta atá glactha ag an Údarás leagtha amach thíos.

a. An bonn ullmhúcháin

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go ginearálta in Éirinn, lena n-áirítear FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais a bhfuil feidhm leis in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, de réir mar atá sé fógartha ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus í sin ag teacht leis an Aire Airgeadais faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008.

b. Aistriú airgeadraí iasachta

Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe

Tá ráitis airgeadais an Údaráis curtha i láthair in airgeadra na timpeallachta príomhúla eacnamaíochta ina mbíonn an t-aonán ag feidhmiú (is é sin, a airgeadra feidhmiúil). Chun críocha na ráiteas airgeadais, is in euro (€) atá na torthaí agus an riocht airgeadais curtha i láthair.

Idirbhearta agus iarmhéideanna

Agus ráitis airgeadais an Údaráis á n-ullmhú, aithnítear idirbhearta in airgeadraí eile seachas airgeadra feidhmiúil an Údaráis de réir an spotráta ar dhátaí na n-idirbheart nó de réir ráta mheánaigh, agus an ráta meánach sin cothrom le thart ar an ráta iarbhir a bhí ann ar dháta an idirbhirt. Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, athaistrítear míreanna airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí iasachta de réir na rátaí a bhí ann ar an dáta sin. Ní dhéantar míreanna neamhairgeadaíochta tomhaiste i dtéarmaí costais stairiúil in airgeadra iasachta a athaistriú.

Aithnítear difríochtaí malartaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe sa tréimhse ina dtarlaíonn siad.

c. Ioncam

Deontais Oireachtais

Aithnítear ioncam sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe ar bhonn fáлтаis airgid thirim.

Tá sonraí ar rhoinsí agus ar chineálacha na ndéontas in 2017 leagtha amach thíos:

Roinn	Cineál Deontais
RITS* - Vóta	Deontais reatha – focheannteideal B9.3
RITS* - Vóta	Maoiniú don Oibleagáid Seirbhíse Poiblí – focheannteideal B7
RITS* - Vóta	Bearta taisteal níos cliste agus iompair inbhuanaithe – focheannteideal B8.1
RITS* - Vóta	Sábháilteacht agus forbairt iarnróid throim – focheannteideal B8.2
RITS* - Vóta	Bonneagar iompair phoiblí – focheannteideal B8.3
RITS* - Vóta	Deontas taisteal níos cliste – focheannteideal B8.4
RITS* - Vóta	Deontas scoileanna glasa – focheannteideal B8.4
RITS* - Vóta	Deontais Iompair Thuaithe – focheannteideal B7.2
RCS** - Vóta	Maoiniú saorthaistil – focheannteideal A36

* An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (“RITS”)

** An Roinn Coimirce Sóisialta (“RCS”)

An cion neamhamúchta den ioncam curtha i bhfeidhm chun críocha caipitil atá i gceist leis an gcuntas caipitil. Déantar sócmhainní seasta a mhaoiniú ó ioncam deontais a aistrítear isteach sa chuntas caipitil agus a ndéantar é a amúchadh de réir amúchadh sócmhainní doláimhsithe agus de réir dímheas réadmhaoine, fearas agus trealaimh.

Ceadúnú

Baineann sé seo le hioncam as ceadúnú feithiclí/tiománaithe, gníomhaíochtaí measúnaithe agus forfheidhmithe maidir le rialáil tacsaithe agus ceadúnú busanna tráchtála. Aithnítear ioncam ar bhonn fáltais airgid thirim.

Scéim na gCártaí Leap

Tagann ioncam as athghearradh costais oibríochta ar na hoibritheoirí iompair atá páirteach i scéim na gCártaí Leap. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhrúithe..

Córais eolas taistil

Tagann ioncam as athghearradh costais oibríochta ar na hoibritheoirí ioncaim a bhaineann tairbhe as an bPleanálaí Náisiúnta Turas agus as Eolas Fíor-Ama do Phaisinéirí. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhrúithe.

Fógraíocht ar scáthláin bus

Baineann sé seo le hioncam as spásanna fógraíochta a dhíol ar scáthláin bus. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhrúithe.

An scéim rothar sna réigiúin

Tagann ioncam as fruiliú rothar agus as spásanna fógraíochta a dhíol. Aithnítear ioncam ar bhonn fáltais airgid thirim.

d. Caiteachas i dtaca le deontais

Aithnítear caiteachas na bliana bunaithe ar na méideanna íoctha amach leo siúd a fhaigheann deontas agus ar chostais tabhaithe le haghaidh tionscadal a bhíonn á gcur i bhfeidhm go díreach ag an Údarás.

e. Sócmhainní doláimhsithe

Luaitear sócmhainní doláimhsithe de réir a gcostais stairiúil nó a luachála stairiúla, lúide amúchadh carntha.

Baintear amúchadh den Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe ar bhonn líne dírí, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, ríofa chun na sócmhainní a dhíscríobh, leasaithe ar mhaithe le luach iarmharach, thar a saolré úsáideach ionchasach. Baintear amúchadh bliana iomláine nuair a chuirtear na sócmhainní doláimhsithe seasta i mbliain an fhaighte leis, agus ní bhaintear amúchadh i mbliain an diúscartha.

Bogearraí córais iompair 10%-20% líne dhíreach

Aithnítear costais forbartha bogearraí mar shócmhainn dholáimhsithe nuair a léirítear na critéir uile seo a leanas:

- An indéantacht theicniúil a bhaineann leis na bogearraí a chur i gcrích ionas go mbeidh siad ar fáil le húsáid nó le díol;
- An rún chun na bogearraí a chur i gcrích agus iad a úsáid nó a dhíol;
- An cumas chun na bogearraí a úsáid nó a dhíol;
- Conas a ghinfidh na bogearraí buntáistí eacnamaíocha sa todhchaí;
- Infhaighteacht acmhainní leordhóthanacha teicniúla, airgeadais agus eile chun an fhorbairt a chur i gcrích agus chun na bogearraí a úsáid nó a dhíol; agus
- An cumas chun an caiteachas atá inchurtha i leith na bogearraí agus iad á bhforbairt a thomhas ar dhóigh iontaofa.

In 2017, rinne an tÚdarás bogearraí a athrangú mar shócmhainn dholáimhsithe; roimhe sin, bhí a leithéid de bhogearraí rangaithe mar réadmhaoin, fearais agus trealamh.

f. Réadmhaoin, fearais agus trealamh

Luaitear réadmhaoin, fearais agus trealamh de réir a gcostais stairiúil nó a luachála stairiúla, lúide dímheas carntha. Baintear dímheas den Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe ar bhonn líne dírí, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, ríofa chun na sócmhainní a dhíscríobh, leasaithe le haghaidh luach iarmharach, thar a saolré úsáideach ionchasach. Baintear dímheas bliana iomláine nuair a chuirtear an réadmhaoin, na fearais agus an trealamh uile leis i mbliain an fhaighte, agus ní bhaintear aon dímheas i mbliain an diúscartha.

Feabhsúcháin ar réadmhaoin léasach 5% líne dhíreach

Feithiclí bóthair do phaisinéirí 8.33% líne dhíreach

Crua-earraí córais iompair 25% líne dhíreach

Trealamh oifige 10% troscán agus feistis agus

25% trealamh ríomhaireachta líne dhíreach

Bonneagar iompair 10%-20% líne dhíreach

Tá an bonneagar iompair comhdhéanta go príomha de shócmhainní a bhíonn in úsáid don scéim rothar sna réigiúin agus d'eolas fíor-ama faoi choinne paisinéirí

g. Bearnú sócmhainní seasta

Sa chás ina dtitfeadh imeachtaí amach nó ina mbeadh cúinsí ann nuair nach mbeadh an méid anonn infhaighte ar ais, déantar athbhreithniú ar shócmhainní seasta maidir le bearnú. Déantar an méid infhaighte ar ais maidir le sócmhainn ar bith atá i gceist a mheas, agus cuirtear an méid measta sin i gcomparáid leis an méid anonn.

Má tá an méid measta infhaighte ar ais níos ísle, laghdaítear an méid anonn go dtí leibhéal an mhéid mheasta infhaighte ar ais agus aithnítear caillteanas bearnúcháin láithreach sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí loncaim Choinnithe.

Má tharlaíonn aisiompú caillteanas bearnúcháin ina dhiaidh sin, méadaítear méid anonn na sócmhainne go dtí leibhéal an mhéid mheasta athbhreithnithe den mhéid infhaighte ar ais, ach ní mó é sin ná an méid a mbeadh socraithe air mura mbeadh aon chaillteanas bearnúcháin aitheanta i dtaca leis an tsócmhainn sna blianta roimhe sin. Aithnítear aon aisiompú caillteanas bearnúcháin láithreach sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí loncaim Choinnithe.

h. Sochair d'Fhostaithe

Sochair ghearrthéarma

Aithnítear sochair ghearrthéarma, amhail pá saoire, mar chaiteachas sa bhliain atá i gceist. Maidir le sochair atá fabhráithe faoi dheireadh na bliana, bíonn siad sin san áireamh san fhigiúr do mhíreanna is iníoctha sa Ráiteas ar an Ríocht Airgeadais.

Sochair Scoir

Léiríonn na ráitis airgeadais, de réir luach cothrom, na sócmhainní agus dliteanais ag éirí as oibleagáidí pinsin an Údaráis, agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair scoir a sholáthar sna tréimhsí cuntasáiochta ina mbíonn siad á saothrú ag fostaithe. Déantar dliteanais na scéime scoir a thomhas ar bhonn achtúireach trí mhodh an n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a éiríonn as dliteanais na scéime scoir sa Ráiteas ar loncam Cuimsitheach. Tá leasú comhfhreagrach aitheanta sa mhéid infhaighte ar ais ón Stát don scéim scoir neamh-mhaoinithe um shochair shainithe amháin.

Bíonn fostaithe an Údaráis rannpháirteach sna scéimeanna scoir seo a leanas:

- *An Scéim Pinsin Neamh-Mhaoinithe NTA um Shochair Shainithe* (“An Scéim NTA”)

Is baill den Scéim NTA iad formhór fostaithe an Údaráis. Is scéim pinsin le sochair shainithe don tseirbhís phoiblí í seo agus tá teidlíochtaí caighdeánacha ag dul léi. De ghnáth, socraítear teidlíochtaí na mball nuair a théann siad isteach i scéim pinsin seirbhíse poiblí an chéad lá. Bhí fostaithe a céadcheapadh sa tseirbhís phoiblí roimh an 1 Eanáir 2013 i dteideal pinsin le sochair shainithe bunaithe ar a dtuarastal deiridh. Bhí fostaithe a céadcheapadh sa tseirbhís phoiblí ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh i dteideal pinsin le sochair shainithe bunaithe ar a meántuarastal (.i. ‘Scéim Pinsin Shingil na Seirbhísí Poiblí’).

- *Plean Pinsin agus Árachas Saoil 2003 na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid (“Scéim GFI”)*

Tháinig roinnt fostaithe isteach san Údarás ó Bhonneagar Iompair Éireann (“BIÉ”) i ndiaidh dóibh a bheith ina bhfostaithe ag an nGníomhaireacht um Fháil Iarnróid sular fíodh a gníomhaíochtaí siúd isteach in BIÉ. Is baill iad go fóill de Scéim GFI, ar scéim pinsin ranníocaíochtaí sainithe í. Níl sócmhainn/dliteanas pinsin ag an Údarás maidir leis an scéim seo siocair go bhfuil sé faoi dhliteanas maidir le ranníocaíochtaí fostóra amháin i dtaca leis na fostaithe seo.

i. Léasanna

Bíonn na léasanna seo rangaithe mar léasanna airgeadais nuair a aistríonn siad go substaintiúil an riosca agus na brabúis uile a bhaineann le húinéireacht ar na sócmhainní léasaithe chuig an Údarás. Bíonn léasanna eile nach n-aistríonn go substaintiúil an riosca agus na brabúis a bhaineann le húinéireacht ar na sócmhainní léasaithe chuig an Údarás rangaithe mar léasanna oibríochta.

Tá sócmhainní atá coinnte faoi léas airgeadais san áireamh le réadmhaoín, fearais agus trealamh agus déantar iad a dhímheas agus a athbhreithniú maidir le bearnú ar an dóigh chéanna a dhéantar le sócmhainní a bhfuil úinéireacht iomlán orthu.

Mar léasaí

Tá íocaíochtaí déanta faoi léasanna oibríochta aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe mar chaiteachas thar théarma an léasa ar bhonn líne dírí.

Mar léasóir

Tá íocaíochtaí faighte faoi léasanna oibríochta aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe mar ioncam thar théarma an léasa ar bhonn líne dírí.

j. Breithiúnais agus meastacháin chriticiúla chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní mór do na bainisteoirí breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh agus boinn tuisceana a cheapadh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní agus dliteanas ar dháta an Ráitis ar an Riocht Airgeadais agus ar na méideanna a thuairiscítear i dtaca le hioncam agus caiteachas le linn na bliana. Ar ndóigh, siocair gur meastacháin atá i gceist, d’fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil leis na meastacháin sin. Meastar na breithiúnais agus na meastacháin seo a leanas a bheith tábhachtach i dtaca le cur i láthair riocht airgeadais an Údaráis:

- *Dímheas agus luachanna iarmharacha*

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar shaolta na sócmhainní agus ar luachanna gaolmhara iarmharacha ranganna uile na sócmhainní seasta agus is é a chonclúid go bhfuil saolta na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha fóirsteanach.

- *Bearnú sócmhainní seasta*

Nuair a fhágann imeachtaí áirithe nó athrú ar dhálaí go bhfuil seans ann nach mbeidh an méid anonn inaisghabhála, déantar athbhreithniú ar shócmhainní i dtaca le bearnúchán.

- *Oibleagáid sochair scoir*

Na boinn tuisceana atá faoi na luachálacha achtúireacha a bhfuil na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais socraithe ina leith (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí agus rátaí mortlaíochta).

- *Forálacha*

Tá forálacha déanta ag an Údarás i dtaca le hoibleagáid reatha (dlíthiúil nó cuiditheach) atá ann mar thoradh ar imeacht san am atá caite, más dócha go mbeidh ar an Údarás an oibleagáid a bhfuil a fhios aige ina leith go bhfuil sí go fóill amuigh ar dháta deiridh na tréimhse a shocrú.

k. Míreanna infhála

Déantar míreanna infhála a thomhas de réir phraghas an idirbhirt, costais an idirbhirt san áireamh, lúide aon bhearnúchán.

l. Airgead tirim agus coibhéiseanna airgid thirim

Bíonn airgead tirim á chur i láthair mar airgead tirim ar láimh agus taiscí gearrthéarma in institiúidí airgeadais. Is infheistíochtaí rí-leachtacha iad coibhéiseanna airgid thirim a théann in aibíocht taobh istigh de thréimhse nach faide ná trí mhí ón dáta a fhaightear iad agus atá éasca a aistriú ina méideanna aithnide airgid thirim gan ach riosca neamhshuntasach a bheith ann maidir le hathrú ar an luach.

m. Míreanna is iníochta

Déantar míreanna is iníochta sa ghearrthéarma a thomhas de réir phraghas an idirbhirt, costais an idirbhirt san áireamh, lúide aon bhearnúchán.

n. Ionstraimí airgeadais

Ní dhéanann an tÚdarás idirbhearta bunúsacha maidir le hionstraimí airgeadais ach amháin sa chás ina mbeidh aithint sócmhainní agus dliteanais airgeadais amhail trádáil agus míreanna eile infhála agus iníochta mar thoradh leo.

Déantar ionstraimí fiachais (seachas iad siúd atá le híoc ar ais ina n-iomláine agus iad siúd atá infhála taobh istigh de bhliain amháin), iasachtaí agus cuntais eile infhála agus iníochta san áireamh, a thomhas de réir luach reatha an tsreabhadh airgid sa todhchaí, agus ina dhiaidh sin de réir an chostais amúchta ag baint úsáide as modh an úis ghlain. Déantar ionstraimí fiachais is iníochta nó is infhála taobh istigh de bhliain amháin, is é sin míreanna trádála iníochta nó infhála de ghnáth, a thomhas sa chéad dul síos agus ina dhiaidh sin de réir méid neamhscainithe an airgid thirim nó comaoine eile a bhfuiltear ag súil lena bheith íochta nó lena fháil. Mar sin féin, má fhágann na socruithe a bhaineann le hionstraim ghearrthéarma gur idirbheart airgeadais atá ann - amhail íoc fiachas trádála atá iarchurtha thar ghnáth-théarmaí gnó nó atá airgeadaithe de réir ráta úis nach ráta margaidh é, nó i gcás iasacht ghéarrthéarma thar barr amach nach bhfuil de réir ráta an mhargaidh – déantar an tsócmhainn nó an dliteanas airgeadais a thomhas sa chéad dul síos de réir luach reatha an tsreabhadh airgid sa todhchaí lascainithe de réir ráta úis an mhargaidh i dtaca le hionstraimí fiachais comhchosúla, agus ina dhiaidh sin de réir an chostais amúchta.

Déantar sócmhainní airgeadais a thomhas de réir an chostais agus déantar measúnú ar chostais amúchta ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe i dtaca le fianaise oibiachtúil ar bhearnúchán. Má aimsítear fianaise oibiachtúil ar

bhearnúchán, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe.

o. Forálacha i dtaca le dlíteanais

Déantar forálacha a aithint nuair a bhíonn oibleagáid reatha ag an Údarás (dlíthiúil nó cuiditheach) atá mar thoradh ar imeacht a tharla san am a chuaigh thart, nuair is dócha go mbeidh ar an Údarás an oibleagáid a chomhlíonadh agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh maidir le méid na hoibleagáide.

Is ionann an méid a aithnítear mar fhoráil agus an meastachán is fearr maidir leis an gcomaoin atá de dhíth leis an oibleagáid reatha a shocrú ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, ag glacadh san áireamh na rioscaí agus na n-éiginnteachtaí a bhaineann leis an oibleagáid.

Sa chás ina bhfuil tionchar luach ama an airgid ábhartha, aithnítear an méid a bhfuiltear ag súil go mbeidh sé de dhíth leis an oibleagáid a chomhlíonadh de réir an luacha reatha ag úsáid ráta lascaire réamhchánach. Aithnítear leachtú na lascaire mar chostas airgeadais sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe sa tréimhse ina dtarlaíonn sé.

2. Deontais Oireachtais

Aithníodh na deontais seo a leanas mar ioncam de réir an pholasaí cuntasáochta 1(c):

	Nóta	2017	2016
		€'000	€'000
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ("RITS")			
Maoiniú don Oibleagáid Seirbhíse Poiblí	2.1	264,458	236,945
Maoiniú infheistíochta caipitil	2.2	200,651	219,302
Scéimeanna eile iompair	2.3	16,404	14,042
Deontas riaracháin		5,172	5,016
An Roinn Coimirce Sóisialta ("RCS")		486,685	475,305
Scéimeanna iompair eile	2.3	1,500	1,500
Maoiniú don Oibleagáid Seirbhíse Poiblí	2.1	71	83
		488,256	476,888

Go luath in 2018, fuair an tÚdarás €2.8m (2016: €1.5m) i ndeontais Oireachtais maidir le caiteachas a tabhaíodh in 2017.

Deontas riaracháin

Maoiníodh costais riaracháin an Údaráis (tuarastail agus eile) i bpáirt tríd an státchiste le blianta beaga anuas, agus fuarthas an chuid eile ó chúlchistí ioncaim choinnithe. Níl mórán fágtha sna cúlchistí faoin am seo agus tá an tÚdarás i dteagmháil le RITS chun maoiniú costais riaracháin sna blianta atá amach romhainn a normalú.

2.1 Deontais Oireachtais – Maoiniú don Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

Tarraingítear maoiniú don oibleagáid seirbhíse poiblí anuas ó RITS faoi Íocaíochtaí Soláthar Seirbhísí Poiblí, focheannteideal B7 agus focheannteideal A36 RCS.

	Roinn	Focheann-teideal	2017	2016
			€'000	€'000
Iarnród Éireann	DTTAS	B7	146,980	132,975
Bus Átha Cliath	DTTAS	B7	53,963	59,558
Bus Éireann	DTTAS	B7	52,209	40,891
Bonneagar Iompair Éireann	DTTAS	B7	6,676	-
Oibrítheoirí iompair eile	DTTAS	B7	414	389
Gníomhaíochtaí díreacha an Údaráis	DTTAS	B7	4,216	3,132
Saorthaisteal	DSP	A36	71	83
			264,529	237,028

2.2 Deontais Oireachtais – maoiniú infheistíochta caipitil

Déantar maoiniú infheistíochta caipitil a tharraingt anuas ó RITS faoin gClár Infheistíochta in Iompar Poiblí, focheannteideal B8.

	2017	2016
	€'000	€'000
Bonneagar Iompair Éireann	84,641	110,819
Feithiclí Bóthair do Phaisinéirí	32,366	-
Bus Éireann	26,671	15,028
Bainistiú tráchta agus tionscadail eile	26,383	32,585
Iarnród Éireann	9,840	25,587
Maoiniú do dheontais tráchta do chathracha sna réigiúin	9,548	12,931
Scéim na gCártaí Leap	4,125	3,741
Maoiniú don scéim inrochtaineachta	3,384	2,800
Bus Átha Cliath	2,066	14,961
Tacaíocht theicniúil	1,627	830
Droichead Shráid Mhaoilbhríde	-	20
	200,651	219,302

Feithiclí Bóthair do Phaisinéirí

Baineann an maoiniú in 2017 le busanna ceannaithe go díreach ag an Údarás, sa chéad bhliain de chlár chun flít busanna lárnaithe, caighdeánaithe a chur le chéile faoi choinne iompar poiblí. Tá na busanna seo san áireamh i mbreiseanna réadmhaoine, fearas agus trealaimh.

2.3 Deontais Oireachtais – scéimeanna iompair eile

Riarann an tÚdarás roinnt scéimeanna eile ar son RITS agus RCS. Tá an maoiniú a fhaightear i ndeontais léirithe thíos:

	Roinn	Focheann-teideal	2017	2016
			€'000	€'000
Iompar Tuaithe	DTTAS	B7.2	14,179	11,886
Scoileanna Glasa	DTTAS	B7.3	1,647	1,648
Taisteal níos cliste	DTTAS	B6	578	508
			16,404	14,042
Iompar Tuaithe	DSP	A36	1,500	1,500
			17,904	15,542

3. Scéim na gCártaí Leap

	2017	2016
	€'000	€'000
Ioncam		
Táillí oibritheoirí iompair	8,455	7,814
Caiteachas oibríochta		
Costais dhíreacha oibritheoirí	5,680	5,324
Costais phearsanra (Nóta 10)	1,402	1,199
Costais riaracháin eile (Nóta 12)	1,308	1,201
Costais chóiríochta oifige (Nóta 11)	65	90
Caiteachas iomlán oibríochta *	8,455	7,814
Caiteachas breise		
Dímheas	6,936	6,798
	15,391	14,612

* Athbhaintear an caiteachas oibríochta a thabhaítear agus scéim na gCártaí Leap á hoibriú ó na hoibrítheoirí iompair atá rannpháirteach sa scéim.

Le linn na bliana, rinneadh infheistíocht €3.1m (2016: €4.0m) i sócmhainní seasta maidir le scéim na gCártaí Leap; bhí sé seo comhdhéanta de €2.9m i sócmhinní Doláimhsithe agus €0.2m i Réadmhaoin, fearais agus trealamh.

4. Ioncam ó cheadúnú

	2017	2016
	€'000	€'000
Táillí ceadúnaithe feithiclí ar tacsaithe iad	4,086	4,111
Táillí ceadúnaithe tiománaithe tacsáí	1,369	1,358
Ioncam i dtaca le forfheidhmiú a bhaineann le tacsaithe	66	70
Ioncam eile a bhaineann le tacsaithe	542	389
Ioncam ó cheadúnú busanna	59	108
	6,122	6,036

5. Ioncam Eile

	2017	2016
	€'000	€'000
Fógraíocht ar scáthlín busanna	5,440	-
Costais na gcóras eolas taistil faighte ar ais ó oibritheoirí iompair	2,525	1,879
An córas rothar sna réigiúin – urraíocht, síntiúis agus fruiliú	591	600
Ioncam eile	11	-
Ús bainc faighte	1	8
Maoiniú AE	-	291
	8,568	2,778

Fógraíocht ar scáthlín bus

In 2017, ghlac an tÚdarás bainistiú eastát na scáthlín bus, a bhí á bhainistiú ag Bus Átha Cliath agus Bus Éireann roimhe sin, ar láimh. Dá réir sin, ba í seo an chéad bhliain a fuarthas ioncam den chineál seo.

6. Caiteachas i dtaca leis an Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

	2017	2016
	€'000	€'000
Iarnród Éireann	146,980	133,060
Bus Átha Cliath	53,963	59,558
Bus Éireann	52,209	40,891
Bonneagar Iompair Éireann	6,676	-
Costais tacaíochta don oibleagáid seirbhíse poiblí	2,556	2,041
Margaíocht	922	1,183
Oibritheoirí iompair eile	414	390
Dímheas	212	-
Táillí iniúchóireachta inmheánaí	155	33
Cárta teaghlaigh Leap	-	313
	264,087	237,469

Déanann an tÚdarás íocaíochtaí chun seirbhísí de réir na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí a sholáthar, seirbhísí atá riachtanach don sochaí ach nach bhfuil inmharthana ó thaobh tráchtála de. Is as airgead curtha ar fáil trí RITS a dhéanann an tÚdarás na híocaíochtaí seo.

Bonneagar Iompair Éireann

Is comhchliant iad an tÚdarás agus BIÉ sa chonradh oibríochtaí Luas. Faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, caithfidh an tÚdarás a chinntiú go mbíonn seirbhísí iompair poiblí á soláthar i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá feidhmeanna áirithe sannta ag an Údarás d'fheidhmeanna áirithe a bhaineann le soláthar seirbhísí iarnróid éadroim do BIÉ. Le linn 2017, sholáthair an tÚdarás maoiniú breise €6.7m do

BIÉ le haghaidh costais aon uaire a bhain le cur i bhfeidhm seirbhísí Luas Traschathrach. Maoiníodh na costais seo faoin gconradh oibríochta, lena n-áiríodh, i measc costais eile, páirteanna breise agus sainuirlisí a sholáthar leis an rothstoc a chothabháil.

7. Caiteachas infheistíochta caipitil

	2017	2016
	€'000	€'000
Bonneagar Iompair Éireann	84,641	110,820
Bus Éireann	26,671	15,027
Iarnród Éireann	9,840	25,587
Bus Átha Cliath	2,066	14,961
	123,218	166,395
Bainistiú tráchta agus tionscadail eile (Nóta 7.1)	28,774	32,174
Maoiniú do dheontais tráchta i gcathracha sna réigiúin	9,224	12,930
Maoiniú don scéim inrochtaineachta	3,384	2,801
Tacaíocht theicniúil	1,563	1,437
Droichead Shráid Mhaoilbhríde	-	20
	166,163	215,757

Is iad seo a leanas na mórthionscadail chaipitil a maoiníodh agus a bhí san áireamh sa chaiteachas ar infheistíocht chaipitil:

	2017	2017	2016	2016
	€'000	€'000	€'000	€'000
Bonneagar Iompair Éireann				
Luas Traschathrach	70,760		109,327	
Uasghrádú ar bhonneagar na Líne Glaise Luas	6,277		237	
Athchóiriú tramanna	4,334		820	
Tramanna nua	3,125		334	
MetroLink	130		80	
Tionscadail Eile	15		22	
		84,641		110,820
Bus Éireann				
Busanna nua	26,491		14,725	
Cothabháil scáthlín bus	-		302	
Tionscadail eile	180		-	
		26,671		15,027
Iarnród Éireann				
Athchomharthaíocht i lár na cathrach	4,297		9,395	
An clár um fheabhsú eispéireas na gcustaiméirí agus ticéadaithe	3,943		8,006	
Rialú lárnach tráchtá	633		1,070	
DART faoi Thalamh	290		-	
Athchóiriú ar an dón i stáisiún Shráid an Phiarsaigh	288		-	
Tollán Pháirc an Fhionnuisce	133		6,502	
Clár uasghrádaithe stáisiún	104		-	
Crosairí comhréidhe ar Líne Mhaigh Nuad	62		47	
Tionscadail eile	90		567	
		9,840		25,587
Bus Átha Cliath				
Athchóiriú busanna	1,479		-	
Busanna nua *	179		11,084	
Clár athchuir scáthlín bus	-		3,278	
Tionscadail eile	408		599	
		2,066		14,961
		123,218		166,395

*In 2017, laghdaigh caiteachas ag Bus Átha Cliath ar bhusanna nua go suntasach siocair gur thosaigh an tÚdarás ag ceannach busanna go díreach, sa chéad bhliain de chlár chun flit busanna lárnaithe, caighdeánaithe le haghaidh iompar poiblí a chur le chéile.

7.1 Bainistiú tráchta agus tionscadail eile

	2017	2016
	€'000	€'000
Bainistiú tráchta – deontais d'fhorais ainmnithe		
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	7,693	9,844
Comhairle Contae na Mí	1,946	790
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	1,760	5,806
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	1,341	1,679
Comhairle Contae Chill Dara	641	979
Comhairle Contae Fhine Gall	520	146
Comhairle Contae Chill Mhantáin	507	1,867
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	31	63
Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath	10	6
Comhairle Cathrach Chorcaí	-	46
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	-	30
Ospidéal San Séamas	-	10
	14,449	21,266
Caiteachas eile tabhaithe go díreach ag an Údarás Náisiúnta Iompair		
Dímheas	2,844	-
Forbairt córais eile	1,439	1,626
MetroLink	2,093	201
DART faoi Thalamh	801	-
Táillí gairmiúla	1,058	1,079
Pearsanra agus na fochostais bhainteacha	1,692	1,528
Samhlacha iompair	743	3,173
Forbairt Clós do Chóistí	4	-
Ticéadú comhtháite	1,759	-
Córais eolas taistil	(5)	1,023
Athdhearadh an Líonra Bus	629	-
An croí-líonra bus	325	407
Cumarsáid Luas Traschathrach	260	773
Bus Gasta	313	30
Clár cothabhála cuailí agus scáthlín bus	370	364
Clár fheidhmithe an athbhreithnithe i dtaca le tacsaithe	-	704
	14,325	10,908
	28,774	32,174

8. Caiteachas eile ar dheontais agus ar chláir

	2017	2016
	€'000	€'000
Caiteachas eile ar dheontais		
Caiteachas ar an gClár Iompair Thuaithe	15,628	13,355
Dímheas i dtaca leis an gClár Iompair Thuaithe	15	-
Caiteachas ar scoileanna glasa	1,571	1,725
Caiteachas ar thaisteal níos cliste	428	627
Caiteachas eile ar dheontais	-	30
	17,642	15,737
Caiteachas eile ar chláir		
Caiteachas ar scáthlám bus *	4,862	-
Caiteachas ar chórais eolas taistil	2,685	1,658
Caiteachas ar an scéim rothar sna réigiúin	1,284	1,055
Dímheas i dtaca leis an scéim rothar sna réigiúin	1,020	952
	9,851	3,665
	27,493	19,402

* Íocadh €4.6m den chaiteachas ar scáthlám bus le Bus Átha Cliath agus le Bus Éireann.

9. Caiteachas a cheadúnú

	2017	2016
	€'000	€'000
An costas lárnach a leithdháileadh do cheadúnú	2,230	-
Costais forfheidhmithe i dtaca le tacsaithe	1,204	1,099
Costais ionaid glaonna agus riaracháin i dtaca le tacsaithe	1,022	1,032
Costais ceadúnaithe feithiclí ar tacsaithe iad	681	757
Costais ceadúnaithe tiománaithe tacsáí	632	593
Ceadúnú tacsaithe – costais chumarsáide	278	254
Costais ceadúnaithe bus	68	58
	6,115	3,793

Costas lárnach leithdháilte ar cheadúnú

Rinneadh an leithdháileadh costais seo ar cheadúnú den chéad uair in 2017, chun soiléireacht faoi na costais fhoriomlána ceadúnaithe a fheabhsú.

10. Fostaithe, iasachtaithe agus seirbhísí socrúcháin seachfhoinsithe

	2017	2016
	€'000	€'000
Costais phearsanra		
Pá, tuarastail agus costais foirne	5,532	4,851
Seirbhísí socrúcháin seachfhoinsithe	3,728	1,985
Iasachtaí earnála poiblí	1,024	775
Earcaíocht agus oiliúint	161	131
Táillí agus costais comhaltaí boird agus coiste	116	105
	10,561	7,847
Leithdháilte ar:		
Riarachán lárnach	4,609	5,150
Ceadúnú	1,807	-
Scéim na gCártaí Leap	1,402	1,199
An Clár Infheistíochta Caipitil	1,809	1,118
An Clár Iompair Thuaithe	489	380
Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí	242	-
Córais eolas taistil	203	-
	10,561	7,847

Tá leithdháileadh costais phearsanra agus na gcostas bainteach ar aonaid ghnó an Údaráis bunaithe ar an bpearsanra atá ag obair go díreach sna haonaid ghnó sin mar chéatadán de phearsanra uile an Údaráis.

Iasachtaí earnála poiblí

In 2017, baineadh €0.12m (2016: €0.54m) de chostais iasachtaithe go díreach ó thionscadail agus caipitlíodh €0.17m (2016: €0.19m). Le linn na bliana, d'aistrigh naonúr iasachtaithe chuig an Údarás mar fhostaithe.

Costais chaipitlithe fostaithe

€0.02m (2016: €0.17m) costais chaipitlithe fostaithe sa bhliain airgeadais.

10.1 Pá, tuarastail agus costais foirne

a. Sochair chomhiomlána d'fhostaithe

	2017	2016
	€'000	€'000
Sochair ghearrthearma don fhoireann	5,084	4,491
Sochair Foirceanta	-	-
Costais sochair scoir (an Scéim GFI)	19	-
ÁSPC an Fhostóra	429	360
	5,532	4,851

Níl luach na sochar scoir i Scéim an ÚNI a saothraíodh sa tréimhse san áireamh thuas.

b. Sochair ghearrthearma foirne

	2017	2016
	€'000	€'000
Buntuarastail	5,004	4,442
Liúntais	80	49
	5,084	4,491

- c. Ní raibh aon sochair fhoirceanta ná sochair fhadtéarmacha eile ná idirbhearta íocaíochta bunaithe ar scaireanna le linn na bliana (2016: €nílas).

10.2 Fostaithe agus iasachtaithe earnála poiblí

	2017	2016
<i>An líon ball foirne ag deireadh na bliana, ar bhonn coibhéise lánaimseartha:</i>		
Fostaithe	75	63
Iasachtaithe earnála poiblí	7	20
	82	83

10.3 Príomhphearsanra bainistíochta

Is iad na comhaltaí Boird, an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Seirbhísí Airgeadais agus Corparáideacha, an Stiúrthóir um Infheistíocht in Iompar agus Rialáil Tacsaithe agus an Stiúrthóir Seirbhísí Iompair Phoiblí an príomhphearsanra bainistíochta san Údarás. Tá an cúiteamh a íoctar le príomhphearsanra bainistíochta an Údaráis leagtha amach thíos:

	2017	2016
	€'000	€'000
Buntuarastail	591	585
Liúntais	67	66
	658	651

Nílas na sochair fhoirceanta, na sochair iarfhostaíochta, na sochair fhadtéarmacha eile agus na hidirbhearta íocaíochta bunaithe ar scaireanna le linn na bliana (2016: €nílas).

Níl luach na sochar scoir a saothraíodh sa tréimhse san áireamh thuas.

10.4 An Príomhfheidhmeannach

Is é seo a leanas pacáiste íocaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh:

	2017	2016
	€'000	€'000
Buntuarastal – A. Graham	103	101
Liúntais	67	66
	170	167

Is ball de scéim pinsin seirbhíse poiblí í an Príomhfheidhmeannach agus faigheann sí na teidlíochtaí caighdeánacha; ní ball de scéim pinsin an ÚNI í.

Níl luach na sochar scoir a saothraíodh sa tréimhse san áireamh thuas.

Íocadh táill iasachta €25,000 le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le linn na bliana (2016: €25,000) a bhaineann le hiasacht an Phríomhfheidhmeannaigh.

10.5 Briseadh síos sochair ghearrthéarma fostaithe agus iasachtaithe earnála poiblí

Tá sochair ghearrthéarmacha ar mó ná €60,000 iad rangaithe de réir na mbandaí seo a leanas:

Réimse		An líon pearsanra	
Ó	Go	2017	2016
€60,000	€69,999	24	21
€70,000	€79,999	12	11
€80,000	€89,999	6	11
€90,000	€99,999	10	4
€100,000	€109,999	2	1
€110,000	€119,999	1	1
€120,000	€129,999	-	3
€130,000	€139,999	3	-
€170,000	€179,999	1	1

Tugtar ar aird: Chun críocha an nochtaithe seo, tá tuarastail, ragobair, liúntais agus íocaíochtaí eile déanta ar son an fhostaí san áireamh i sochair ghearrthéarma fostaithe maidir le seirbhísí tugtha le linn na tréimhse tuairiscithe, ach níl ÁSPC an fhostóra san áireamh.

11. Costais chóiríochta oifige

	2017	2016
	€'000	€'000
Cóiríocht	660	578
Deisiúcháin agus cothabháil	152	31
Glantóireacht	108	90
Soilsiú agus teas	70	62
	990	761
Leithdháilte ar:		
Riarachán lárnach	517	526
Ceadúnú	108	-
An clár infheistíochta caipitil	190	118
Cártaí Leap	65	90
An Oibleagáid Seirbhíse Poiblí	43	-
An Clár Iompair Thuaithe	37	27
Córais eolas taistil	30	-
	990	761

Tá leithdháileadh costais chóiríochta oifige aonaid ghnó an Údaráis bunaithe ar an bpearsanra atá ag obair go díreach do na haonaid ghnó sin mar chéatadán de phearsanra uile an Údaráis.

12. Costais riaracháin eile

	2017	2016
	€'000	€'000
Caiteachas TFC	1,483	1,317
Seirbhísí Gairmiúla	1,013	472
Dímheas	730	556
Fógraíocht agus poiblíocht	572	730
Táillí iniúchóireachta inmheánaí	146	139
Dlíthiúil agus dlíthíocht	136	75
Costais ghinearálta	133	95
Gutháin agus an t-idirlíon	110	112
Clódóireacht, postas agus stáiseanóireacht	103	138
Taisteal agus cothabháil	101	99
Árachas	84	73
Táillí bainc	67	61
Táillí iniúchóireachta seachtraí	53	41
Leabharlanna agus síntiúis	34	47
Costais cruinnithe *	21	15
Caillteanas ar shócmhainní seasta a dhiúscairt	-	1
	4,786	3,971

	2017	2016
	€'000	€'000
Leithdháilte ar:		
Riarachán lárnach	2,304	2,386
Cártaí Leap	1,308	1,201
Ceadúnú	315	-
Clár infheistíochta caipitil	545	313
An Oibleagáid Seirbhíse Poiblí	122	-
An Clár Iompair Thuaithe	106	71
Córais eolas taistil	86	-
	4,786	3,971

* Tabhaíodh €1,070 (2016: €490), a baineadh de chostais cruinnithe, maidir leis an gcostas le cruinniú Boird a reáchtáil.

Tá leithdháileadh costais riaracháin eile ar aonaid ghnó de chuid an Údaráis bunaithe ar an bpearsanra a bhíonn ag obair go díreach do na haonaid ghnó sin mar chéatadán de phearsanra uile an Údaráis.

13. Costais sochair scoir

Tá soláthar déanta thíos maidir le hanailís ar chostais iomlána na sochar scoir bainte den Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe:

	2017	2016
	€'000	€'000
<i>Scéim pinsin le sochair shainithe – Scéim an ÚNI</i>		
Costais reatha seirbhíse	1,503	1,092
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin	424	452
	1,927	1,544
<i>An scéim ranníocaíochtaí sainithe – an Scéim GFI</i>		
Ranníocaíochtaí an fhostóra	19	-
	1,946	1,544

14. Cur síos ginearálta ar an scéim sochair shainithe agus boinn tuisceana achtúireacha

Is scéim pinsin seirbhíse poiblí le sochair shainithe í seo agus tá teidlíochtaí caighdeánacha ag dul léi. De réir na rialachán um scéimeanna seirbhíse poiblí, cuirtear pinsean ar fáil tríd an scéim a ríomhtar de réir ráta arb ionann é agus aon ochtódú den tuarastal scoir le haghaidh gach bliana de sheirbhís inphinsin ag an dáta scoir. Íoctar aisce nó cnaphuim (arb ionann é agus trí ochtódú as gach bliain seirbhís inphinsin) agus tá pinsean céile and pinsean leanaí ann freisin.

Tá an luacháil le haghaidh nochtuithe FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach déanta ag achtúire cáilithe neamhspleách i mí Feabhra 2018 agus glactar san áireamh ann riachtanais FRS 102 chun dliteanais na scéime amhail 31 Nollaig 2017 a mheasúnú.

Is iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha amhail 31 Nollaig:

	2017 ¹	2016 ²
Ráta lascaine	1.95% p.a.	1.85% p.a.
Méaduithe ionchais ar thuarastail inphinsin sa todhchaí	2.91% p.a.	2.80% p.a.
Méaduithe ionchais ar phinsin sa todhchaí	2.41% p.a.	2.30% p.a.
Méaduithe ionchais ar an bpinsean stáit	1.91% p.a.	1.80% p.a.
Méadú ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí	1.91% p.a.	1.80% p.a.

1 Tá rátaí 2017 in úsáid mar an bunús leis an Oibleagáid Sochair larchurtha amhail an 31 Nollaig 2017, costais reatha seirbhíse agus an t-ús ar dhliteanais na scéime pinsin in 2018 a ríomh.

2 Tá rátaí 2016 in úsáid mar an bunús leis an Oibleagáid Sochair larchurtha amhail an 31 Nollaig 2016, costais reatha seirbhíse agus an t-ús ar dhliteanais na scéime pinsin in 2017 a ríomh.

San áireamh sa ráta mortlaíochta tá feabhsuithe ar ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil tráth an scoir ag brath ar an mbliain ina mbainfidh an ball aois scoir amach. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil i gcás ball a shlánóidh 65 bliain in 2017 agus in 2037:

An bhliain a shlánófar 65 bliain	2017	2037
Ionchas saoil – fireann	21.2	23.7
Ionchas saoil – baineann	23.7	25.8

14.1 Gluaiseacht sa ghlanobleagáid um shochair scoir sa bhliain airgeadais

	2017	2016
	€'000	€'000
An ghlanobleagáid um shochair scoir amhail an 1 Eanáir	(23,135)	(17,815)
Costais reatha seirbhíse	(1,503)	(1,092)
Costais úis	(424)	(452)
Pinsin íoctha sa bhliain	211	205
Atomhas na glanobleagáide um shochair shainithe (caillteanas achtúireach)	(6,059)	(3,981)
An ghlanobleagáid um shochair scoir amhail an 31 Nollaig	(30,910)	(23,135)

Is mar gheall ar na nithe seo a leanas a bhí caillteanas achtúireach €6.1m ann (2016: €4.0m): cúigear ball foirne a raibh dliteanais shuntasacha charntha acu as seirbhís san am a chuaigh thart sula ndeachaigh siad isteach san Údarás (€4.5m), athruithe san eispéireas tuarastail (€1.1m) agus athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha (€0.5m).

14.2 Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Aithníonn an Bord méideanna atá ag dul dó ón Stát as an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe a bhaineann le sochair shainithe le haghaidh pinsean bunaithe ar na boinn tuisceana i nóta 14 thuas agus ar roinnt imeachtaí a thit amach san am a chuaigh thart. Áirítear leis na himeachtaí sin an bonn reachtúil maidir leis an scéim pinsin a bhunú agus an polasaí agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán san áireamh. Níl fianaise ar bith ag an mBord a thabharfadh le fios nach mbeidh na suimeanna seo á gcomhlíonadh de réir an chleachtais reatha bunaithe ar an bpolasaí maoinithe seo.

Is é seo a leanas an glanmaoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir atá aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe:

	2017	2016
	€'000	€'000
Maoiniú infhála maidir le costais sochair scoir sa bhliain reatha	1,927	1,544
An deontas stáit a cuireadh i bhfeidhm le sochair scoir a íoc	(211)	(205)
	1,716	1,339

14.3 Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2017	2016	2015	2014	2013
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Oibleagáidí sochair shainithe	30,910	23,135	17,815	15,474	12,332
Caillteanas achtúireach as oibleagáidí sochair shainithe	6,059	3,981	1,367	2,178	5,306
Mar chéatadán de na dliteanais scéime	19.6%	17.2%	7.7%	14.1%	43.0%

15. Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí córais iompair	Total
	€'000	€'000
Costas		
Amhail 1 Eanáir 2017	66,378	66,378
Breiseanna sa bhliain	4,835	4,835
Leasuithe sa bhliain	(560)	(560)
Amhail 31 Nollaig 2017	70,653	70,653
Amúchadh		
Amhail 1 Eanáir 2017	36,256	36,256
Muirear don bhliain	6,779	6,779
Leasuithe	(160)	(160)
Amhail 31 Nollaig 2017	42,875	42,875
Glanluachanna ar na leabhair		
Amhail 31 Nollaig 2017	27,778	27,778
Amhail 1 Eanáir 2017	30,122	30,122

Leasuithe sa bhliain / Muirear as leasuithe

De réir an pholasáí gan míreanna a bhfuil luach níos lú ná €1,000 leo a chaipitliú, tá gach mír a bhfuil costas níos lú ná €1,000 léi bainte de chlár na sócmhainní seasta agus luaite ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe.

15.1 Sócmhainní doláimhsithe

Maidir leis an mbliain roimhe sin:

	Bogearraí córais iompair	Iomlán
	€'000	€'000
Costas		
Amhail 1 Eanáir 2016	62,370	62,370
Breiseanna sa bhliain	4,008	4,008
Diúscairtí sa bhliain	-	-
Amhail 31 Nollaig 2016	66,378	66,378
Amúchadh		
Amhail 1 Eanáir 2016	29,929	29,929
Muirear don bhliain	6,327	6,327
Diúscairtí	-	-
Amhail 31 Nollaig 2016	36,256	36,256
Glanluachanna ar na leabhair		
Amhail 31 Nollaig 2016	30,122	30,122
Amhail 1 Eanáir 2016	32,441	32,441

16. Réadmhaoin, fearais agus trealamh

	Feithiclí bóthair do phaisinéirí	Feab- hsúcháin ar réad- mhaoin léasach	Trealamh oifige	Bonneagar iompair	Bogearraí córais iompair	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas						
Amhail 1 Eanáir 2017	-	644	2,188	4,760	3,713	11,305
Breiseanna sa bhliain	32,366	1,107	339	489	1,623	35,924
Diúscairtí sa bhliain	-	-	(32)	-	-	(32)
Leasuithe sa bhliain	-	-	-	-	(58)	(58)
Amhail 31 Nollaig 2017	32,366	1,751	2,495	5,249	5,278	47,139
Dímheas						
Amhail 1 Eanáir 2017	-	373	1,456	2,732	2,605	7,166
Muirear don bhliain	2,697	32	451	1,033	962	5,175
Diúscairtí	-	-	(32)	-	-	(32)
Leasuithe	-	-	-	-	(33)	(33)
Amhail 31 Nollaig 2017	2,697	405	1,875	3,765	3,534	12,276
Glanluachanna ar na leabhair						
Amhail 31 Nollaig 2017	29,669	1,346	620	1,484	1,744	34,863
Amhail 1 Eanáir 2017	-	271	732	2,028	1,108	4,139

In 2017, thosaigh an tÚdarás ag ceannach busanna go díreach, sa chéad bhliain de chlár chun flít lárnaithe, caighdeánaithe busanna le haghaidh iompar poiblí a chur le chéile.

Leasuithe sa bhliain / Muirear as leasuithe

De réir an pholasaí gan míreanna a bhfuil luach níos lú ná €1,000 leo a chaipitliú, tá gach mír a bhfuil costas níos lú ná €1,000 léi bainte de chlár na sócmhainní seasta agus tá siad luaite sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe.

16.1 Réadmhaoin, fearais agus trealamh

Maidir leis an mbliain roimhe sin:

	Feithiclí bóthair do phaisinéirí	Feab- hsuithe ar réadmhao- in léasach	Trealamh oifige	Bonn- eagar iompair	Bogear- raí córais taistil	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas						
Amhail 1 Eanáir 2016	38	644	1,786	4,700	3,627	10,795
Breiseanna sa bhliain	-	-	429	60	86	575
Diúscairtí sa bhliain	(38)	-	(27)	-	-	(65)
Amhail 31 Nollaig 2016	-	644	2,188	4,760	3,713	11,305
Dímheas						
Amhail 1 Eanáir 2016	30	341	1,086	1,780	2,014	5,251
Muirear don bhliain	8	32	396	952	591	1,979
Diúscairtí	(38)	-	(26)	-	-	(64)
Amhail 31 Nollaig 2016	-	373	1,456	2,732	2,605	7,166
Glanluachanna ar na leabhair						
Amhail 31 Nollaig 2016	-	271	732	2,028	1,108	4,139
Amhail 1 Eanáir 2016	8	303	700	2,920	1,613	5,544

17. Míreanna infhála

	2017	2016
	€'000	€'000
Féichiúnaithe trádála	877	389
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	2,590	1,875
Ioncam ó cheadúnú	15	15
Eile	486	15
Scéim na gCártaí Leap	-	(27)
	3,968	2,267

18. Míreanna is iníoctha: méideanna dlite taobh istigh de bhliain amháin

	2017	2016
	€'000	€'000
Creidiúnaithe trádála	658	705
Dlíteanais scéim na gCártaí Leap	18,309	13,529
Fabhruithe agus ioncam iarchurtha	4,208	4,147
CBL	5,001	240
Cáin is iníoctha ar sheirbhísí gairmiúla	577	528
Íoc mar a thuillir/ÁPSC	151	128
Caiteachas caipitil ar scéim na gCártaí Leap	145	692
Ranníocaíochtaí pinsin d'fhostaithe agus tobhaigh atá iníoctha leis an Stát	119	103
Dlíteanas as léas dochraideach (Nóta 22.1)	90	90
Creidiúnaithe eile	35	21
Oibleagáidí maidir leis an dlíteanas as léas airgeadais	-	2
	29,293	20,185

Dlíteanas CBL

San áireamh san iarmhéid CBL ag deireadh 2017 tá €4.9m a bhaineann le CBL ar cheannach Feithiclí Bóthair do Phaisinéirí i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2017, a íocadh ina dhiaidh sin leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí Eanáir 2018.

Socraíocht CBL i dtaca leis an gCárta Leap do Mhic Léinn

San áireamh san iarmhéid CBL ag deireadh 2016 tá €0.1m a bhaineann le leasú teicniúil, de réir mar a chomhairligh na Coimisinéirí Ioncaim i mí Feabhra 2017. Chuaigh sé seo i ngleic leis an éiginneacht a bhain leis an socraíocht cheart CBL i dtaca leis an muirear €12 a ghearrtar ar mhic léinn nuair a cheannaíonn siad Cárta Leap do Mhic Léinn.

Ranníocaíochtaí pinsin ag fostaíthe agus tobhaigh atá iníoctha leis an Stát

San áireamh san fhigiúr seo tá €57,751 (2016: €20,941) in asbhaintí a bhaineann le pinsin atá le híoc ag deireadh na bliana. Tá €243,837 (2016: €215,151) asbhainte ó fhostaithe agus íoctha maidir le hasbhaintí a bhaineann le pinsin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017.

Dlíteanais scéim na gCártaí Leap

Is ionann dlíteanais scéim na gCártaí Leap agus taiscí cárta agus creidmheas taistil gan úsáid ar chuntais shealbhóirí na gCártaí.

19. Míreanna is iníoctha: méideanna is dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin

	2017	2016
	€'000	€'000
An dlíteanas as léas dochraideach (Nóta 22.1)	480	570
	480	570

20. An cuntas caipitil

	2017	2016
	€'000	€'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	34,258	37,971
Aistriú (go dtí)/ón Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas:		
Ioncam leithdháilte chun críocha caipitil	40,759	4,583
Caipitliú na híocaíochta léasa	3	10
Léasú sócmhainní seasta	(425)	-
Amúchadh de réir dímheasa	(5,175)	(1,979)
Amúchadh de réir amúchta	(6,779)	(6,327)
Gluaiseacht sa bhliain	28,383	(3,713)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	62,641	34,258

21. Cánachas

Íoctar gach cáin ábhartha de réir mar a bhíonn sí dlite. Déanann an tÚdarás de réir aon treorach a fhaigheann sé ó Ranna Rialtais.

22. Léasanna oibríochta

Bíonn an tÚdarás ag feidhmiú mar léasaí agus mar léasóir, de réir mar atá leagtha amach thíos.

Soláthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí cóiríocht oifige don Údarás in Dun Sceine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Níl aon léas foirmiúil i bhfeidhm. D'íoc an tÚdarás €0.5m in 2017 maidir leis an gcóiríocht oifige seo.

22.1 Léasanna oibríochta – oibleagáidí cíosa

Tá léas ar chóiríocht oifige ag an Údarás in 72 Sráid Charlemont, Baile Átha Cliath 2. Tiocfaidh deireadh le tréimhse an léasa i mí Aibreáin 2025 agus €85,000 per annum an muirear bliantúil don léas.

Tá coimítmintí ag an Údarás maidir le léas a fuair an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe (CRT) maidir le cóiríocht oifige in 35 Cearnóg Fitzwilliam. I mí Aibreáin 2006, shann tríú páirtí léas don CRT. Tiocfaidh deireadh le téarma 25 bliain an léasa ar an 27 Aibreán 2024. Níl aon rogha ann an léas a thabhairt suas. €170,000 an cíosa bhíonn le híoc in aghaidh na bliana agus bíonn athbhreithniú cíosa ann gach cúigiú bliain. Chun socruithe cóiríochta an Údaráis a optamú, athlonnaíodh foireann an CRT i bpríomhoifig an Údaráis agus rinneadh foligeán ar áitreabh an CRT ar cíosa bliantúil €80,000 per annum. Cuireadh soláthar le haghaidh léas dochraideach €749,700 isteach i ráitis airgeadais 2015 an Údaráis maidir leis an difreálach cíosa suas go deireadh téarma an léasa in 2024. Tá an soláthar á leachtú thar a bhfuil fágtha den tréimhse léasa. Amhail an 31 Nollaig 2017, tá an soláthar atá fágtha, €569,700, nochtaithe i nótaí 18 agus 19.

Bhí coimítmintí ag an Údarás maidir le ceadúnas le haghaidh cóiríochta in Aonad 17 ar an mBealach Ibeirneach Ríoga, Sráid Dawson, Baile Átha Cliath 2 le tacú leis an bhfeidhm chumarsáide i dtaca le Luas Traschathrach. Bliain amháin téarma an cheadúnais agus chuaigh sé in éag ar an 31 Deireadh Fómhair, 2017. €45,485 an cíosa bliantúil.

22.2 Léas oibríochta mar léasaí

Réadmhaoín tráchtála

Tá téarma léasa fiche bliain ag baint le réadmhaoín tráchtála (35 Cearnóg Fitzwilliam) agus coinníollacha ann a fhorálann do mhéadú tréimhsiúil ar an muirear cíosa de réir ghnáthdhálaí margaidh. Níl aon rogha sa chomhaontú an léas a fhoircheannadh.

Tá téarma léasa naoi mbliana ag baint le léas na readmhaoine tráchtála (72 Sráid Charlemont) agus forálann sé do mhéadú tréimhsiúil ar an muirear cíosa de réir ghnáthdhálaí margaidh. Níl aon rogha sa chomhaontú an léas a fhoircheannadh.

Mótarfheithicilí

Tá téarma léasa trí bliana ag baint le mótarfheithicilí (trí fheithicil) ar bhonn líne díri thar théarma an léasa.

Is iad seo a leanas na cíosanna íosta a bheidh le híoc sa todhchaí faoi léasanna oibríochta neamh-inchealaithe amhail an 31 Nollaig 2017:

	2017	2016
	€'000	€'000
Taobh istigh de bhliain amháin	276	191
I ndiaidh bliain amháin ach ní níos mó ná cúig bliana	1,032	713
Níos mó ná cúig bliana	446	397
	1,754	1,301

22.3 Léas oibríochta mar léasóir

Tá téarma 11 bhliain ag baint leis an réadmhaoín tráchtála (35 Cearnóg Fitzwilliam) agus áirítear leis foráil leis an léas a fhoircheannadh i ndiaidh na chéad chúig bliana. Is iad seo a leanas na cíosanna íosta a bheidh le fáil sa todhchaí faoi léasanna oibríochta neamh-inchealaithe amhail 31 Nollaig 2017:

	2017	2016
	€'000	€'000
Taobh istigh de bhliain amháin	80	80
I ndiaidh bliain amháin ach ní níos mó ná cúig bliana	320	320
Níos mó ná cúig bliana	107	187
	507	587

23. Coimítmintí caipitil

Bhí coimítmintí caipitil €9.3m (2016: €nil) ag an údarás maidir le feithicilí bóthair do phaisinéirí amhail an 31 Nollaig 2017.

24. Coimítmintí eile

Deontas caipitil – coimítmintí i dtaca le conarthaí

Tá coimítmintí conartha ag an Údarás le hÚdaráis Áitiúla agus gníomhaireachtaí seachadta chun maoiniú a chur ar fáil dóibh le haghaidh tionscadail éagsúla. Amhail 31 Nollaig 2017, tá €102.8m (2016: €97.2m) go fóill le tarraingt anuas maidir le tionscadail atá faofa. Tá na sonraí sa tábla seo a leanas:

	2017	2016
	€'000	€'000
Bonneagar Iompair Éireann	69,003	66,476
Cathracha sna réigiúin / Maoiniú caipitil inrochtaineachta	10,481	3,204
Bus Éireann	7,050	13,894
Iarnród Éireann	5,508	4,222
Bainistiú tráchta agus tionscadail eile	5,242	4,542
Bus Átha Cliath	3,474	835
Scéim na gCártaí Leap	2,059	4,027
	102,817	97,200

24.1 Tionscadail aonair a bhfuiltear ag súil go mbeidh an caiteachas iomlán níos mó ná €6.35m ina leith

An Tionscadal	Caiteachas carnach suas go 31/12/2016 (blianta roimhe seo) €'000	Caiteachas in 2017 (an bhliain reatha) €'000	Coimítmint déanta ina leith: blianta ina dhiaidh seo €'000	Gan coimítmint a bheith déanta ina leith: blianta ina dhiaidh seo €'000	An t-iomlán ion-chasach faoi choinne tionscadal in 2017 €'000	An t-iomlán ion-chasach faoi choinne tionscadal in 2016 €'000
Bonneagar Iompair Éireann						
Luas Traschathrach*	222,100	116,319	17,556	12,025	368,000	368,000
Uasghrádú bonneagair ar an Líne Ghlas Luas	237	6,277	1,130	3,916	11,560	11,560
Feabhsú ar acmhainneacht na Líne Glaise Luas	3,459	3,125	33,574	48,742	88,900	88,900
Athchóiriú tramanna	-	2,894	8,873	965	12,732	-
Páirceáil agus taisteal Charraig Mhaighin	-	-	7,258	642	7,900	-
Bus Éireann						
Busanna	1,549	13,040	7,447	416	22,452	15,770
An t-iomlán maidir le tionscadail ina bhfuil an caiteachas < €6.35m			75,838			
Coimítmintí conartha maidir le tionscadail eile < €6.35m			26,979			
Coimítmintí iomlána conartha			102,817			

*Is meascán na méideanna seo de mhaoiniú deontais ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus cistí na n-eagras féin, cistí a bhíonn curtha ar fáil ag Bonneagar Iompair Éireann.

25. Dlíteanais theagmhasacha

Tá an tÚdarás páirteach i líon beag cásanna dlíthiúla agus níltear cinnte cén toradh a bheidh orthu. Mar gheall ar an éiginnteacht seo, níl costais ionchais sa todhchaí maidir leis na cásanna seo luaite.

26. Tionscadail riartha ar son forais eile

Bíonn an maoiniú a chuireann an RITS ar fáil le haghaidh tionscadail inrochtaineachta, infheistíocht in iompar inbhuanaithe i gcathracha sna réigiúin, clár na scoileanna glasa agus an Chlár Iompair Thuaithe á riar ag an Údarás ar son na Roinne.

27. Nochtuithe páirtithe gaolmhara

Tá gnáthaimh glactha ag Bord an Údaráis de réir na dtreoirínte eisithe faoin gCód Cleachtais maidir le Rialú Forais Stáit a bhaineann le nochtú leasa ag comhaltaí Boird. Déanadh de réir na ngnáthamh sin i mbliana. Ní raibh aon idirbheart ann i mbliana a bhain le gníomhaíochtaí an Bhoird a raibh leas le baint ag aon Chomhalta Boird astu.

28. Figiúirí comparáide

Tá athrangú déanta ar mhéideanna áirithe ó bhlianta roimhe seo ar mhaithe le leanúnachas sa chur i láthair don bhliain reatha. Ní raibh aon tionchar ag na hathranguithe sin ar na torthaí a tuairiscíodh i dtaca le hoibríochtaí. Tá sonraí an athrangaithe le fáil thíos:

- I ráitis airgeadais sna blianta roimhe seo, rangaíodh na sócmhainní seasta uile mar réadmhaoín, fearais agus trealamh. I ndiaidh go ndearnadh athbhreithniú ar na ráitis airgeadais, rinneadh cinneadh na bogearraí TFC a athrangú mar shócmhainní doláimhsithe. Tá athrangú na mbogearraí TFC mar shócmhainní seasta doláimhsithe níos fóirsteanáí mar chur i láthair mar gheall ar nádúr na sócmhainní. €30.1m luach na sócmhainní seasta athrangaithe in in 2017 (2016: €32.4m). Níl aon tionchar ag an athrangú ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe; níl i gceist leis ach athrangú idir réadmhaoín, fearais agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe sa Ráiteas ar an Riocht Airgeadais. Tá sonraí le fháil thíos ar na sócmhainní atá athrangaithe mar bhogearraí córais iompair:
 - Bogearraí córais iompair – áirítear leo bogearraí do scéim na gCártaí Leap (Glanluach de réir na leabhar 2017: €26.5m) agus don samhaltú tráchta (Glanluach de réir na leabhar 2017: €0.6m).
- Rinneadh athbhreithniú ar shócmhainní seasta chun bonn leanúnach a sholáthar maidir le cur i láthair réadmhaoine, fearas agus trealamh. Tá an réadmhaoín, na fearais agus an trealamh uile rangaithe anois againn bunaithe ar nádúr na sócmhainní seachas mar mheascán de chatagóirí sócmhainní, cuid acu bunaithe ar nádúr na sócmhainní agus cuid acu grúpáilte de réir aonad gnó. Tá sonraí na gcatagóirí nua le fáil thíos:
 - Feithiclí bóthair do phaisinéirí – tá mótarfheithiclí san áireamh ann (Glanluach de réir na leabhar 2017: €29.7m);
 - Feabhsuithe ar réadmhaoín léasach – athrú ar bith;
 - Trealamh oifige – tá troscán agus feistis san áireamh ann (Glanluach de réir na leabhar 2017: €0.02m), mar aon le trealamh ríomhaireachta (Glanluach de réir na leabhar 2017: €0.65m);

- Bonneagar iompair – tá an scéim rothar sna réigiúin (Glanluach de réir na leabhar 2017: €1.1m) agus scáthlái bus (Glanluach de réir na leabhar 2017: €0.04m) san áireamh ann; agus
 - Bogearraí córais iompair – tá scéim na gCártaí Leap (Glanluach de réir na leabhar 2017: €0.6m) san áireamh ann, mar aon le trealamh bainistiú tráchta (Glanluach de réir na leabhar 2017: €nil) agus trealamh uathoibrithe suíomh feithicilí agus ticéadaithe (Glanluach de réir na leabhar 2017 €0.7m).
- Chun an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid a chur i láthair ar dhóigh níos fóirsteanáí, tá aisíoc oibleagáidí léasanna airgeadais (2016: €0.01m) bainte de mhíreanna is iníoctha in “glansreabhadh airgid as gníomhaíochtaí oibríochta” agus léirítear é amach ón gcuid eile in “sreabhadh airgid as gníomhaíochtaí airgeadaithe”.

29. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D’fhaomh an tÚdarás na ráitis airgeadais ar an 15 Meitheamh 2018.

